Gníomhú Aeráide
COMHAIRLE CONTAE LAOISE

I bpáirt leis an bpobal

# Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Laoise 2024-2029



Gníomhú Aeráide
COMHAIRLE CONTAE LAOISE

I bpáirt leis an bpobal

# Clár Ábhar

Leathanach

**Réamhfhocal** ii

**1 Achoimhre Fheidhmeach** 1

**2 Réamhrá** 3

2.1 Riachtanas le Plean Gníomhaithe Aeráide 4

**3 Beartas agus Comhthéacs** 7

3.1 Pleananna Gníomhaithe Aeráide i gComhthéacs 8
3.2 Beartas Athraithe Aeráide Idirnáisiúnta 8
3.3 Beartais Athraithe Aeráide in Éirinn 9
3.4 Pleanáil Ghníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil 10

**4 Bonn Fianaise** 11

4.1 Pleanáil Aeráide bunaithe ar fhianaise 12
4.2 Comhairliúcháin Phoiblí 12
4.3 Measúnú Riosca Athraithe Aeráide 13
4.4 Astaíochtaí Bonnlíne 15

**5 Creat Gníomhaíochtaí Aeráide** 17

5.1 Réamhrá 18
5.2 Creat Gníomhaíochtaí 19
5.3 Spriocanna Straitéiseacha 20
5.4 Prionsabail an Rialachais Comhshaoil 23
5.5 Forbairt Gníomhaíochtaí 25
5.6 Gníomhaíochtaí Aeráide sa Phlean 26

**6 Crios Dícharbónaithe** 47

6.1 Comhthéacs an Chreasa Dhícharbónaithe (CD) 48
6.2 Cuspóir an Chreasa Dhícharbónaithe 49
6.3 Roghnú an Chreasa Dhícharbónaithe 50
6.4 Tréithe Phort Laoise a thacaíonn lena ainmniú mar Chrios Dícharbónaithe 51
6.5 Achoimre ar a bhfuil bainte amach ag Baile Ísealcharbóin Phort Laoise 54
6.6 Fairdeal Bonnlíne Astaíochtaí an Chreasa Dhícharbónaithe 57
6.7 Comhairliúchán le mórpháirtithe leasmhara faoi CD 60
6.8 Ráiteas Físe do Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise 61
6.9 Clár Deiseanna 62
6.10 Plean Feidhme an Chreasa Dhícharbónaithe 63
6.11 Feidhmiú an Chreasa Dhícharbónaithe 74

**7 Pleanáil don chur i bhfeidhm** 81


7.1 Cistiú agus Páirtíochtaí 83
7.2 Dul chun cinn a rianú le Táscairí Feidhmíochta 83
7.3 Riachtanais Tuairiscithe agus Socruithe 84

# Réamhrá

**Mar fhreagairt ar an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a thugann sainordú do gach údarás áitiúil plean gníomhaíochta ar son na haeráide a réiteach agus a chur i bhfeidhm, tá an Plean Gníomhaíochtaí ar son na hAeráide seo réitithe ag Comhairle Contae Laoise.**







**Paschal McEvoy**
Cathaoirleach



**John Mulholland**
**Príomhfheidhmeannach**

Leagtar béim sa reachtaíocht seo ar an ngá le gníomhú láidir ar son na haeráide, agus béim faoi leith ar 51% de laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.

Tá de chuspóir againne bheith ar thús cadhnaíochta, ag laghdú astaíochtaí, ag glacadh le hoiriúnúchán athraithe aeráide agus sinn ag obair i dtreo todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe do Laois. Táimid lándáiríre faoin ngealltanas seo agsu tuigimid chomh tábhachtach agus atá sé maidir le déileáil leis na saincheisteanna práinneacha a bhaineann leis an athrú aeráide.

Ach na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024-2029 seo a chur i bhfeidhm, cabhrófar le Laois bearta gníomhaithe aeráide a neadú ar fud sheirbhísí an údaráis áitiúil, agus beidh spriocanna réalaíocha inchreidte agus amscálaí don seachadadh ann.

Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Contae Laoise maidir lena cuid a dhéanamh i dtreo na gcuspóirí náisiúnta don laghdú astaíochtaí san earnáil phoiblíl. Iarraimid ar ár bpobal, ár gcomhpháirtithe, ár bpáirtithe leasmhara bheith linn ar an aistear seo, atá breactha sa phlean cuimsitheach seo. Comhiarracht uainn uile, faoi threoir ag fís chomhroinnte, a chuirfidh cúrsaí chun cinn. Déanfaimid todhchaí níos gile inbhuanaithe do Laois le chéile – muid go léir ag maireachtáil, ag obair agus ag teacht faoi bhláth i gcomhréir lenár dtimpeallacht.

Agus sinn ag tosú ar an aistear claochlaitheach seo, táimid daingean i gcónaí maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh, tacú le tithe, le pobail, agus le gnólachtaí maidir le teacht trí na dúshláin a thiocfaidh le tionchar an athraithe aeráide. Beidh an plean seo mar threochlár againn, a leagfaidh amach go cruinn na céimeanna praiticiúla a bheidh ann go mbainfimid amach ár gcuspóirí don ghníomhú ar son na haeráide.

Le dúthracht agus d'aon ghuth, mar sin, atáimid ag breathnú chun cinn go dearfach, agus muinín againn go mbeidh fíordhifear ann i ngeall ar a ndéanfaimid. Samhlaímid todhchaí athléimneach inbhuanaithe rachmasach don uile dhuine a mhaireann i Laoise. Ní neart go cur le chéile.



# Achoimre fheidhmeach 1



Droim na Ceapaí Airde, Ros Fhionnghlaise

# 1 Achoimre fheidhmeach

**Tá an tAthrú Aeráide ar an tsaincheist is mó atá ann lenár linn. Táthar tar éis an Rialtas Áitiúil a aithint mar ghníomhaí tábhachtach chun ceannas a thabhairt don ghníomhú aeráide ag leibhéal áitiúil pobalbhunaithe chun tabhairt faoi na dúshláin shóisialta, eacnamúla agus timpeallachta a bheidh os comhair na bpobal. Tá sainordú tugtha d'Údaráis Áitiúla Pleananna Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil (PGAUA) a réiteach agus a chur i bhfeidhm.**

Neartóidh PGAUA na naisc idir na beartais aeráide áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beidh na pleananna ag iarraidh a chinntiú go ndéanfar seachadadh éifeachtach ar ghníomhú aeráide ag leibhéal áitiúil agus pobal le cur chuige bunaithe ar an áit agus ar fhianaise. Is pleananna reachtúla cúig bliana iad PGAUA agus beidh bearta maolaithe agus oiriúnaithe iontu a chuireann conair ar fáil, faoi dheireadh, a fhad le sochaí atá dícharbónaithe. Táthar tar éis Port Laoise a roghnú don Chrios Dícharbónaithe i gContae Laoise, rud a thógann ar an obair atá déanta ag Tionscadal Baile Ísealcharbóin Phort Laoise.

Le linn don Phlean seo bheith á réiteach, chuathas i gcomhairle le gach rannóg de chuid Chomhairle Contae Laoise agus bhí siad go léir gafa le múnla a thabhairt do na gníomhaíochtaí riachtanacha. Rinneadh comhairliúchán poiblí le próiseas duine ar dhuine agus suirbhéanna ar líne i gcomhar le comhairliúcháin don Plean Áitiúil Eacnamúil agus Pobail (LECP) agus don Straitéis Forbartha Áitiúil (LDS).

Rinneadh measúnuithe riosca athraithe aeráide meastacháin bonnlíne don mhaolú do Chomhairle Contae Laoise, agus baile Phort Laoise atá ainmnithe mar Chrios Dícharbónaithe.

**Tugtar sa phlean seo Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil Chomhairle Chontae Laoise 2024-2029. Go hachomair, is é atá sa phlean seacht gcaibidil agus Aguisíní seo:**

**Gníomhú Aeráide bunaithe ar Fhianaise:**
Tugtar achoimre i Roinn 4 ar an mbonn fianaise a úsáidtear chun eolas a dhéanamh do ghníomhaíochtaí athraithe aeráide i gceantar dlínse Chomhairle Contae Laoise, lena n-áirítear rioscaí athraithe aeráide agus próifíl bonnlíne astaíochtaí.

**Creat Gníomhaíochtaí Aeráide:**
Leagtar amach i Roinn 5 creat an phlean do ghníomhaíochtaí aeráide lena n-áirítear an Fhís, an Misean, Spriocanna Straitéiseacha, Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí.

**Crios Dícharbónaithe Phort Laoise:**
Díríonn Roinn 6 ar bhaile Phort Laoise mar Chrios Dícharbónaithe (CD) lena n-áirítear an Fhís don Cheantar Spásúil, na Ceantar Tosaíochta Straitéiseacha agus na Gníomhaíochtaí.

**Feidhmiú agus Tuairisciú:**
Leagtar amach i Roinn 7 cur chuige na Comhairle maidir leis na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm agus tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn.

# Réamhrá 2



Caisleán Lé, Cúil an tSúdaire

# 2 Réamhrá

## 2.1 Riachtanas le Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide

**Meastar gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is tábhachtaí agus is fadtéarmaí lenár linn. Tá aeráid na hÉireann ag athrú de réir na dtreochlaontaí domhanda agus beidh tionchar na n-athruithe seo le brath ar gach pobal, ar gach córas daonna agus nadúrtha, agus beidh costas breise dá réir ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí.**


De réir na bhfíseanna Idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le todhchaí athléimneach ó thaobh carbóin de a thabhairt ann, tá gealltanas tugtha ag Éirinn aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide faoi 2050. Tá an gealltanas seo tugtha i gCuspóir Aeráide Náisiúnta an Rialtais mar sonraíodh san Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2015, a leasaíodh san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Táthar tar éis an Rialtas Áitiúil a aithint mar ghníomhaí tábhachtach chun ceannas a thabhairt don ghníomhú aeráide ag leibhéal áitiúil pobalbhunaithe. Tá na húdaráis áitiúla ar thús cadhnaíochta maidir leis an ngníomhú aeráide in Éirinn. Tá ról tábhachtach acu maidir le bearta oiriúnaithe agus maolaithe a sheachadadh ag leibhéal áitiúil pobalbhunaithe. Iad atá freagrach as bheith ag obair lena bhfeidhmeana rialála agus straitéiseacha chun beart a dhéanamh i dtaca leis na spriocanna agus beartais uaillmhianacha náisiúnta ag leibhéal áitiúil, rud a chabhróidh le seachadadh a dhéanamh ar an gcuspóir náisiúnta aeráide.

> **D'ullmhaigh Comhairle Contae Laoise Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029, chun ceantar ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh den Chontae, trí dhea-chleachtas i ngníomhú ar son na haeráide a sheachadadh agus a chur chun cinn, ag an leibhéal áitiúil. Tá sé sin ag teacht le Cuspóir Aeráide Náisiúnta foriomlán an Rialtais, a fhéachann leis an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach.**



**Fíor 2.1: Athrú Aeráide agus Maolú Aeráide**




**Foinse:** Oifig Réigiúnach Gníomhaithe Aeráide an Oirthir agus Láir Tíre

Tugann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, mar a leasaíodh, de shainordú ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a réiteach agus a fhoilsiú, a bhfuil bearta idir mhaolaithe agus oiriúnaithe ann (Fíor 2.1).

- **Déanann Maolú Athraithe Aeráide** laghdú nó díothú ar ghiniúint na ngás ceaptha teasa dochracha, agus is féidir sin a bhaint amach ach athruithe a chur i bhfeidhm ar iompar, thomhaltas, táirgeadh, déantúsaíocht agus úsáid talún, i measc rudaí eile.
- **Baineann Oiriúnú Athraithe Aeráide** le dul i ngleic le himpleachtaí an athraithe aeráide, le bearta praiticiúla a dhéanfaidh bainistiú ar rioscaí, a choinneoidh pobail slán, agus a chuirfidh le hathléimneacht an gheilleagair (e.g. oibreacha laghdaithe tuilte).

Nuair a bhíothas i mbun an Plean Gníomhaithe Aeráide seo a cheapadh, rinne Comhairle Contae Phort Laoise breithniú faoin reachtaíocht agus bheartas aeráide ábhartha. Rinneadh measúnuithe riosca athraithe aeráide agus meastacháin bonnlíne don mhaolú don Chontae, do Chomhairle Contae Laoise agus Baile Phort Laoise atá ainmnithe mar Chrios Dícharbónaithe. Beidh feidhm ag an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo go ceann tréimhse cúig bliana ón dáta dar faomhadh é ag baill Chomhairle Contae Laoise.

D'eisigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide treoirlínte reachtúla a chabhróidh le húdaráis áitiúla agus iad ag réiteach a bPleananna Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil.

**Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide conair shoiléir do Chomhairle Contae Laoise chun:**

Cur leis an athléimneacht aeráide, leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud shócmhainní, sheirbhísí agus bhonneagar na Comhairle, chun spriocanna 51% de laghdú astaíochtaí agus 50% éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.

Bheith mar chatalaíoch maidir le tionchar a imirt, aighneacht a dhéanamh, agus éascaíocht a dhéanamh d'earnálacha eile agus iad i mbun a spriocanna aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear an pobal áitiúil.

Crios Dícharbónaithe (CD) a ainmniú laistigh dá dlínse riaracháin. Beidh an ceantar seo mar áit phromhaidh maidir le tionscnaimh mhaolaithe agus oiriúnaithe aeráide, agus bithéagsúlacht bunaithe ar an áit a chur i bhfeidhm. Léireoidh an ceantar seo a indéanta atá gníomhaíochtaí ar leibhéal áite maidir le cuspóirí náisiúnta a bhaint amach. Na cuspóirí náisiúnta ná laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050 (bunaithe ar bhonnlíne 2018).



# Beartas agus Comhthéacs 3



Dealbh Protectour, Port Laoise


# 3 Beartas agus Comhthéacs

## 3.1 Pleananna Gníomhaithe Aeráide i gComhthéacs

**Tagann an ceangal reachtúil ar Chomhairle Contae Laoise Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide ó Alt 14B den Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2015 (mar a leasaíodh).**

Mar sin féin, tá an Plean Gníomhaithe Aeráide suite i gcomhthéacs níos leithne domhanda, Eorpach, agus náisiúnta, mar atá léirithe i bhFíor 3.1.

**Fíor 3.1: Comhthéacs Beartais do Phleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide Údarás Áitiúil**




## 3.2 Beartas Athraithe Aeráide Idirnáisiúnta

**Tá sé aitheanta más fúinn dul i ngleic le hathrú aeráide go mbeidh gá le comhoibriú agus le huaillmhian ar leibhéal idirnáisiúnta.**

Ó bunaíodh **Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aonaithe don Athrú Aeráide (UNFCCC)** in 1994, tá iarracht déanta ag tíortha tógáil ar an gcomhoibriú idirnáisiúnta chun teorainn a chur leis an méadú ar mheánteocht an domhain agus déileáil le tionchar an athraithe aeráide, a thagann de bhun na méaduithe teochta seo.

I ngeall ar na hiarrachtaí seo síníodh Comhaontú Pháras 2015 ag **Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21).** Is conradh idirnáisiúnta faoin athrú aeráide é **Comhaontú Pháras 2015,** a bhfuil ceangal dlí aige, agus é sínithe ag gach uile thír den 196 ball, lena n-áirítear Éire féin, agus tháinig feidhm leis ar an 4 Samhain 2016.

Tá dhá sprioc bhaileacha ag Comhaontú Pháras agus é ag féachaint le gníomhaíocht fhorásach uaillmhianach le himeacht ama, chun an t-athrú aeráide contúirteach a athrú, mar atá:

- Méaduithe meánteochta domhanda a choinneáil go maith faoi 2°C agus iarracht a dhéanamh teorainn 1.5°C a choinneáil ar an méadú teochta os ceann na leibhéal réamhthionsclaíoch.
- Cur leis an acmhainn oiriúnú a dhéanamh i bhfianaise na dtionchar dochrach atá leis an athrú aeráide agus cur leis an athléimneacht aeráide.

Comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil dlúthbhaint aige le **Comhaontú Pháras is ea Clár Oibre 2030** don Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015. Ag croílár an Chláir Oibre tá 17 **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)**. Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo "deireadh a chur leis an bhochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus saol agus ionchais gach duine a fheabhsú, i ngach áit." Tá 169 sprioc sna 17 SFI atá le baint amach faoi 2030. In 2019, d'iarr ceannairí an domhain go ndéanfaí 'deich mbliana ghníomhaíochta' chun na Spriocanna a bhaint amach laistigh den tréimhse ama sin.

I dtreo laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach mar chuid de ghealltanais Chomhaontú Pháras, d'fhógair an Coimisiún Eorpach, i mí na Nollag 2019, an **Comhaontú Glas don Eoraip** arb é is aidhm dó an chéad ilchríoch aeráidneodrach a dhéanamh den Eoraip. Tá sé mar aidhm ag an chomhaontú nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Thug an tAontas sraith tograí isteach chun beartais aeráide, chánachais, fuinnimh agus iompair an AE a ailíniú chun cabhrú leis an aidhm sin a bhaint amach. Tríd an **Dlí Aeráide Eorpach**, d'éirigh na spriocanna sin ceangailteach ó thaobh dlí de, agus cuimsíonn sé fosta laghdú 55% ar a laghad a bhaint amach ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.

## 3.3 Beartas Athraithe Aeráide in Éirinn

**Tá Rialtas na hÉireann, san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ag iarraidh aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach moille ná deireadh 2050, agus ar an gcaoi sin an ceartas aeráide a chur chun cinn, agus aistriú cóir.**

Tá beartas aeráide na hÉireann ag obair chun méadú a dhéanamh ar iarrachtaí ar fud na sochaí agus gníomhaíochtaí uaillmhianacha agus claochlaitheacha aeráide a sheachadadh, le buiséid charbóin fhorásacha ar fud an gheilleagair, uasteorainneacha earnála, tacar straitéisí arna ndearadh chun cumasc a chur chun cinn de bhearta oiriúnúcháin agus maolúcháin ar aon, chomh maith le socruithe láidre maoirseachta agus tuairiscithe.

Mar a gealladh sa Chlár Rialtais, leagtar amach i bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 treochlar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur laghdú faoina leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050.

Tá **Pleananna Maolaithe Aeráide** foilsithe ar fud na ranna Rialtais, mar fhreagairt ar an gCreat Oirúnaithe Náisiúnta. Sainaithníonn gach Plean Oirúnaithe Earnála na rioscaí is mó atá os comhair na hearnála agus an cur chuige i dtaca le tabhairt faoi na rioscaí agus athléimneacht a chruthú don aimsir romhainn. Rinneadh forbairt orthu le próiseas pleanála sé chéim don oiriúnú, a bhfuil cur síos air i dTreoirlínte Pleanála Earnála don Oiriúnú Athraithe Aeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Chomhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tugann na Pleananna Oiriúnaithe Aeráide Earnála aghaidh ar na hearnálacha a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Sheandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Gáis agus Leictreachais, Líonraí Cumarsáide, Bainistiú Riosca Tuilte, Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na Pleananna Gníomhaíochta Aeráide ag iarraidh dúbailt a dhéanamh ar obair sheachtrach na bpleananna aeráide earnála.

# 3.4 Pleanáil Ghníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil

**Tá Plean Gníomhaithe Aeráide Chomhairle Contae Laoise mar chuid d'iarrachtaí fadtéarmacha a dteastaíonn freagairt leanúnach agus phleanáilte uathu chun tacú le fíorú an chuspóra aeráidneodrachta ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail.**

Cuireann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo meicníocht ar fáil chun gníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe araon a thabhairt le chéile chun cabhrú le gníomhú agus torthaí dearfacha ar son na haeráide a chur chun cinn ar fud an údaráis áitiúil agus a limistéir riaracháin. Le creat na ngníomhartha ar son na haeráide a leagtar síos laistigh den phlean, cumraítear socrú na ngníomhartha ar son na haeráide laistigh de struchtúr sainithe a chinntíonn ailíniú idir na gníomhartha ar an talamh agus an fhís ardleibhéil atá an plean ag iarraidh a fhíorú.

Ar an 6 Márta 2023, fuair Comhairle Contae Laoise an t-iarratas ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi Alt 14 B (2) den Acht um Ghníomhú Aeráide agus Fhorbairt Ísealcharbóin 2016 (mar a leasaíodh) i dtaca le Plean Gníomhaithe Aeráide Údaráis Áitiúil a réiteach. Tá an Plean Gníomhaithe Aeráide seo arna réiteach i bhfianaise **Threoirlínte Phleananna Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil,** a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023. Tá tuilleadh den chúlra a bhaineann comhthéacs beartais an phlean gnímh aeráide seo ar fáil in Iarscríbhinn A.

Tá Pleananna agus Straitéisí eile de chuid Chomhairle Contae Laoise a chabhróidh le gníomhaíochtaí aeráide a sheachadadh, mar atá an Plean Forbartha Contae agus an Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta 2021-2026. Níl an Plean Gníomhaithe Aeráide seo ag iarraidh dúbailt a dhéanamh ar an bhfócas atá le cáipéisí dá leithéidí. Mar sin féin, agus le héascaíocht a dhéanamh don tagairt, tá sleachta ar fáil in Iarscríbhinn J ón bPlean Forbartha Contae a dhéanann tagairt do chúrsaí aeráide, agus tá sleachta ón Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta in Iarscríbhinn K.

Nuair a bheifear ag tabhairt feidhme don phlean seo beidh aird mar is cuí ar fhorbairtí i gcáipéisí náisiúnta ardleibhéil (ar nós nuashonruithe ar an bPlean Gníomhaíochta Aeráide Náisiúnta) agus cáipéisí áitiúla den chineál céanna (ar nós Phlean Forbartha an Chontae). Cuirfear pleananna feidhmithe bearta riachtanacha maolaithe san áireamh agus beidh aird acu ar aon chonstaicí agus sochair eile timpeallachta.




Foireann Ghníomhaithe Aeráide Chomhairle Contae Laoise



Comhairle Contae Laoise, Áras an Chontae




An bóthar go Port Laoise

# Bonn Fianaise 4



Baile an Chaisleáin le clapsholas

# 4 Bonn Fianaise

## 4.1 Pleanáil aeráide bunaithe ar fhianaise

**Is lárnach an ghné é an cur chuige fianaisebhunaithe sa phleanáil ghníomhaithe aeráide, a chuireann feabhas ar cháilíocht na cinnteoireachta agus na pleanála.**

Le spreagadh na sonraí agus na fianaise eolaíochta bíonn ar chumas lucht déanta beartais straitéisí láidre éifeachtacha a cheapadh chun tabhairt faoi dhúshláin an athraithe aeráide.

Seo a leanas cuid de na míreanna taighde suntasacha sa phlean seo:

- Próisis chomhairliúcháin (na comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin laistigh den Chomhairle féin)
- Measúnú Riosca Athraithe Aeráide don Chontae
- Fairdeal Astaíochtaí Bonnlíne a thugann sonraí ar fhoinsí reatha na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó Chontae Laoise
- Anailís ar na hastaíochtaí a ghintear de bharr ghníomhaíochtaí Chomhairle Chontae Laoise í féin.

Tá achoimre thíos ar phointí móra na bpróiseas seo. Tá sonraí breise in Iarscríbhinn B agus Iarscríbhinn E.

## 4.2 Comhairliúcháin Phoiblí

**Bhí i gceist sa chomhairliúchán poiblí:**

- Suirbhé ar líne a fuair breis agus 500 freagairt
- Sé cinn de cheardlanna pobail
- Ceardlann fhíorúil amháin
- Teagmhálacha dírithe le páirtithe leasmhara

Tá tuarascáil achomair ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí se in Iarscríbhinní B, C agus D.




Tuilte i Móinteach Mílic i mí na Samhna 2017

# 4.3 Measúnú Riosca Athraithe Aeráide

**Tugann an fhianaise le fios go bhfuil tionchar ag an athrú aeráide domhanda ar an aimsir i gContae Laoise.**

Choimisiúnaigh an Chomhairle Measúnú Riosca Athraithe Aeráide de réir Aguisín Teicniúil B de Threoirlínte Pleanála Gníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil. Tá achoimre ghrafach i bhFíor 4.1 de Maitrís Riosca Aeráide na Todhchaí ón tuarascáil sin.

**Fíor 4.1: Maitrís Riosca Aeráide na Todhchaí**




**Tugann an mhaitrís riosca thuas léiriú físe ar na leibhéil riosca reatha agus amach anseo a bhaineann le guais na haeráide i Laois, agus ciorcail fholmha san Fhíor ag seasamh do rioscaí reatha agus na cinn lána ag seasamh do rioscaí na haimsire romhainn. Tugann na línte briste eolas faoi na hathruithe idir na leibhéil riosca reatha agus amach anseo.**

**Foinse:** KPMG CCRA do Chontae Laoise

## Príomhthorthaí an Mheasúnaithe Riosca Athraithe Aeráide

Sa chaoi go gcuirfear leis an athléimneacht, ní mór do Chomhaire Contae Laoise pleanáil agus oiriúnú réamhghníomhach a dhéanamh i bhfianaise na rioscaí atá sainaitheanta sa tuarascáil seo.

Léiríonn an mhaitrís riosca aeráide i bhFíor 4 fortheilgean ar leibhéil éagsúla riosca a bhaineann le gnéithe faoi leith. Tugann an mhaitrís riosca thuas léiriú físe ar na leibhéil riosca reatha agus amach anseo a bhaineann le gaois na haeráide i Laois, agus ciorcail fholmha san Fhíor ag seasamh do rioscaí reatha agus na cinn lána ag seasamh do rioscaí na haimsire romhainn. Tugann na línte briste eolas faoi na hathruithe idir na leibhéil riosca reatha agus amach anseo.

Tá guaiseanna áirithe ann, ar nós tuilte abhann agus báistí, tonnta teasa agus triomach, a dtiocfaidh méadú orthu, agus tá cinn eile ar nós na stoirmeacha móra gaoithe, a mheastar a fhanfaidh ar a leibhéal reatha riosca. Os a choinne sin, meastar go dtiocfaidh laghdú ar na babhtaí fuara agus an sneachta mór.

### Tréimhsí Fuara agus Sneachta

Bhí babhtaí fuara agus sneachta le gairid, ar nós Stoirm Emma in 2018, a raibh tionchar suntasach acu ar Chontae Laoise, le bóithre dúnta, cur isteach ar an iompar poiblí, briseadh cumhachta agus briseadh ar an soláthar uisce. Tugann reamh-mheastacháin le fios de réir mar a thiocfaidh ardú ar an teocht agus laghdú ar an sneachta, go dtiocfaidh laghdú ar an riosca a bhaineann leis na himeachtaí seo. Mar sin, sa chás go dtarlóidh siad, beidh a dtionchar cosúil leis an tionchar reatha acu.

### Tuilte Abhann agus Báistí

Tharla imeachtaí tuilte abhann agus báistí beagnach gach bliain le gairid (2018, 2020, 2021 agus 2022). Bhí tuilte réadmhaoine ann i ngeall orthu, agus dúnadh gnólachtaí, cur isteach ar iompar poiblí, deacrachtaí séarachais, tuilte ar thalamh feirme, agus damáiste do dhroichid. Tugann réamh-mheastacháin le fios go mbeidh tuilleadh imeachtaí móra báistí agus go mbeidh méadú amach anseo ar thuilte ó uisce dromchla agus abhann amach anseo.

### Tonnta Teasa agus Triomaigh

Meastar go mbainfidh tonnta teasa agus triomaigh níos mó agus níos minice do Chontae Laoise, áit ar braitheadh a dtionchar cheana. I ngeall ar na himeachtaí seo bhí damáiste do bhóithre, cuireadh isteach ar iompar, bhí srianta le soláthar an uisce, agus bhí éileamh méadaithe ar láithreacha fóillíochta. Beidh tionchar ag riosca seo na n-imeachtaí teasa ar phobail leochaileacha.

### Stoirmeacha Móra Gaoithe

Is minic cheana a bhíonn stoirmeacha móra gaoithe i gContae Laoise, a chuireann isteach ar an soláthar fuinnimh agus ar líonraí iompair. Ní léir ó réamh-mheastacháin go mbeidh athrú ar a minicíocht, rud a fhágann gur riosca leanúnach iad.

**Fíor 4.2: Réamh-mheastacháin Aeráide do Chontae Laoise in 2050**

| GUAIS | ATHRÚ RÉAMH-MHEASTA | MINICÍOCHT SA TODHCHAÍ |
|---|---|---|
| Tonnta Teasa | Tugann réamh-mheastacháin le fios go mbeidh **méadú iomlán idir 1.2 agus 1.6°C ar an meánteocht** i gContae Laoise i gcomparáid leis an meánteocht don tréimhse 1981-2000.<br>I gcás ardastaíochtaí, tugann réamh-mheastacháin le fios go mbeidh **tonnta teasa níos minice** ann faoi lár an chéid. | ↑ Minic |
| Triomaigh | Meastar go dtiocfaidh laghdú idir 6 agus 11% ar bháisteach samhraidh amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse bonnlíne, rud a d'fhéadfadh cur le triomach. | ↑ Coitianta |
| Tréimhse Fhuar | Mar thoradh ar an teocht níos airde, meastar go mbeidh laghdú ar an **líon laethanta seaca** faoi lár an chéid, i gcomparáid leis an tréimhse bonnlíne 1981-2000. | ↓ Annamh |
| Sneachta Trom | Meastar go mbeidh laghdú suntasach ar an **sneachta** bliantúil sa réigiún faoi lár an chéid. | ↓ Annamh |
| Stoirmeacha Móra Gaoithe | **Tá leibhéal ard neamchinnteachta ann faoi réamh-mheastacháin na stoirmeacha**. Faoi lár an chéid, tugann na réamh-mheastacháin le fios go mbeidh meanluas na gaoithe cosúil leis an luas reatha. Tá fianaise theoranta ann go mbeidh méadú ar mhinicíocht na stoirmeacha is déine, ar annamh faoi láthair iad. | — Minic |
| Tuilte Báistí<br>Tuilte Abhann | Tugann réamh-mheastacháin le fios go mbeidh ardú ar mhinicíocht na laethanta mórbháistí (laethanta ar mó ná 30mm an bháisteach) do Chontae Laoise agus meastar go mbeidh ardú 51% faoi lár an chéid i gceantair áirithe. D'fhéadfadh seo cur le méadú ar mhinicíocht na dtuilte abhann agus báistí. | ↑ Minic<br>↑ Minic |

**Foinse:** Tuarascáil KPMG CCRA

# 4.4 Astaíochtaí Bonnlíne

## Astaíochtaí Bonnlíne don Chontae

**Ní mór, le haghaidh measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart maolaithe, go mbeidh measúnú ar shonraí faoi bhonnlíne astaíochtaí reatha an Chontae.**

Ní mór, le haghaidh measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart maolaithe, go mbeidh measúnú ar shonraí faoi bhonnlíne astaíochtaí reatha an Chontae.

Tugann an Lár-Oifig Staidrimh (CSO) tuarascáil faoi thomhaltas an leictreachais agus an gháis nadúrtha ag leibhéail gach contae. Níl an briseadh síos sin ar fáil ag leibhéal an Chreasa Dícharbónaithe.

Tá tuairim agus 24% den tomhaltas náisiúnta leictreachais liostaithe 'gan códú' le contae ar bith. Is ionann an mhír 'gan códú' den ghás nadúrtha méadraithe agus 61% den ghás nadúrtha méadraithe. Baineann an mhír 'gan códú' den tomhaltas gáis agus leictreachais neamhchónaí de chuid na LOS le húsáideoirí fuinnimh an-mhóra agus ní shanntar é do chontaethe i dtacair sonraí na LOS i ngeall ar an rúndacht.

Tuairiscíonn an LOS ar dhíolachán peitril, díosail, díosail mharcáilte agus ceirisín ag leibhéal 'contae' an trádálaí breosla nó an úsáideora mhóir. Cé go bhfuil sonraí mar sin úsáideach, ní féidir dealú iontu, mar shampla, ó dhíolachán peitril d'fheithicil ó chontae Laoise agus díolachán peitril d'fheithicil ó áit eile.

Ainneoin na ndeacrachtaí seo le sonraí LOS faoi leictreachas, gás, agus táirgí peitriliam, tá na tacair sonraí seo úsáideach chun comparáid a dhéanamh idir treochlaontaí ar fud na tíre maidir le tomhaltas na dtáirgí seo le himeacht ama. Tá sonraí in Iarscríbhinn G faoi thomhaltas na dtáirgí seo do na blianta 2015-2021, in éineacht le meastachán ar na hastaíochtaí díreacha $CO_2$ a bhaineann lena n-úsáid. Mar sin féin, ní thabharfaidh na sonraí seo fairdeal bonnlíne iomlán astaíochtaí don Chontae. Ach ina ainneoin sin tá de bhuntáiste ag sonraí na LOS gur féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir leaganacha difriúla d'fhoilseacháin na LOS.


Tá torthaí in Iarscríbhinn F den fhairdeal bonnlíne astaíochtaí (BEI) do Laois, mar a coimisiúnaíodh ó Fehily Timoney Consulting Engineers. Tá de bhuntáiste ag an BEI seo go gcuirtear san áireamh ann cúrsaí úsáide talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseachta (LULUCF) sna háirimh faoi astaíochtaí an chontae. Tá de mhíbhuntáiste ag na BEIanna measta seo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint, mar shampla, as fachtóirí caighdeánacha i dtaca le teach a théamh sa chaoi nach mbíonn na BEIanna chomh inchomparáide céanna i dtréimhsí ama le sonraí 'crua' na LOS. Mar sin féin, tugann na BEIanna pictiúr iomlán de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcontae agus ón CD.




Bus Rothaíochta Phort Laoise

Don phlean seo, tá meastachán déanta ar na hastaíochtaí GCT do chontae Laoise ina iomláine. (Fíor 4.3).

**Fíor 4.3: Bonnlíne Astaíochtaí GCT 2018 do Chontae Laoise**





| SECTOR | Astaíochtaí 2018 tCO2-eq |
|---|---|
| Tithe Cónaí | 219,147 |
| Tráchtáil / Tionscal | 93,720 |
| Próisis Tionsclaíocha | 9,265 |
| Talmhaíocht | 684,926 |
| Iompar | 344,942 |
| Uisce / Dramhuisce | 15,377 |
| LULUCF | 29,090 |
| Total Iomlán | 1,396,468 |

**Foinse:** Tuarascáil ar Fhairdeal Bonnlíne Astaíochtaí do Chontae Laoise arna réiteach ag Fehily Timoney Consultants

## Astaíochtaí Chomhairle Contae Laoise féin

Tharla gur 2030 deireadh na tréimhse ina gcaithfidh údaráis áitiúla astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, is é 2016-2018 an tréimhse bhonnlíne ónar gá laghduithe a thomhas. Sa tréimhse seo 2016-2018 tá na hastaíochtaí arb í Comhairle Contae Laoise a n-údar measta ag 4,161 tonna de $CO_2$ sa bhliain. Is é 1,288 tonna $CO_2$ sa bhliain an sprioc náisiúnta is gá don Chomhairle a bhaint amach faoi 2030. Féach Iarscríbhinn I mar a bhfuil mionsonraí breise. Tá léiriú grafach ar scála an dúshláin seo sa léaráid faoin mBearna go dtí an Sprioc, Fíor 4.4.

**Fíor 4.4: "Bearna-go-Sprioc" d'astaíochtaí GCT Chomhairle Contae Laoise féin**



# Creat Gníomhaíochtaí Aeráide 5



Orchid, Bóthar an Chalafoirt, Port Laoise

# 5 Creat Gníomhaíochtaí Aeráide

## 5.1 Réamhrá

**Sa chaibidil seo atá an chuid is tábhachtaí den phlean, óir is léarscáil oibriúcháin atá ann chun an gníomhú aeráide a shruthlíniú ar fud sheirbhísí agus fheidhmeanna Chomhairle Contae Laoise.**

Nuair a bhíothas i mbun an Plean Gníomhaíochta Aeráide Údarás Áitiúil a cheapadh, cloíodh go docht leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide Náisiúnta is déanaí a faomhadh, an Creat Oiriúnúcháin Náisiúnta is déanaí, agus beartais ábhartha eile de chuid an rialtais a bhaineann le hathrú aeráide. Rinneadh forbairt ar an bplean seo faoi threoir an riachtanais bheith mar mhacalla ar an gcomhthéacs beartais reatha, agus aitheantas a thabhairt chomh maith don éabhlóid leanúnach ar bheartas aeráide na tíre.

Tá áit cheannais faoi leith ag Comhairle Contae Laoise ó thaobh an ghníomhaithe aeráide de agus é de chuspóir aici tionchar a imirt ar bheartais aeráide áitiúla agus náisiúnta. An cuspóir ná an t-aistriú a chothú i dtreo pobal athléimneacha inbhuanaithe, agus na prionsabail seo a chur chun cinn sa gheilleagar agus sa phobal níos leithne.

Chun seo a bhaint amach, tá gealltanas ag Comhairle Contae Laoise cur lena toilleadh inmheánach agus a feasacht. Beidh na baill tofa agus 500 fostaí Chomhairle Contae Laoise i gceist san iarracht seo, rud a chinnteoidh go mbeidh an gníomhú aeráide mar dhlúthchuid dá gníomhaíochtaí agus dá seirbhísí.

D'aon turas a socraíodh forbairt an Phlean Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil seo chun cur le feasacht agus le cumas gach rannóige sa Chomhairle. Tá na gníomhartha ceaptha go cúramach chun rannóga na Comhairle a chumasú ó thaobh a ról féin a chomhlíonadh. Baineadh seo amach le teanga shoiléir intuigthe a úsáid, agus le comhoibriú leis an bhfoireann maidir le gníomhartha a bhainfeadh lena rannóg féin. Bhí tábhacht i rith an phróisis le rannpháirtíocht leanúnach agus inchuimsitheacht, rud a chinntíonn go mbeidh de chumas ag gach rannóg céimeanna a ghlacadh chun gníomhú ar son na haeráide.

Beidh feidhmiú an Phlean Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil seo ag brath ar an gcomhoibriú tairbheach le cuid mhór páirtithe leasmhara, idir laistigh agus lasmuigh den Chomhairle Contae. Tá lánghealltanas ag Comhairle Contae Laoise tionchar a imirt ar dhreamanna eile a ndualgais aeráide a chomhlíonadh go héifeachtach.



## 5.2 Creat Gníomhaíochtaí

**Tá an creat gníomhaíochtaí aeráide sa Phlean seo faoi eagar struchtúrtha, a chinnteoidh an chomhréir idir na tionscnaimh ar an talamh agus fís fhoriomlán an Phlean (Fíor 5.1).**

Nuair a bhíothas i mbun na gníomhaíochtaí seo a fhorbairt tugadh aird chuí ar Threoirlínte Phleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil, mar a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

**Fíor 5.1:** **Creat Gníomhaíochtaí Aeráide**




**Foinse:** Treoirlínte LACAP

*Ráiteas Físe:*

*"San fhís atá againn do Laois, is lóchrann ceannaireachta sinn, daingean i bhfianaise an Athraithe Aeráide, agus suite de gur áit bheoga chónaí, oibre, infheistíochta agus chuairte í – do na glúine reatha agus na glúine atá le teacht. I Laois glacaimid go fonnmhar lenár ndualgas dul i ngleic le bunúdair an athraithe aeráide, agus bheith mar eiseamláir a spreagann an gníomhú agus a chothaíonn an inbhuanaitheacht."*

*Ráiteas Misin:*

*"Tá Comhairle Contae Laoise tiomanta don tionchar a imirt lena gníomhaíochtaí, bheith mar cheannasaí maidir le laghdú na ngás ceaptha teasa agus glacadh le hoiriúnú don athrú aeráide. Beidh an cur chuige seo i gceist le tithe, le pobail, agus le gnólachtaí, chun cabhrú leo teacht leis na dúshláin a thiocfaidh le tionchar an athraithe aeráide."*

# 5.3 Cuspóirí Straitéiseacha

**Cumadh na cuspóirí straitéiseacha chun comhthéacs a thabhairt do ghníomhaíochtaí maolaithe agus oiriúnaithe.**

Bhí dhá chuspóir leis an bpróiseas a bhain leis na spriocanna straitéiseacha seo a shainaithint agus a fhorbairt: thacaigh sé le mórfhís agus misean an phlean agus san am céanna thug sé struchtúr don eagar ar na gníomhaíochtaí aeráide. Mar eolas do na spriocanna straitéiseacha seo bhí mórthéamaí a tháinig de bhun na staidéar fianaise, teagmhálacha le páirtithe leasmhara, agus iarrachtaí leanúnacha gníomhaithe aeráide an údaráis áitiúil. Mar thoradh air sin, bhain na spriocanna straitéiseacha le sainchomhthéacs, a thug an creat do ghníomhaíochtaí saindeartha a thugann go héifeachtach faoi na dúshláin áitiúla.

Tá achoimre ar Chuspóirí Straitéiseacha an Phlean Gníomhaithe Aeráide seo i bhFíor 5.2.

**Fíor 5.2: Spriocanna Straitéiseacha Phlean Gníomhaithe Aeráide Chomhairle Contae Laoise**

| | |
|---|---|
| **Sprioc Straitéiseach A** | **Cur lenár n-éifeachtúlacht fuinnimh i gComhairle Contae Laoise, astaíochta gás ceaptha teasa a laghdú agus caighdeán ard gníomhaithe aeráide a bhaint amach i gComhairle Contae Laoise.** |
| **Sprioc Straitéiseach B** | **Na hearnálacha Pobail, Deonacha agus Gnó a ghríosú chun seachadadh a dhéanamh ar ghníomhú aeráide ina réimsí tionchair féin.** |
| **Sprioc Straitéiseach C** | **Lenár ngníomhartha féin i gComhairle Contae Laoise, agus lenár bpáirtíochtaí le dreamanna eile san Earnáil Phoiblí, agus leis na hearnálacha Pobail, Deonacha agus Gnó, ceannas a thabhairt sa chontae (agus áiteanna eile) i dtaca le cúrsaí a bhaineann leis an athrú aeráide.** |
| **Sprioc Straitéiseach D** | **Leis an Taisteal Gníomhach, Feasacht Chomhshaoil, agus cláir eile, feabhsú a dhéanamh ar na deiseanna ag daoine aonair roghanna níos fearr don aeráid a dhéanamh.** |
| **Sprioc Straitéiseach E** | **An contae a dhéanamh níos athléimní le réimse beartas oiriúnúcháin aeráide.** |
| **Sprioc Straitéiseach F** | **A aithint nach ionann an tionchar a bheidh ag an athrú aeráide ag gach dream sa phobal againn agus prionsabail 'Aistriú Cóir' a chur i bhfeidhm in oibríochtaí Chomhairle Contae Laoise.** |
| **Sprioc Straitéiseach G** | **Deiseanna a aithint a d'fheádfadh teacht leis an mhaolú agus an oiriúnú, bíodh siad ina ndeiseanna féideartha gnó, nó leasuithe eile ar cháilíocht na beatha ar nós cháilíocht an aeir.** |

Laistigh de gach sprioc straitéiseach tá roinnt cuspóirí leagtha síos (Fíor 5.3) agus ar a seal cuireann siad sin le forbairt na ngníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaithe Aeráide mar atá leagtha amach i bhFíor 5.4.

**Fíor 5.3: Spriocanna Straitéiseacha agus Cuspóirí**

| | |
|---|---|
| **Sprioc Straitéiseach A:** | **Feabhsú a dhéanamh ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh laistigh de Chomhairle Contae Laoise, laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí ó gháis cheaptha teasa agus caighdeán ard gníomhaithe aeráide a bhaint amach i gComhairle Contae Laoise.** |
| **Cuspóirí** | |
| **A1** | Laghdú a dhéanamh ar thomhaltas iomlán fuinnimh i gComhairle Contae Laoise, trí chur leis an éifeachtúlacht san úsáid fuinnimh againn. |
| **A2** | Laghdú 51% a dhéanamh ar Astaíochtaí GCT i gComhairle Contae Laoise faoi 2030. |
| **A3** | Comhoibriú le dreamanna eile chun teacht ar réitigh fuinnimh bunaithe ar an aeráid. |
| **A4** | Tomhas agus tuairisc a dhéanamh ar thionchar carbóin ár ngníomhaíochtaí éagsúla. |
| **A5** | Breithniú a dhéanamh faoi thionchair aeráide agus sinn ag forbairt beartas agus clár. |
| **Sprioc Straitéiseach B:** | **Na hearnálacha Pobail, Deonacha agus Gnó a ghríosú chun gníomhú don aeráid ina réimsí tionchair faoi seach.** |
| **Cuspóirí** | |
| **B1** | Cur leis an bhfeasacht i measc na n-earnálacha pobail / deonacha / gnó sa chontae maidir le fuinneamh agus cúrsaí aeráide. |
| **B2** | Cur leis an líon grúpaí pobail agus deonacha atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí aeráide. |
| **B3** | Cur leis an líon pobal atá gafa le gníomhú aeráide i gContae Laoise. |
| **B4** | Éisteacht le glór na bpobal, lena n-áirítear grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar an aos óg agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine scothaosta, sa chaoi gur féidir linn cabhrú leo a n-uaillmhianta aeráide a bhaint amach. |
| **Sprioc Straitéiseach C:** | **Lenár ngníomhaíochtaí féin i gComhairle Contae Laoise agus ár bpáirtíochtaí leis an Earnáil Phoiblí, agus sna hearnálacha Pobail, Deonacha agus Gnó, ceannas a thabhairt sa chontae (agus lasmuigh de) i dtaca le cúrsaí athraithe aeráide.** |
| **Cuspóirí** | |
| **C1** | Cothabháil agus forbairt a dhéanamh le forais eile ag leibhéal áitiúil/ réigiúnach/ náisiúnta. |
| **C2** | Ár spriocanna náisiúnta sainordaithe do 2030 a bhaint amach agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna 2050. |
| **C3** | Bheith ullamh teicneolaíochtaí nó réitigh eile a thriail nár thriaileadh cheana sa chontae. |
| **C4** | Fóraim a chur ar fáil don chomhroinnt eolais agus dea-scéalta sa chontae ó thaobh gníomhaithe aeráide de. |
| **C5** | Deiseanna a chur ar fáil don fhorbairt sa gheilleagar ísealcharbóin. |
| **C6** | Straitéis ghlas sholáthair agus nósanna imeachta bainteacha ar fud ár réimsí gnó. |
| **C7** | Forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár saineolas laistigh den údarás áitiúil ó thaobh an athraithe aeráide de. |

Ar leanúint >

| | |
|---|---|
| **Sprioc Straitéiseach D:** | **Leis an Taisteal Gníomhach, Feasacht Chomhshaoil, agus cláir eile, cur le deiseanna do dhaoine aonair roghanna níos fearr don aeráid a dhéanamh.** |
| **Cuspóirí** | |
| **D1** | A dhéanamh níos tarraingtí nó níos fusa do dhaoine agus do ghrúpaí roghanna níos fearr don aeráid a dhéanamh. |
| **D2** | Uasghrádú a dhéanamh ar an mbonneagar poiblí chun éascaíocht a dhéanamh de roghanna níos fearr don aeráid. |
| **D3** | Leanúint, le bearta gníomhacha agus áititheacha, an reachtaíocht timpeallachta a fhorfheidhmiú chun leas an phobail ina iomláine. |
| **D4** | Critéir aeráide a chur san áireamh inár nósanna imeachta measúnaithe inmheánacha. |
| **D5** | Obair a dhéanamh chun gníomhaíochtaí a spreagadh a athróidh iompar ar leibhéal áitiúil agus pobail. |
| **Sprioc Straitéiseach E:** | **An contae a dhéanamh níos athléimní le réimse beartas oiriúnaithe aeráide.** |
| **Cuspóirí** | |
| **E1** | Leanúint de bhearta cosanta tuilte agus draenála faofa a chur i bhfeidhm. |
| **E2** | Fachtóirí aeráide a chur san áireamh agus sinn ag roghnú ábhar tógála agus deiseanna tógála. |
| **E3** | Breithniú mar is cuí a dhéanamh ar réitigh dúlrabhunaithe agus chun sochair an dúlra i gcás míreanna bonneagair. |
| **E4** | Leanúint den oiriúnú a dhéanamh ar ár riachtanais bhonnlíne chothabhála i bhfianaise na n-athruithe ar phatrúin aimsire i ngeall ar an aeráid. |
| **E5** | Cothabháil agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an uisce agus na bithéagsúlachta inár gcuid uiscebhealaí, a chabhróidh le maolú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar na huiscebhealaí sin. |
| **E6** | Leanúint den fheidhmiú ar bheartais cosanta tuilte agus draenála faofa a chur i bhfeidhm. |
| **Sprioc Straitéiseach F:** | **A aithint nach ionann an tionchar a bheidh ag an athrú aeráide ag gach dream sa phobal againn agus prionsabail 'Aistriú Cóir' a chur i bhfeidhm in oibríochtaí Chomhairle Contae Laoise.** |
| **Cuspóirí** | |
| **F1** | Iniúchadh, i gcomhar leis an earnáil phoiblí níos leithne, ar dheiseanna ailtéarnacha fostaíochta agus oiliúna dóibh siúd a mbeidh a bpoist buailte ag an athrú aeráide. |
| **F2** | Leanúint den iarfheistiú ar stoc tithe na Comhairle. |
| **F3** | Obair leis na pobail chun réitigh áitiúla agus faoi cheannas an pobail a fhorbairt don Aistriú Cóir |
| **F4** | A aithint gur féidir go mbeidh pobail áirithe nó codanna áirithe den phobal buailte níos mó ná a chéile ag an athrú aeráide féin nó ag bearta a thabharfaí isteach chun cur in aghaidh an athraithe aeráide. |
| **Sprioc Straitéiseach G:** | **Deiseanna a aithint a d'fheádfadh teacht leis an mhaolú agus an oiriúnú, bíodh siad ina ndeiseanna féideartha gnó, nó leasuithe eile ar cháilíocht na beatha ar nós cháilíocht an aeir.** |
| **Cuspóirí** | |
| **G1** | Poiblíocht a dhéanamh faoi na gnéithe dearfacha de na bearta maolaithe agus oiriúnaithe a bheidh socraithe. |
| **G2** | Na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla, agus tacaíochtaí eile, cabhrú le gnólachtaí forbairt agus teacht faoi bhláth sa gheilleagar ísealcharbóin. |

# 5.4 Prionsabail an Rialachais Timpeallachta

**An rún atá ag an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide ná cur chun cinn, forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar ghníomhú aeráide le leasuithe próisis, teagmháil phoiblí, forbairt fhorásach agus próisis foghlama chomhtháite, a dhéanfar a bheachtú le linn shaolré an phlean.**

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur dlúthchuid den Phlean Gníomhaithe Aeráide é éascaíocht a dhéanamh den chomhleas atá le baint don aeráid agus míreanna timpeallachta eile. Más fúthu bheith réalaithe, ní mór do thionscadail a bheidh san áireamh sa Phlean Gnímh Aeráide nó a mbeidh a thacaíocht acu, cloí, mar is ábhartha, le reachtaíocht, bearta, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear riachtanais i leith Measúnú Cuí, Measúnú Tionchair Timpeallachta ag leibhéil níos ísle, mar is oiriúnach) ar cuid iad den chreat cinnteoireachta agus ceadaithe, nach cuid den Phlean é agus nach gcuireann an Plean leis.

Cuimsíonn na breithnithe seo an Chreat-Treoir Uisce, ar creat Aontais Eorpaigh é a leagann amach caighdeáin don chosaint agus don bhainistiú uisce. Is tábhachtach na pleananna bainistithe abhantrach maidir le feidhm a thabhairt do chuspóirí na Creat-Treorach Uisce, óir cuireann siad straitéisí mionsonraithe ar fáil maidir le stádas uisce mhaith a bhaint amach agus an truailliú a chosc thar abhantrach iomlán.

Cabhraíonn na pleananna seo le comhordú na n-iarrachtaí i measc páirtithe leasmhara éagsúla, ar nós rialtas, pobal agus tionscal, chun cosaint timpeallachta agus bainistiú uisce chomhtháite a bhaint amach, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfar cuspóirí na Creat-Treorach.

Is cur chuige comhtháite é an plean, a shainaithníonn cleachtais inbhuanaithe úsáide talún, bainistiú leasaithe uisce, agus caomhnú éiceachóras, agus féachann sé le maolú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar acmhainní uisce, rud a dhéanann cosaint ar an timpeallacht agus ar an tsláinte phoiblí.

Léiríonn an cur chuige comhtháite seo tiomantas na hÉireann maidir le spriocanna aeráide a bhaint amach agus í san am céanna ag cothú timpeallacht nadúrtha atá níos sláintiúla athléimní. Chomh maith leis na beartais atá dírithe ar an aeráid a mhionsonraítear sa phlean, in éineacht le comhshochair timpeallachta agus nótaí timpeallachta a chuireann an comhthéacs ar fáil ina gcuirfear an plean chun cinn, tá roinnt prionsabal rialachais chomhshaoil a bheas mar stiúrthóir ar oibreacha amach anseo (féach Fíor 5.4).



**Fíor 5.4: Prionsabail Rialachais Chomhshaoil**

## PRIONSABAIL RIALACHAIS CHOMHSHAOIL

Tacú leis an bPlean Gníomhaithe Aeráide Náisiúnta (a thacaíonn é féin le hoibleagáidí aeráide idirnáisiúnta) a thabharfaidh faoi bunúdair an athraithe aeráide a dtiocfaidh daoine, flóra, fána, gnáthóga, oidhreacht agus an timpeallacht níos leithne faoina thionchar.

Laistigh de chomhthéacs raon feidhme Pleananna, Straitéisí, agus cáipéisí comhchosúla a tháirgeann an Chomhairle, soláthar a dhéanamh chomh maith i leith bearta atá dearfach ó thaobh na haeráide de sna gníomhaíochtaí a dhéanfar de bhun an phlean seo.

Tionscadail ghníomhaithe aeráide a chur chun cinn a thacaíonn le gnáthóga ar nós crainn faoi chosaint, claíocha, bogaigh, criosanna tuilte a chuireann leis an mbonneagar glas.

I gcomhthéacs an gníomhú aeráide a chur chun cinn, tacú le deiseanna chun idirnascacht éiceolaíochta a fheabhsú leis na gnáthóga agus ionaid nach bhfuil ainmnithe, agus feabhsú a dhéanamh ar athléimneacht iomlán agus feidhmiú an éiceachórais.

Tacú le tionscadail faoi cheannas an phobail (ar nós Tionscnamh Portaigh Mhainistir Laoise) a thacaíonn le hathshlánú, athchóiriú agus cothabháil na mbogach, agus tionscadail leasaithe carbóin den chineál sin).

Laistigh de chomhthéacs ionstraimí reachtúla beartas Eorpach, Náisiúnta agus Réigiúnach (ar nós na Creat-Treorach Uisce, Bainistiú Abhantrach agus eile), féachaint le comhshochair a bhaint amach le hionstraimí den chineál sin laistigh de ghníomhaíochtaí atá sa phlean seo.

Laistigh de réimsí ar nós chosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta: cáilíocht leasaithe aeir, uisce nó créafóige; nó luach leasaithe fóillíochta, taitneamhachta agus oidhreachta cultúrtha féachaint le comhshochair a chruthú le réimsí den chineál sin laistigh de ghníomhaíochtaí atá sa phlean seo.

Beidh aird leanúnach ag na forbairtí ón gComhairle agus a bpáirtithe ar an bhféidearthacht i dtaca le tionchair timpeallachta agus riachtanais chosanta timpeallachta.

I bhfianaise gur féidir go mbeadh tionchar ag an athrú aeráide ar ráta scaipthe na speiceas ionraitheach, leanúint de thionscnaimh bonneagair na Comhairle féin agus coinneáil leis an mbainistiú cuí chun leathadh na speiceas ionraitheach a sheachaint, go háirithe i dtaca le speicis Sceideal III.

## 5.5 Forbairt na nGníomhaíochtaí

**Bhí an cur chuige maidir le gníomhaíochtaí a fhorbairt faoi threoir ag gealltanas ina dhá chuid: maolú, atá dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus oiriúnú, a bhaineann le cur le hathléimneacht in aghaidh na dtionchar ón athrú aeráide.**

Tá an dá ghealltanas seo fite fuaite inár ngníomhaíochtaí lena chinntiú go mbeidh freagairt chothrom éifeachtach ar an athrú aeráide.

Tá Táscaire Feidhmíochta (KPI) ceangailte le gach gníomh a bheidh mar threoir ag ár n-iarrachtaí leanúnacha monatóireachta agus tuairiscithe. Leis an gcur chuige seo, beimid ag iarraidh tabhairt faoi dhúshláin áitiúla ach ailíniú chomh maith le cuspóirí aeráide náisiúnta, agus rannchuid chomhordaithe éifeachtach a dhéanamh maidir lenár dtodhchaí chomónta aeráide.



Stad Bus ar Ascaill JFL, Port Laoise



Seoladh Píolótach na Scéime Éarlaise Cupán Caife, lár bhaile Phort Laoise



Cúrsa Máistir sa Mhúiríniú do Mhúinteoirí




Seoladh an Fheachtais Fuinneamh Dearfach



# 5.6 Gníomhaíochtaí Aeráide sa Phlean

**Tá struchtúr ag na gníomhaíochtaí aeráide sa Phlean, rud a chinntíonn ailíniú idir na tionscnaimh ar an talamh agus an mórchuspóir is rún leis an bPlean a bhaint amach. Tá liosta iomlán na ngníomhaíochtaí aeráide sa Phlean seo ar fáil ach breathnú ar Fhíor 5.5.**

**Fíor 5.5: Gníomhaíochtaí faoin PGAUA**

**Téama 1: Rialachas agus Ceannaireacht**

**An ghníomhaíocht aeráide a chur i lár an aonaigh agus tástáil aeráide a dhéanamh ina chuid den chinnteoireacht ar fad san Údarás Áitiúil.**

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Déanfar riachtanais ghníomhaithe aeráide a bhreithniú nuair a bheidh Comhairle Contae Laoise ag déanamh forbartha ar phleananna feidhme, straitéisí agus cláir. | C6, C7 | A+M | Measúnú ar bheartais, phleananna agus tionscadail | Gach roinn | Rialtas | 2024-2029 |
| 2 | Beidh ceist an ghníomhaithe aeráide san áireamh go rialta i dtuairiscí Chomhairle Contae Laoise ar nós Tuarascálacha Bainistíochta i gcruinnithe Comhairle agus Tuarascálacha Bliantúla. Beidh Gníomhú Aeráide ina mhír rialta ag cruinnithe den Choiste Bainistíochta agus cruinnithe ábhartha SPC. | A4, G1 | A+M | Miontuairiscí mar thaifead | Gach roinn | | 2024-2029 |
| 3 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise breithniú ar fheidhmiú éifeachtach na ngníomhaíochtaí PGAUA agus cruthófar Grúpa Stiúrtha don Ghníomhú Aeráide le hionadaithe ó fheidhmeanna tábhachtacha an údaráis áitiúil. Beidh cruinnithe rialta ag an ngrúpa stiúrtha seo lena chinntiú go dtabharfar feidhm do phleananna gnímh ag leibhéal na roinne agus deiseanna comhoibrithe agus sinéirsí a shainaithint idir na ranna. | A5, C4, C7 | A+M | Líon cruinnithe a bhí ann / taifead tinrimh | Gach roinn | | 2024-2029 |
| 4 | Beidh an Gníomhú Aeráide mar chuid de chuspóir Phlean Seachadta Seirbhísí Bliantúil Chomhairle Contae Laoise; déanfar foráil dá réir i leith é a aistriú ina Phleananna Forbartha Foirne agus Pleananna Forbartha Pearsanta don fhoireann ábhartha. | A5 | A+M | Athbhreithniú ar TDP leis an gcomhlíonadh a chinntiú | Gach roinn | | 2024-2029 |
| 5 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den chomhoibriú le CARO an Oirthir agus Lár Tíre agus le húdaráis áitiúla sa réigiún i dtaca le comhoibriú ar cheisteanna aeráide. | C1, A3, C2 | A+M | Líon Cruinnithe | Gníomhú Aeráide | EM CARO, MEA | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Coinneoidh Comhairle Contae Laoise a ballraíocht den Chúnant Méaraí don Aeráid agus Fuinneamh. Ar an PGAUA a ghlacadh, cuirfidh Comhairle Contae Laoise Plean Gníomhaíochtaí Aeráide Fuinnimh Inbhuanaithe (SECAP) isteach chuig an gCúnant Méaraí. (COM) | C1, A3, C2 | M | PGAUA faofa ag CoM | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| 7 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise dá ngealltanas i leith spriocanna náisiúnta don athrú aeráide agus don éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus bheith mar eiseamláir don ghníomhú aeráide. | A1, A2, F2 | A+M | Tuairisciú faoi Dhul chun Cinn PGAUA | Gníomhú Aeráide | Eagraíochtaí Gnó agus Pobail, saoránaigh, PPN | 2024-2029 |
| 8 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise tuairisciú rialta ar fáil maidir le dul chun cinn ar chuspóirí aeráide a bhaint amach agus chun feidhmiú leanúnach a chinntiú. Ní mór meicníochtaí cuí tuairiscithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. | A4, D2, G1 | A+M | Tuairisciú faoi Dhul chun Cinn PGAUA | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| 9 | Réiteoidh an Chomhairle iarratais ar chistiú faoi chláir éagsúla náisiúnta, lena n-áirítear an clár Aistriú Cóir, chun seachadadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoin PGAUA seo. | F3, D2, D5 | A+M | Líon iarratas ar chistiú | Gach Roinn | | |
| 10 | Tá ceangal ar Chomhairle Contae Laoise laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 bunaithe ar leibhéil 2016-2018 agus feabhsú 50% a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh. | A2, A4, C2, G1 | M | % Laghdú sa bhliain ar bhonnlíne GCTanna (M&T) | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |
| 11 | Cuirfear físeán agus treoir inductaithe ar fáil don fhoireann maidir le Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht. | A5, C4, C7 | M | Líon foirne a fuair oiliúint | HR | Gníomhú Aeráide | 2024 |
| 12 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den oiliúint a chur ar fáil dá foireann agus Comhairleoirí maidir leis an athrú aeráide agus an gníomhú aeráide. | C7 | A+M | Líon babhtaí oiliúna curtha ar fáil | HR | CARO/ Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| 13 | Beidh prionsabail an tSoláthair Phoiblí Ghlais (GPP) mar ghnáthchleachtas ar fud na bpróiseas soláthair ag Comhairle Contae Laoise, i gcomhréir le Cuspóirí Soláthair Phoiblí Inbhuanaithe atá breactha sa Phlean Soláthair Chorparáidigh do Chomhairle Contae Laoise (GPP) agus Nóta Treorach Inmheánach GPP 2023. | C6, D4 | M | Seicphointí GPP le forbairt | Gach Roinn | Procurement | 2024 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **14** | Coinneoidh Comhairle Contae Laoise leis an oiliúint agus leis na ceardlanna inmheánacha a chuirfidh le cumas na foirne ar fud na heagraíochta. Leis an oiliúint agus ceardlanna leanúnacha dírithe ar an Soláthar Poiblí Glas, beidh Comhairle Contae Laoise ag iarraidh tuiscint agus saineolas na foirne a neartú maidir le cleachtais aireacha soláthair a chur i bhfeidhm. | C7 | M | Líon foirne ar oiliúint | Soláthar | HR | 2024 |
| **15** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise poiblíocht agus cumarsáide faoin dul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaithe Aeráide seo a chur i bhfeidhm, leis an bpobal agus laistigh den Chomhairle chomh maith. Bainfidh Comhairle Contae Laoise earraíocht as réimse meán cumarsáide, mar is cuí don lucht éisteachta, chun aibhsiú a dhéanmh ar an méid a bheidh bainte amach agus chun gníomhaíochtaí aeráide le heolas áitiúil a spreagadh. | C4, G1 | M | Forbairt ar Phlean Cumarsáide / Gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **16** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den chomhoibriú le comhlachtaí poiblí eile sa chontae (agus sa réigiún) i dtreo an gníomhú aeráide a chur chun cinn. | C5, C1 | M | Líon cruinnithe / comhthionscnamh /Líon páirtíochtaí | Gach Roinn | CARO, EMR | 2024-2029 |
| **17** | Sna hathbhreithnithe ar aon phlean leanúnachais ghnó de chuid Chomhairle Contae Laoise cuirfear na hathruithe ar an aimsir san áireamh, i ngeall ar an athrú aeráide. | A5 | A | Líon imeachtaí MEP agus LEP | Corparáideach | | 2024-2029 |
| **18** | Sa phleanáil i dtaca leis an adhaimsir a dhéanfaidh Comhairle Contae Laoise amach anseo, cuirfear na hathruithe ar an aimsir san áireamh, i ngeall ar an athrú aeráide. | A5 | A | Athbhreithniú ar an bPlean | Seirbhísí Éigeandála | | 2024-2029 |
| **19** | Coinneoidh Comhairle Contae Laoise Clár Riosca IT ina mbeidh breithnithe faoi chúrsaí aeráide, lena chinntiú go ndéanfar measúnú cuimsitheach ar rioscaí aeráide agus córais agus bonneagair IT. | C6 | A | Athbhreithniú bliantúil ar an gClár Riosca TEF | Rannóg TF | Gach Roinn | 2024-2029 |
| **20** | Comhlánóidh Comhairle Contae Laoise tuairiscí bliantúla comhairliúchán fuinnimh sa chóras náisiúnta Monatóireachta agus Tuairiscithe arna reáchtáil ag SEAI agus cuirfidh anailís 'Bearna go Sprioc' i gcrích ar a húsáid bhliantúil fuinnimh i saolré an Phlean seo. | A1, A4, C3 | M | M&T réidh | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |
| **21** | Coinneoidh Comhairle Contae Laoise lena ról mar údarás ceannais do Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre agus dá rannpháirtíocht i gclár Pathfinder an SEAI. | C1, C3, C4, C2 | M | Líon Cruinnithe | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |

## Téama 2: Timpeallacht Thógtha agus Iompar

**Córais na timpeallachta tógtha agus an iompair arna ndearadh le go mbeidh siad athléimneach ó thaobh na haeráide de, ag díriú ar chuspóirí a bhaint amach maidir le laghdú ar astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh mar chuid dár n-aistear dícharbónaithe.**

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **22** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den éascú ar athchóiriú ar réadmhaoine idir chónaí agus thráchtála atá gan úsáid faoi láthair, i gContae Laoise le scéimeanna ar nós Lár Bailte ar dTús agus Croí Cónaithe. | C1, F2 E2 | M | Seicliosta réidh agus neadaithe i bpróisis na rannóg ábhartha | Comhcheannas Tithíocht agus Pleanáil | Oifigeach Athghiniúna Bailte, DoS Freagairt don Úcráin | |
| **23** | Bonnlíne réadmhaoine gan úsáid a dhéanamh amach, in áiteanna tosaíochta faoin gClár Lár Bailte ar dTús agus a n-athchóiriú siúd a chur chun cinn tríd an rannpháirtíocht le húinéirí agus le reachtaíocht más gá. | C1, F2 E2 | M | Líon aonad a cuireadh chun feidhme | Pobal (Oifigeach Athghiniúna Bailte) | Tithíocht (Oifigeach na dTithe Folmha), Pleanáil | |
| **24** | Déanfaidh Rannóg Bóithre Chomhairle Contae Laoise seicliosta 'Bonneagar Aeráide Glas' do lucht deartha na mbóithre agus an bhonneagair phoiblí. Dá bharr sin beidh breithnithe aeráide agus bainistiú inbhuanaitheachta i gceist i ndearadh, pleanáil agus tógáil bóithre, cosán, agus tionscadal eile poiblí. | A5, C4, E3 D1, D2 | A+M | Seicliosta réidh agus neadaithe i bpróisis na rannóg ábhartha. | Bóithre | Pleanáil (Oifigeach Oidhreachta), Gníomhú Aeráide (Oifigeach Bithéagsúlachta), Comhshaol | 2024 |
| **25** | Déanfaidh Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Laoise 'Treoir don dea-chleachtas sa Dearadh Aireach Aeráide' d'fhorbraíochtaí, bunaithe ar riachtanais na haeráide atá breactha sa Phlean Forbartha Contae. | A5, C4, E3 | A+M | Treoir réidh | Pleanáil | | 2024 |
| **26** | Déanfaidh Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Laoise seicliosta 'Bonneagar Aeráide Glas' do lucht deartha Tithe Comhairle. Beidh dearadh tithe nua faoi réir ag Treoirleabhar Tithíochta Ard-Cháilíochta na Rannóige. Déanfar scéim phíolótach don seicliosta. | A5, C3, C4, C7 | M | Seicliosta réidh. Scéim phíolótach curtha i gcrích | Tithíocht | Rialtas, Pleanáil, Gníomhú Aeráide (Oifigeach Bithéagsúlachta) | 2024 |
| **27** | Beidh gach tithíocht nua-thógtha de chuid Chomhairle Contae Laoise ag teacht le caighdeáin Foirgníocht nach mór Saor ó Fhuinnimh (NZEB) (A2 BER) | A5 | M | Líon aonad tithíochta sóisialta a tógadh | Tithíocht | Rialtas | 2024-2029 |
| **28** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise iarfheistiú go caighdeán B2 ar an tithíocht shóisialta agus fholamh atá ann, faoi réir ag an gcistiú náisiúnta bheith ar fáil; agus aird ar na leochaileachtaí timpeallachtaí ábhartha ar fad, mar is cuí. | A5, F2 | M | Líon Iarfheistithe | Tithíocht | Rialtas | 2024-2029 |
| **29** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den chomhaireamh ar na coigiltis iarbhír charbóin a baineadh amach ó chuid roghnaithe dá stoc uasghrádaithe tithíochta. | A4, A5, C4 | M | Taifeadh ar coinneáil de na coigiltis charbóin | Tithíocht | Rialtas | 2024 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **30** | Bunóidh Comhairle Contae Laoise saoráid shábháilte Foghlaim na Rothaíochta chun scileanna agus muinín a chothú sa rothaíocht, rud a chothóidh cultúr taistil ghníomhaigh agus soghluaisteachta inbhuanaithe don phobal i gcoitinne. | D1, D2 | M | Líon a cuireadh isteach | Oifig Cheantair | Gníomhú Aeráide, Bóithre, Taisteal Gníomhach, Páirceanna | 2024 |
| **31** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise Stáisiún Deisithe Rothair in áiteanna straitéiseacha in aice le saoráidí páirceála rothar idir reatha agus nua. | D1, D2 | M | Líon a cuireadh isteach | Oifig Tionscadal | Taisteal Gníomhach | 2024 |
| **32** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise trí cinn de Phleananna Iompair Áitiúil do na bailte ar mó ná 5,000 a ndaonra i.e. Port Laoise, Móinteach Mílic agus Cúil an tSúdaire – agus aird chuí i gcónaí ar leochaileachtaí timpeallachta agus deiseanna comhshochair ghníomhaithe aeráide a chur chun cinn. | D1, D2, A5 | M | Pleananna críochnaithe | Taisteal Gníomhach | Bóithre | 2024 |
| **33** | Oibreoidh Comhairle Contae Laoise leis an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) chun conair nua bus do bhaile Phort Laoise a bhunú faoi dheireadh thréimhse an Phlean seo. | D1, D2 | M | Líon bealaí | Bóithre | Taisteal Gníomhach, NTA, Local Link | 2024 |
| **34** | Faoin mbliain 2029, is mian le Comhairle Contae Laoise 30% eile dá soilsiú poiblí a aistriú go foinsí níos airde éifeachtúlacht (ísealfhuinneamh) agus aird chuí ar leochaileachtaí timpeallachta rud a fhágfaidh gur breis agus 94% den stoc foinsí solais a úsáideann foinsí ardéifeachtúlachta. | A1 | M | Céatadán den soilsiú sráide uasghrádaithe | Bóithre | Rialtas | 2024-2029 |
| **35** | Mar fhreagairt ar an ardú minicíochta measta don bháisteach throm, is mian le Comhairle Contae Laoise 1% sa bhreis sa bhliain os ceann an bhoilscithe a chur i leataobh don chothabháil silteán agus do chothabháil na bpíopaí draenála go ginearálta. | E1, E4 | A | Líon silteán glanta agus deisithe | Bóithre | | 2024-2029 |
| **36** | I bhfianaise na minicíochta measta ar bháisteach níos déine, molfaidh Comhairle Contae Laoise méadú 1% sa bhliain os ceann an bhoilscithe i dtréimhse an phlean seo don obair chloiche sna droichid. Le linn na hoibreacha seo a chur i gcrích, beidh aird mar is cuí ag an gComhairle ar an riachtanas cosaint agus caomhnú cóir a dhéanamh ar struchtúir faoi chosaint de réir na rialachán ábhar, agus an riachtanas gan baint go diúltach do speicis faoi chosaint ná do láithreán Eorpach ar bith. | E1, E4 | A | Líon oibreacha ar dhroichid chloiche | Bóithre | | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **37** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise dá tacaíocht (faoi réir ag próisis reachtúla agus cloí le caighdeáin chomhshaoil) don fhorbairt ar scéimeanna OOP don chosaint ar thuilte i Móinteach Mílic, Cúil a' tSúdaire agus Cluain na Slí; fágfaidh na scéimeanna seo go mbeidh na lonnaíochtaí seo níos athléimní ar thuilte. | E1, E4, E6, F4 | A | Scéim chosanta tuilte críochnaithe | Bóithre, Oifig Tionscnamh | OPW | 2024-2029 |
| **38** | I bhfianaise na minicíochta measta ar bháisteach níos déine, réiteoidh Comhairle Contae Laoise plean trí bliana don chothabháil ar chainéil abhann (agus na droichid a bhaineann leo) ina dlínse gach re bliain. Beidh an plean cothabhála chuimsitheach seo faoi réir ag na próisis reachtúla (lena n-áirítear Measúnú Cuí (MC) agus Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MSC), sa chás gur gá), i bhfianaise na leochaileacht na láithreán atá i gceist. Beidh aird chuí ag an bpróiseas pleanála, an dearadh, agus aon phróisis reachtúla ar thimpeallacht an uisce ghlactha, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, speicis faoi chosaint, cáilíocht an aeir áitiúil, agus oidhreacht chultúrtha. | E1, E4 | A | Fad ina mhéadair d'aibhneacha faoi chothabháil | Bóithre | | 2024-2029 |
| **39** | I bhfianaise na minicíochta measta ar bháisteach níos déine, molfaidh Comhairle Contae Laoise, ina cuid buiséad bliantúil, méadú 1% os ceann an bhoilscithe sa bhliain in imeacht an phlean seo d'oibreacha cothabhála draenála aibhneacha. Le linn na hoibreacha seo a chur i gcrích, leanfaidh an Chomhairle den aire maidir leis an gcáilíocht uisce, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, dorchlaí claíocha agus éiceolaíocht an uisce. | E1, E4 | A | Buiséad sannta | Bóithre | | 2024-2029 |
| **40** | Bainfidh Comhairle Contae Laoise feidhm as córas taifeadta teagmhais agus tuile, ar nós aip WIRE nó eile, chun feabhsú a dhéanamh ar an gcumas sonraí beo a bhailiú, a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh i dtaca le teagmhais tuilte. | C1, C7, E4 | A | Líon teagmhas a taifeadadh | Bóithre | | 2024-2029 |
| **41** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise comharthaí in airde a thacóidh leis an taisteal gníomhach; áireofar ann sin 'fad' agus 'am taistil ghníomhaigh chuig' mar chomharthaí i bPort Laoise faoi 2024. Má éiríonn leis, déanfar amhlaidh sna bailte i gContae Laoise ar mó ná 5,000 a ndaonra. | D1, D5 | M | Tuairisc Mheasúnaithe | Taisteal Gníomhach | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 42 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise níos mó spás páirceála ar fáil do rothair in ionaid uirbeacha ar fud an chontae. | D1, D2 | M | Líon seastán rothar a cuireadh isteach | Oifig Tionscadal | Taisteal Gníomhach | 2024-2029 |
| 43 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise triail ar 'spásanna súgartha' a chur le hais na gconairí siúil, chun cosáin a dhéanamh tarraingteach, go háirithe do na siúlóirí óga. Má éiríonn leis, déanfar amhlaidh in áiteanna oiriúnacha eile ar fud an chontae. | D1, D2, E3 | M | Scéim phíolótach curtha i gcrích | Taisteal Gníomhach | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| 44 | Faoi 2027 déanfar aon cheann amháin ar a laghad d'fhlít HGV Chomhairle Contae Laoise a uasghrádú chun dramhaíl foinse inbhuanaithe a úsáid (HVO nó CNG) chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú. | A2, A4, C6 | M | Scéim phíolótach curtha i gcrích | Bóithre | Rialtas | 2024-2029 |
| 45 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise dhá chúrsa tiomána 'tíosacht fuinnimh' ar a laghad ar siúl dá foireann in imeacht an phlean. | A1, A4 | M | % tiománaithe HGV a thug faoin oiliúint | Bóithre | Rialtas | 2024-2029 |
| 46 | Mar thoradh ar an taithí a fuarthas ón soilsiú poiblí faoi chumhacht na gréine ar an mBaile Fionn, déanfaidh Comhairle Contae Laoise triail ar shoilse bóthair LED PV ag dhá ionad eile; déanfar cinnte de i rith ama go mbeidh na leibhéil lúmain agus an raon speictreach faoi chothabháil nó faoi riail/laghdaithe sa chaoi nach gcuirfear isteach ar an mbithéagsúlacht. | A2, C3 | M | Líon tionscadal LED PV gréine | Bóithre | Rialtas | 2024-2029 |
| 47 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise fiosrú maidir le féidearthachtaí an Téimh Chomhroinnte nó Dúiche i bPort Laoise. | C3, A2 | M | Staidéar Indéantachta curtha i gcrích | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |

Ar leanúint >



Tuilte i Móinteach Mílic mí na Samhna 2017

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **48** | In imeacht an phlean seo cuirfidh Comhairle Contae Laoise Straitéis Leictreachais In-Athnuaite (RES) i gcrích don Chontae, bunaithe ar threoir athbhreithnithe náisiúnta. Bheadh cruth cuí ar a leithéid de straitéis i ngeall ar riachtanais phleanála agus chosanta comhshaoil a bhaineann le forbairt an fhuinnimh in-athnuaite. | A5, | M | RES curtha i gcrích | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |
| **49** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise staidéar indéantachta i leith Feirm Gréine ag líonadh talún Choillte Laoise, agus cinnteoidh go mbeidh aird ag an staidéar seo ar bhreithnithe pleanála agus cosanta comhshaoil. | A2, C3, C2 | M | Staidéar Indéantachta curtha i gcrích | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024 |
| **50** | De réir Phlean Forbartha an Chontae, leanfaidh Comhairle Contae Laoise den fhorbairt dhlúth agus den athghiniúint uirbeach a chur chun cinn. | A5 | A+M | Líon tionscadal athghiniúna agus Tionscnaimh Ghníomhaithe Aeráide iontu | Pleanáil | Athghiniúint, Tithíocht, Athghiniúint agus tionscadail Chaipitiúla | 2024-2029 |
| **51** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise leathadh ar an Scéim Roinnte Rothar sna ceantair uirbeacha ar mó ná 5,000 a ndaonra. | D1, D2 | M | Líon scéimeanna | Oifig Tionscadal | Bóithre, Taisteal Gníomhach, Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| **52** | Ceapfaidh Comhairle Contae Laoise Oifigeach Rothaíochta a bheidh mar cheannasaí maidir le taisteal gníomhach a chur chun cinn. | D1, D2 | M | Oifigeach Rothaíochta Ceaptha | Taisteal Gníomhach | Bóithre | 2024 |
| **53** | Tacóidh Comhairle Contae Laoise le triail a dhéanamh ar Scéim Taisce Rothar. | D1, D2 | M | Scéim Phíolótach | Gníomhú Aeráide | | 2024-2025 |
| **54** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den nós e-Rothair a chur ar fáil dá foireann chun freastal a dhéanamh ar chruinnithe. | D1, D2 | M | Scéim Phíolótach | Taisteal Gníomhach | Gníomhú Aeráide | 2024-2025 |
| **55** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise triail phíolótach ar Mhol Gluaiseachta Iompair ag stáisiún traenach Phort Laoise, agus luacháil ar mar a éiríonn leis, agus déanfar staidéar indéantachta maidir lena leathnú amach chuig stáisiúin eile an Chontae. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt air seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | D1, D2 | M | Scéim Phíolótach críochnaithe / indéantacht réidh don leathadh amach | Oifig Tionscadal | Taisteal Gníomhach | 2024-2029 |
| **56** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise iniúchadh ar áiteanna oiriúnacha chun píolóta 'Bealaí Rothair' a chur i gcrích. | D1 | M | Staidéar Indéantachta curtha i gcrích / Líon bealaí píolótacha | Taisteal Gníomhach | Spórt agus Fóillíocht | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 57 | Rachaidh Comhairle Contae Laoise ag obair le gníomhaireachtaí eile chun sainaithint a dhéanamh ar áiteanna tosaíochta ar fud an chontae agus oibreoidh le gníomhaireachtaí cistithe chun soláthar a aimsiú ar scáthláin bus agus uasghráduithe ar a bhfuil ann díobh. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt air seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil | D1, D2 | M | Líon scáthlán bus nua/nuachóirithe | Taisteal Gníomhach | Local Link/ NTA | 2024-2029 |
| 58 | Rachaidh Comhairle Contae Laoise ag obair le gníomhaireachtaí eile chun cabhrú le boscaí ainmnithe bus a chur isteach, áit nach féidir áit tarraingte isteach a chur ar fáil; dorchlaí bus sna bailte móra mar ar féidir iad; moil busanna i mbailte móra mar ar féidir le scíste a thabhairt do thiománaithe. | D1, D2 | M | Staidéar Indéantachta curtha i gcrích do na boscaí / Líon a cuireadh isteach | Taisteal Gníomhach | Local Link/ NTA | 2024-2029 |
| 59 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den teagmháil agus den tacaíocht leis an gClár Conairí Sábháilte chun na Scoile, i gcomhar le An Taisce. Leanfar de na forbairtí taistil ghníomhaigh ar bhealach a mbeidh aird aige ar leochaileachtaí comhshaoil (muintir na háite, bithéagsúlachta, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an uisce agus hidreolaíochta, trácht agus dálaí iompair reatha agus luach na taitneamhachta). | D1, D2 | M | Líon scoileanna sa chlár SRTS | Taisteal Gníomhach | | 2024-2029 |
| 60 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise forbairt ar bhealaí nua éasacaithe i dtimpeallachtaí uirbeacha, chun amanna taistil a laghdú chuig na cinn scríbe mhóra, rud a laghdóidh an spleáchas ar charranna. | D1, D2 | M | Líon idirghabhálacha | Taisteal Gníomhach | Gníomhú Aeráide | 2024 |
| 61 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise iniúchadh ar áiteanna oiriúnacha don Pháirceáil agus Taisteal/Siúl amach ó láithreacha lár bailte. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt air seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil | D1, D2 | M | Staidéar indéantachta ionad/líon saoráidí | Taisteal Gníomhach | Bóithre | 2024-2029 |
| 62 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise Córas Monatóireachta Fuinnimh ar obair agus fo-mhéadrú fuinnimh ar fud chuid foirgneamh na Comhairle. | A1,C2 | M | Líon Braiteoirí Fuinnimh | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |
| 63 | Ceapfaidh Comhairle Contae Laoise Treochlár Dícharbónaithe Feithiclí, rud a dhéanfaidh plean don fhlít a dhícharbónú. | A1, A2, C7, | M | Treochlár réidh/ % laghdú ar astaíochta GCT | Bóithre | | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 64 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise an Straitéis Bithéagsúlachta agus Oidhreachta i bhfeidhm rud a dhéanfaidh taifeadadh, caomhnú agus ardú feasachta ar gach uile ghné den oidhreacht thógtha, nadúrtha agus chultúrtha i gContae Laoise, i bhfianaise na ndúshlán méadaitheach a thagann leis an athrú aeráide. | tbc | A | tbc | tbc Pleanáil (Oifigeach Oidhreachta) | Gníomhú Aeráide (Oifigeach Bithéagsúlachta) | 2024-2029 |
| 65 | Sa chás go mbeidh aon fheithicil éadrom de chuid Chomhairle Contae Laoise le hathnuachan, is feithicil leictreachais a chuirfear ina háit go huathoibríoch (sin nó feithicil ísealastaíochtaí eile), ag brath ar a oiriúnaí atá sí don chuspóir sannta. | A2, C6 | M | Líon feithiclí nua a fuarthas | Bóithre | Rialtas | 2024-2029 |
| 66 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise nuashonrú ar bhonneagar fíorúlaithe freastalaithe, chun laghdú a dhéanamh ar an tomhaltas fuinnimh is riachtanach chun seirbhísí digiteacha na comhairle a rith. | A1, C6 | M | Laghdú ar thomhaltas fuinnimh | TEF | | 2024 |
| 67 | In imeacht an phlean seo déanfaidh Comhairle Contae Laoise mapáil agus taifeadadh ar gach uile ghréasáin draenála mórbhóthair chun sonraí cruinne a dhéanamh amach maidir leis an mbonneagar reatha draenála. | E1, E4 | A | Mapáil críochnaithe | Bóithre | | 2024-2029 |
| 68 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise athbhreithniú ar dhroichid chloiche níos sine ar na codanna is uachtaraí de na haibhneacha, a d'fhéadfadh bheith buailte ag sciúradh breise i ngeall ar an mbáisteach mhéadaithe. Aithnítear go mbeidh aon phlean a d'eascródh as Athbhreithniú dá leithéid faoi réir ag próisis reachtúla ar leochaileachtaí timpeallachta ar nós thimpeallacht an uisce ghlactha, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, speicis faoi chosaint, cáilíocht an aeir áitiúil, agus oidhreacht chultúrtha laistigh den Phlean féin. | E1, E4 | A | Athbhreithniú críochnaithe | Bóithre | | 2024-2029 |
| 69 | Rachaidh Comhairle Contae Laoise ag comhoibriú le húdaráis áitiúla sa chomharsanacht chun straitéis luchtaithe chuimsitheach a fhorbairt d'fheithiclí leictreacha (EVanna), rud a chinnteoidh go mbeidh bonneagar comhtháite gan briseadh ann don réigiún a thacóidh le glacadh forleathan na bhfeithiclí leictreacha, leis an aird chóir ar leochaileachtaí timpeallachta ar nós thimpeallacht an uisce ghlactha, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, speicis faoi chosaint, cáilíocht an aeir áitiúil, agus oidhreacht chultúrtha. | C1, D1, D2 | M | Líon pointí poiblí don luchtú EV i gContae Laoise | Bóithre | | 2024-2029 |


## Téama 3: Timpeallacht Nadúrtha agus Bonneagar Glas

**Mar chrann taca ag an gcur chuige maidir le tabhairt faoi dhúshláin an athraithe aeráide beidh caomhnú, cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais sa chontae.**

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **70** | Cruthóidh Comhairle Contae Laoise Straitéis Crann a chuirfidh fís agus treoir ar fáil don phleanáil fhadtéarmach agus do chur, chosaint agus chothabháil na gcrann, na gclaíocha agus na gcoillte i gContae Laoise, agus bearta a chur i gcrích a úsáid speicis dhúchasacha de rogha ar speicis neamhdhúchasacha agus beidh aird i gcónaí ar shaincheisteanna seasmhachta na créafóige agus na cáilíochta uisce. | E3 | A+M | Straitéis Crann réidh/curtha ag imeacht | | | 2024-2029 |
| **71** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise oiliúint inmheánach ar fáil d'fhoireann ábhartha údarás áitiúil Laoise maidir le cur chun cinn na bithéagsúlachta agus Réitigh Dúlrabhunaithe (NBS) ina róil. | C7 | A+M | Líon ag freastal ar oiliúint | Gníomhú Aeráide (Oifigeach Bithéagsúlachta), Pleanáil (Oifigeach Oidhreachta) | Pleanáil | 2024-2029 |
| **72** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise crainn a chur chun críche an scáilithe in 10 n-eastát tithíochta a tógadh cheana, faoi réir ag an riachtanas agus ag an gcomhaontú áitiúil. Beidh gealltanas anseo crainn dhúchasacha a chur. | A5, D2 | M | Líon scéimeanna plandála | Housing | Gníomhú Aeráide (Oifigeach Bithéagsúlachta) | 2024-2029 |
| **73** | Cabhróidh Comhairle Contae Laoise le forbairt Gharraí Bithéagsúlachta ag Ionad na Múinteoirí i bPort Laoise. | B1, B4, | M | Tionscadal curtha i gcrích | Gníomhú Aeráide | BOOLU, Ionad Múinteoirí | 2024-2025 |
| **74** | Cabhróidh Comhairle Contae Laoise le scoileanna forbairt a dhéanamh ar thioncadail bithéagsúlachta ina n-áitreabh féin le linn an phlean seo. | B1, B4, | M | Tionscadal Bithéagsúlachta curtha i gcrích | Gníomhú Aeráide | Bunscoileanna | 2024 |
| **75** | Laistigh de chóras inmheánach GIS Chomhairle Contae Laoise, beidh fáil ar mhapáil ghnáthóige chuí. | C4, C7 | A+M | Mapáil GIS ar fáil d' fhoireann na rannóg ábhartha | Planning, Gníomhú Aeráide , IT | | 2024-2029 |
| **76** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise forbairt agus feidhmiú ar cháipéis dea-chleachtais le haghaidh laghdú a dhéanamh ar lotnaicídí agus luibhicídí ceimiceacha ar thailte atá faoina bainistiú. Glacfaidh Comhairle Contae Laoise leis an dea-chleachtas maidir le táirgí dá leithéidí a úsáid, chun an riosca a laghdú maidir le dochar don timpeallacht. | E5, C7 | A+M | Críochnú na treorach dea-chleachtais agus glacadh leis trí na próisis ábhartha | Gníomhú Aeráide (Oifigeach Bithéagsúlachta), Pleanáil (Oifigeach Oidhreachta), Bóithre | Comhshaol, Plean Pailneoirí Náisiúnta na gCeantar Bárdasach | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **77** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den fheidhmiú aici ar rialacháin GAP (dea-chleachtas talmhaíochta) lena chinntiú go mbeidh dobharlaigh athléimneach i gcónaí in aghaidh an athraithe aeráide. | E4, E5 | A+M | Líon cigireachtaí abhantraigh i gcrích. Líon tionscadal feasachta i gcrích. Líon dobharlach agus maoirseacht orthu | Comhshaol | An Forum Uisce/ DHLGH/EPA/ LAWPRO/ Uisce Eireann/ GSI/ Iascaigh Intíre Éireann/ NWPS/ IFA/ NFGWS | 2024-2029 |
| **78** | Rachaidh Comhairle Contae Laoise ag obair le comhpháirtithe chun leanúint den fheasacht ar an dea-chleachtas talmhaíochta agus éagsúlú san earnáil áitiúil talmhaíochta e.g. feirmeoireacht chliste, feirmeoireacht don dúlra. | D3, E3, E5 | A+M | Líon tionscadal | Gníomhú Aeráide | Teagasc | 2024-2029 |




An Trióg, Port Laoise




Bláthanna, Féile na gCoigealach, Darú

## Téama 4: Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Sócmhainní

**Tacaíocht le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus glacadh le cleachtais inbhuanaithe.**

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **79** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise an Ciste Gníomhaithe Aeráide Pobail i bhfeidhm, a chuirfidh pobail áitiúla i mbun a dtionscadal Gníomhaithe Aeráide féin ina n-áit féin. | D5, F3 | A+M | Líon iarratas curtha isteach | Gníomhú Aeráide | | 2024-2026 |
| **80** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise san áireamh, áit ar féidir agus i bhfianaise chritéir na gclár a fhaigheann ciste deontais, scóráil 'Inbhuanaitheacht agus Athrú Aeráide' ar mheasúnuithe ábhartha deontais. Spreagfaidh seo grúpaí pobail/páirtithe leasmhara an Maolú agus an tOiriúnú Aeráide a bhreithniú agus a chur san áireamh ina ngníomhaíochtaí deontais. | A3, B1 | M | Uasdátú déanta ar fhoirmeacha iarratais chun an cuspóir seo a chomhlíonadh. Líon iomlán deontas agus scóráil 'Inbhuanaitheacht agus Athrú Aeráide' déanta orthu. | Rannóg Phobail | Comhshaol, Gníomhú Aeráide , PPN, Ionad Oibrithe Deonacha/NTDC agus STDC | 2024 |
| **81** | Tabharfaidh Comhairle Contae Laoise spreagadh agus tacaíocht do Bhusanna Rothair sa chaoi go méadófar na roghanna comaitéireachta ghníomhacha inbhuanaithe. | B1, B2, D1 | M | Líon turas a rinneadh in imeacht 12 mhí. Líon úsáideoirí seirbhíse in imeacht 12 mhí. | Taisteal Gníomhach | Gníomhú Aeráide | Gníomhú Aeráide |
| **82** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den tacaíocht a thabhairt do Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SEC) trí chabhrú le réiteach na Máistirphleananna áitiúla do cheantair SEC. | B3 | M | Líon SEC cláraithe / Líon EMP críochnaithe | Gníomhú Aeráide | SEAI, MEA | 2024-2029 |
| **83** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise timpeallachtaí glana chun cinn trína tacaíocht le Bailte Slachtmhara, grúpaí pobail agus tionscadail timpeallachta eile ar fud an chontae. | B2, B4 | M | Líon grúpaí cláraithe don Ghlantachán Bliantúil Earraigh agus Cláir eile Ghlantacháin | Comhshaol | An Taisce | 2024-2029 |
| **84** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den seachadadh ar imeachtaí oideachais agus feachtasaíochta a bhaineann leis an aeráide, ar fud an chontae, agus feachtais chumarsáide agus treocháipéisí chun gníomhaíochtaí áitiúla aeráide a spreagadh. | B1, B2, B4, C4 | A+ M | Líon feachtas/ tionscadal/ cáipéisí | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **85** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den teagmháil ghníomhach le heagraíochtaí Pobail/Deonacha, lena n-áirítear grúpaí óige agus seanóirí, chun cabhrú le forbairt ar ghníomhaíochtaí aeráide faoi cheannas an phobail féin. | B4 | A+ M | Líon feachtas/ tionscadal/ cáipéisí | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **86** | Oibreoidh Comhairle Contae Laoise go dlúth le hionadaithe na n-eagraíochtaí gnó chun cabhrú leis na heagraíochtaí sin forbairt a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí aeráide féin. | B2, B1 | M | Líon feachtas | Gníomhú Aeráide | LEO, Comhlachais Tráchtála | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 87 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den chomhoibriú le comhlachtaí poiblí eile atá ar obair sa chontae (agus sa réigiún) maidir leis an Aistriú Cóir a bhaint amach sa chontae. | F1, G2, C5, C1, F4 | A+M | Líon feachtas | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| 88 | Rachaidh Comhairle Contae Laoise ag obair, faoi threoir an mheamraim tuisceana atá sínithe ag CLG agus CCMA, ar thionscadail inbhuanaitheachta agus gníomhaithe aeráide, agus beidh páirteach sa Chlár 'Cumann Glas' faoi cheannasaí ainmnithe. | B1, B2, C1, C4 | M | Líon cumann cláraithe mar Chumainn Ghlasa | Gníomhú Aeráide | GAA, CARO, RWMO | 2024-2029 |
| 89 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise forbairt ar thionscadail a bheidh dírithe ar thacú leis an éifeachtúlacht acmhainní, íoslaghdú na dramhaíola, cosc ar bhia a chur amú, agus ar an ngeilleagar ciorclach ar fud an chontae. | tbc | A+M | tbc | tbc Comhshaol | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| 90 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise tacaíocht ar fáil chun an Oiliúint san Éicea-Thurasóireachta a chur chun cinn, do dhaoine aonair, do ghrúpaí agus do ghnólachtaí. | F1, F3, G2 | A+M | Líon feachtas | Gníomhú Aeráide / LEO | Fáilte Laoise / Uiscebhealaí Éireann/ Bailte Slachtmhara/ moil spóirt an phobail/ BOOLUF/ LEADER IP | 2024-2029 |
| 91 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise dá tacaíocht le hinstitiúidí breisoideachais maidir le cúrsaí tríú leibhéil a chur ar fáil go háitiúil, agus tacú leis an taisteal gníomhach mar mhodh iompair chuig institiúidí breisoideachais agus uathu. | F1, C1 | A+M | Líon cúrsaí 3ú leibhéil a seachadadh sa chontae | Líon cúrsaí 3ú leibhéil cianda | CUBE, Moil, BOOLUA, Institiúidí Tríú Leibhéil | 2024-2029 |



Tionscadal na mBleibíní Earraigh, Port Laoise



Fógraí Eolais Pailneoirí, Port Laoise

## Téama 5: Pobail, Athléimneacht agus Aistriú

**Breithniú a dhéanamh ar an Aistriú Cóir agus gníomhú aeráide á chur i bhfeidhm.**

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **92** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise córas íocaíochta ar líne ar siúl, agus déanfaidh cothabháil air. | A3, C3, D1, D2 | M | Líon úsáideoirí an chórais ar líne | Tithíocht | IT | 2024 |
| **93** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den ghníomhú aeráide agus scileanna glasa a chur chun cinn san oiliúint agus oideachas i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fhailí (BOOLUF) agus Oifigí Fiontraíochtaí áitiúla (OFanna). | B5, F1 | M | Líon cúrsaí | Gníomhú Aeráide | LEO, BOOLUF | 2024-2029 |
| **94** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den chomhoibriú le scoileanna dara leibhéil i Laois chun cúrsaí Litearthachta Aeráide a choinneáil ar siúl do scoláirí idirbhliana. | B1, B4, C4 | M | Líon cúrsaí | Gníomhú Aeráide | BOOLUF | 2024-2030 |
| **95** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise de na tionscadail athúsáide a chur i bhfeidhm i leabharlanna an chontae, mar thaca leis an ngeilleagar ciorclach. | B1, C4, D1 | M | Líon tionscadal | Leabharlanna Laoise | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| **96** | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den Trealamh Fuinnimh Tí a chur ar fáil ar iasacht ó na leabharlanna áitiúla. | B1, C4, D1 | M | Líon tionscadal / líon úsáideoirí seirbhíse | Leabharlanna Laoise | Gníomhú Aeráide | 2024-2030 |
| **97** | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise le rannpháirtíocht réamhghníomhach scoileanna sa chlár Scoileanna Glasa. | B1, B4, C4 | M | Líon scoileanna agus Brag Glas acu | Gníomhú Aeráide (Oifigeach Feasachta Comhshaoil) | | 2024-2029 |
| **98** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise uasdátú ar an Leabharlann Tionóntaí le treoir ar oibriú an chaidéil teasa agus conas bail a chur air. | F4, D4 | M | Athbhreithniú críochnaithe ar an lámhleabhar | Tithíocht | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| **99** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise triail ar rogha clár athraithe aeráide a bheidh dírithe ar an taisteal gníomhach a spreagadh agus tacú leis, d'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'aistriú réigh chuig na roghanna inbhuanaithe iompair/gluaiseachta sa phobal. | A5, B1, C3, D1, D5 | M | Líon tionscadal | Oifig Spóirt agus Fóillíochta | Taisteal Gníomhach / Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| **100** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise triail ar thionscadail in-athdhéanta, inscálaithe le linn an phlean seo (tionscadail Ghníomhaithe Aeráide Ciste Pobail). Mar is gnách, déanfar forbairt le tacaíocht an phlean seo i gcomhréir leis na riachtanais phleanála agus cosanta timpeallachta. | C3 | A+M | Líon tionscadal | Rannóg Phobail | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |

Ar leanúint >


| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 101 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise clár píolótach i bhfeidhm a chuirfidh boscaí bruscair athchúrsála in aice le boscaí gnáthbhruscair i gceartlár áiteanna faoi leith. | D1 | M | Líon boscaí bruscair | Oifig na dTionscadal | Bóithre | 2024-2029 |
| 102 | Rachaidh Comhairle Contae Laoise ag obair le Páirtíocht Spóirt Laoise ar chláir ghníomhaithe maidir le bealaí nua taistil ghníomhaigh. | A3, B1, C1, D1, D5 | M | Líon ceardlann a reáchtaileadh | Oifig Spóirt agus Fóillíochta | Taisteal Gníomhach / Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| 103 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise forbairt ar sheicliosta 'Aeráide agus Glasú' maidir le himeachtaí inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear féilte agus imeachtaí a bheidh ar siúl le tacaíocht Chomhairle Contae Laoise. | C4 | M | Seicliosta déanta/ Líon úsáide seiclíosta imeachtaí | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| 104 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise rialacháin mholta náisiúnta i bhfeidhm maidir le bosca bruscair donn don dramhaíl orgánach mar chuid lárnach de na seirbhísí bailithe dramhíola do gach teach. | D3 | M | Critéir Íosta Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) | Comhshaol | | 2024-2029 |
| 105 | Ardóidh Comhairle Contae Laoise feasacht i measc GBManna faoi thionscadail ghníomhaithe aeráide agus deontais éifeachtúlachta fuinnimh. | G2, F1 | M | Líon tionscnamh feasachta do GBManna | CUBE | LEO/ SEAI | 2024-2029 |
| 106 | Tacóidh Comhairle Contae Laoise le mion-GBManna maidir le pleananna bainistithe inbhuanaithe (Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Greenstart) a fhorbairt. | B2 | M | Líon gnólachtaí ag glacadh páirte i gcláir inbhuanaitheachta | LEO | | 2024-2029 |
| 107 | Cuirfidh Comhairle Contae Laoise Oiliúint sa Soláthar Glas ar fáil do Ghnólachtaí, a chuirfidh ar a gcumas cloí le prionsabail an tSoláthair Ghlais Phoiblí (GPP) nuair a bheifear i mbun tairiscintí. | G2, F1 | M | Líon cúrsaí oiliúna do ghnólachtaí agus GPP iontu | LEO | Soláthar | 2024-2029 |
| 108 | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise forbairt bhreise ar an rochtain ar líne ar sheirbhísí na Comhairle, tríd na tionscadail chomhroinnte earnála agus an nuálacht inmheánach, de réir na ngealltanas atá in 'Cónascadh Rialtais 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann'. | D1 | M | Líon foirmeacha/ seirbhísí ar fáil ar líne | IT | Gach Roinn | 2024-2029 |
| 109 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den chur chuige 'Digiteach ar dTús' ach ní digiteach amháin, maidir le feabhsú ar phróisis ghnó san eagraíocht. | D1 | M | Líon foirmeacha/ seirbhísí ar fáil ar líne | IT | Gach Roinn | 2024-2029 |
| 110 | Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den laghdú ar pháipéar a úsáid san eagraíocht, le tionscadail leasaithe na gcleachtas gnó agus digitiú ar phróisis inmheánacha soláthar seachtrach ar sheirbhísí. | A2 | M | Úsáid pháipéir | IT | Gach Roinn | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomh | Cuspóir | A/M/ A+M | Beart Rianaithe | Roinn Cheannais | Páirtithe | Amscála |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **111** | Rachaidh Comhairle Contae Laoise i gcomhpháirt go gcuirfidh sí isteach idir 2024 agus 2026 ar fhorbairt agus cruthú coincheapa don éiceathurasóireacht trí Chiste Turasóireachta Athghiniúnaí an Aistrithe Chóir, agus aird ar an riachtanas go ndéanfadh tionscadal dá leithéid breithniú ar riachtanais chosanta comhshaoil agus comhshochair aeráide. | F1, F3, G2 | A+M | Iarratais ar chistiú AC | Failte Ireland (FI) | Laois Chamber Alliance | 2024-2025 |
| **112** | Leis na cláir Éire Shláintiúil, Age Friendly, agus cláir Spóirt leanfaidh Comhairle Contae Laoise den tacaíocht le beatha fholláin ghníomhach, agus éascaíocht a dhéanamh do dhaoine roghanna taistil ghníomhaigh a thógáil. | B1, B2, D1 | M | Líon tionscadal | Pobal | Gníomhú Aeráide | 2024-2029 |
| **113** | Déanfaidh Comhairle Contae Laoise scéim phíolótach chun feabhsú a dhéanamh ar an rochtain ar shruthanna dramhaíola ag Líonadh Talún Choillte Laoise. | D1, D2 | M | Staidéar píolótach déanta | Comhshaol | | 2024-2029 |
| **114** | Tacóidh Comhairle Contae Laoise le tionscadail fás bia sa phobal, trí fhorbairt a dhéanamh ar threoracha don gharraíodóireacht phobail. | tbc | A+M | tbc<br>Forbairt ar threoracha don gharraíodóireacht phobail AGUS/NÓ líon tionscadal fáis phobail | Gníomhú Aeráide | Pleanáil | 2024-2029 |



Siúlóid Phortaigh Mhainistir Laoise



Tuilte i bPáirc Chúil an tSúdaire

Tá earnáil na n-údarás áitiúil tar éis Gníomhú Éifeachtach Aeráide a Sheachadadh 2030 (DECA) agus sin mar straitéis earnála maidir le seachadadh a dhéanamh i leith na Cairte Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na tíre. Taispeánann an tábla thíos conas atá comhréir idir na Gníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaithe Aeráide seo Laoise agus an DECA. Tá mionsonraí thíos faoin líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi gach ceann de na sé sprioc DECA agus tugtar uimhir aitheantais gach gnímh ó Fhigiúr 5.6 i leith gach téama do gach sprioc DECA.

**Fíor 5.6: Comhréir idir gníomhaíocht PGAUA agus Spriocanna Straitéiseacha 'Gníomhú Éifeachtach Aeráide a Sheachadadh 2030' (DECA)**

| DECA Sprioc 1 | DECA Sprioc 2 | DECA Sprioc 3 |
|---|---|---|
| "Rialachas, ceannaireacht agus páirtíochtaí a chothú don ghníomhú aeráide" | "Cuspóirí astaíochtaí carbóin agus éifeachtúlachta fuinnimh don UA a bhaint amach do 2030 agus 2050" | "Seachadadh a dhéanamh i leith an oiriúnaithe aeráide agus na hathléimneachta aeráide" |
| **Líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi Sprioc seo DECA: 63** | **Líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi Sprioc seo DECA: 56** | **Líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi Sprioc seo DECA: 53** |
| **Uimhreacha Ghníomhaíocht PGAUA:-**<br>**Téama 1:** 1- 21.<br>**Téama 2:** 22, 24, 25, 34, 38, 39, 40, 44, 45, 47, 48, 49, 50, 54 58, 62 63, 65, 68, 69.<br>**Téama 3:** 70, 71, 73, 76, 77, 78.<br>**Téama 4:** 82, 83, 86, 87, 88, 90.<br>**Téama 5:** 92, 93, 94, 99, 105 – 109, 111. | **Uimhreacha Ghníomhaíocht PGAUA:-**<br>**Téama 1:** 9, 10, 20, 21.<br>**Téama 2:** 22 – 25, 27 – 34, 41 – 56, 58 – 63, 65, 66, 69.<br>**Téama 3:** 71.<br>**Téama 4:** 81, 82.<br>**Téama 5:** 92, 95, 98, 99, 100, 102, 103, 107 – 110, 112. | **Uimhreacha Ghníomhaíocht PGAUA:-**<br>**Téama 1:** 7, 17, 18, 19.<br>**Téama 2:** 25-28, 32 – 40, 46, 50, 55, 59 – 64, 66, 67, 68.<br>**Téama 3:** 70-78.<br>**Téama 4:** 81, 82, 88 – 91.<br>**Téama 5:** 97, 99, 100, 102, 107, 108, 111, 112, 114. |
| **DECA Sprioc 4** | **DECA Sprioc 5** | **DECA Sprioc 6** |
| "Gníomhú aeráide a ghríosú i bpobail áitiúla" | "Gníomhú aeráide a ghríosú san fhiontraíocht agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar ionchuimsitheach, glan-nialasach ciorclach" | "Aistriú cóir' a bhaint amach, go háirithe do na pobail sin a bheadh buailte go heacnamúil ag tionscadail dícharbónaithe" |
| **Líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi Sprioc seo DECA: 76** | **Líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi Sprioc seo DECA: 40** | **Líon iomlán gníomhaíochtaí PGA faoi Sprioc seo DECA: 56** |
| **Uimhreacha Ghníomhaíocht PGAUA:-**<br>**Téama 1:** 14, 15.<br>**Téama 2:** 22 – 34, 38 – 43, 47 – 53, 55, 56, 58 – 62, 68, 69.<br>**Téama 3:** 70, 72 – 78.<br>**Téama 4:** 79 – 91.<br>**Téama 5:** 92 – 106, 108, 111 – 114. | **Uimhreacha Ghníomhaíocht PGAUA:-**<br>**Téama 1:** 11- 16.<br>**Téama 2:** 23, 32, 33, 34, 43, 50.<br>**Téama 3:** na<br>**Téama 4:** 80 – 90.<br>**Téama 5:** 93, 94, 95, 97, 99, 100, 101, 103 – 113. | **Uimhreacha Ghníomhaíocht PGAUA:-**<br>**Téama 1:** 16.<br>**Téama 2:** 22, 24 – 28, 30, 31, 33, 4142, 43, 47, 48, 49, 51, 52, 53, 55, 56, 58 – 61.<br>**Téama 3:** na<br>**Téama 4:** 79 – 91.<br>**Téama 5:** 92 – 100, 102, 104 – 107, 111 – 114. |

## 5.6.1 Comhréir PGAUA Laoise le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is é atá sa Chlár 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ná comhaontú idirnáisiúnta atá ceangailte go dlúth le Comhaontú Pháras, ar ghlac Ball-Stáit na NA leis i Méan Fómhair 2015. I gcroílár an Chláir sin tá 17 gcinn de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI). (Fíor 5.7)

Tá de chuspóir ag na spriocanna seo deireadh a chur le bochtaineacht, an domhan a chosaint agus feabhsú a dhéanamh ar bheatha agus ar ionchas an uile dhuine san uile áit. Tá 169 cuspóir sa 17 sprioc, atá le baint amach faoi 2030. In 2019, d'iarr ceannairí an domhain go mbeadh deich mbliana de ghníomhaíocht ann chun na Spriocanna a bhaint amach faoin am sin.

**Fíor 5.7: Spriocanna Forbartha Straitéiseacha**




Béimnítear chomh maith i gClár 20230 don Fhorbairt Inbhuanaithe an ról tábhachtach a bheidh ag údaráis áitiúla i dtaca leis an 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) maidir le scálú a dhéanamh ar an ngníomhú, an t-athrú a chur i gcrích agus lonnaíochtaí daonna atá inbhuanaithe a chinntiú. Cuireann na SFIanna uaillmhian uileghabhálach agus creat luachmhar ar fáil le haghaidh gach leibhéal den rialtas chun comhréir a dhéanamh idir tosaíochtaí rialtas áitiúil, náisiúnta agus domhanda, ag iarraidh gan duine ar bith a fhágáil ar lár.

D'aithin Plean Feidhmithe Náisúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) go bhfuil ról barrthábhachtach ag an rialtas áitiúil maidir le beartais náisiúnta a aistriú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla cinnte ar féidir leo na cuspóirí SFI a réalú i gcuid iompair agus i gcuspóirí daoine aonair agus pobal.

Leanann an Dara Plean Feidhmithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2020-2024 den tógáil ar ról seo an rialtais áitiúil in Éirinn agus cuirtear san áireamh ann roinnt sainghníomhaíochtaí chun sin a bhaint amach, mar atá:

- Taispeáint, comhroinnt agus tógáil ar thionscnaimh reatha
- Tógáil acmhainne agus feasachta
- SFI a neadú sna creata Rialachais agus tuairiscithe
- SFI a neadú i gcreat pleanála áitiúla
- Teagmháil Phobail

Chomh maith leis sin, aithnítear údaráis áitiúla mar cheann den naoi 'Mór-Ghrúpa', agus ról barrthábhachtach acu san fhorbairt inbhuanaithe agus go háirithe san fhorbairt inbhuanaithe uirbeach.

Tá Comhairle Contae Laoise ag obair chun na SFIanna chur chun cinn, mar seo a leanas:

- dul le páirtíochtaí áitiúla agus/nó idirnáisiúnta agus iad a chruthú
- uirlisí a úsáid chun mapáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle a bhfuil baint acu le SFIanna
- feasacht inmheánach a thógáil
- imeachtaí eolais a reáchtáil le grúpaí seachtracha ar nós ollscoileanna, PPNanna, Bailte Slachtmhara, Éire Chruthaitheach

Rinne foireann na rannóige Gníomhaithe Aeráide measúnú ar PGAUA Laoise maidir lena chomhréir le cuspóirí SFI leis an uirlis Ghéaraithe Gnímh. Bhí gach gníomh sa phlean le measúnú de láimh trí chlib a chur le gach gníomh. Bíonn na clibeanna réamhshocraithe ag an uirlis Ghéaraithe Gnímh bunaithe ar théamaí agus topaicí a bhaineann leis na SFIanna agus leis an bhforbairt inbhuanaithe go ginearálta.

Tá cead faoin measúnú tuiscint níos fearr a fháil ar scóip agus ar thionchar féideartha Phlean Gníomhaithe Aeráide Laoise maidir le cur chun cinn na SFIanna. Fuair an measúnú gur féidir go gcuirfeadh gníomhaíochtaí faoi PGAUA Laoise 15 SFI as 17 chun cinn (Fíor 5.8). Léiríonn seo an tábhacht agus an luach le PGAUA Laoise maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i Laois.

**Fíor 5.8: Léirigh an measúnú go bhfuil comhréir idir Plean Gníomhaithe Aeráide Laoise agus 15 as 17 gCuspóir SFI.**




Léirigh an Uirlis Ghéaraithe Gnímh gur féidir go mbeadh ról tábhachtach ag PGAUA Laoise maidir le cur le SFIanna a bhaineann leis an timpeallacht, go háirithe SFI 13 (Gníomhaíocht ar son na hAeráide), SFI 11 (Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe), SFI 12 (Táirgeacht agus Tomhaltas Freagrach). Léiríonn toradh an mheasúnaithe gur féidir an tionchar a shíneadh a fhad le gach uile ghné den fhorbairt inbhuanaithe: geilleagar, pobal agus comhshaol.

Is amhlaidh, i gcás an dá SFI nach raibh comhréir leo sa mheasúnú, nach bhfuil siad faoi shainordú beartais PGAUA Laoise agus/nó go raibh fócas idirnáisiúnta leis na spriocanna, rud a d'fhág gur mó an bhaint a bheadh acu le beartais eachtracha nó forbartha idirnáisiúnta na hÉireann agus/nó le comhaontuithe nó reachtaíocht idirnáisiúnta.

# Crios Dícharbónaithe 6



Bus Rothaíochta Phort Laoise

# 6 Crios Dícharbónaithe

## 6.1 Comhthéacsa an Chreasa Dhícharbónaithe (CD)

**De réir Ghníomh 165 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, bhí ceangal ar Údaráis Áitiúla pleananna a shainaithint agus a fhorbairt do Chrios Dícharbónaithe laistigh dá gceantar riaracháin.**

Sainmhínítear crios dícharbónaithe mar:

> **"ceantar spásúil arna shainaithint ag an údarás áitiúil inar sainaithníodh réimse beart maolaithe agus oiriúnaithe aeráide, bithéagsúlachta, gona n-úinéirí, chun tabhairt faoi fhuinneamh ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus riachtanais na haeráide agus cur le cuspóirí aeráide náisiúnta"**
>
> Iarscríbhinn Theicniúil D i dTreoirlínte Phleanann Gníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil



Gairis Fuinnimh Bhaile á seoladh i Leabharlanna Laoise

Féachtar i nGníomh 80 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Náisiúnta 2021 le 'tacaíocht, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar Ghníomhú Áitiúil ar son na hAeráide' agus imeasctar leis forbairt an Chreasa Dhícharbónaithe isteach sna treoirlínte reachtúla do na pleananna gníomhaithe aeráide údarás áitiúil.

Tugtar údarás reachtúil do Phleananna Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil le forálacha Alt 165 den Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Dá bhun sin, sa chás go bhfuil an Crios Dícharbónaithe imeasctha isteach sa Phlean Gníomhaithe Aeráide Údaráis Áitiúil tá seasamh reachtúil aige.



# 6.2 Cuspóir an Chreasa Dhícharbónaithe

**Tá sé i gceist go mbeidh Criosanna Dícharbónaithe mar léiriú agus mar thástáil ar cad is féidir a dhéanamh i dtaca leis an dícharbónú agus an gníomhú aeráide ag an leibhéal áitiúil agus pobail, agus cabhrú le spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach.**

Tá sainaithint, dearadh agus forbairt an CD ag iarraidh gníomhaíochtaí a sheachadadh a fhágfaidh gur féidir na cuspóirí náisiúnta 51% de laghdú ar astaíochtaí faoi 2030 agus glan-nialasach faoi 2050. Ba chóir go mbeadh an réimse beartas a mholtar don CD saindírithe ar astaíochtaí agus ar thréithe aeráide an cheantair spásúil sa chrios féin, agus ba chóir teacht ar chomhpháirtithe agus urraitheoirí cuí don tionscadal.

Ba chóir sa CD tacaíocht a thabhairt do thionscadail léiriúcháin a bheifear ábalta a shocrú áiteanna eile agus a mhéadú de réir scála. Is féidir leis na tionscadail léirithe seo tabhairt faoi shaincheisteanna fuinnimh agus eile chun gnóthú ár gcuspóirí náisiúnta aeráide a ghríosú, agus d'fhéadfadh siad baint a bheith acu le réimse deiseanna, ar a n-áireofaí (i measc nithe eile): soghluaisteacht, teas, foirgnimh, bonneagar, bochtaineacht bhreosla, scileanna glasa, fostaíocht, sláinte agus folláine, geilleagar ciorclach agus úsáid talún. Ar deireadh thiar, tiocfaidh leas agus deiseanna leis an ngníomhú CD thar na laghduithe astaíochtaí, ar nós áiteanna a chruthú a bheidh inbhuanaithe, athléimneach, ionchuimsitheach agus a mbeidh daoine ar a sáimhín só ina gcónaí, ag obair agus i mbun gnó iontu.

Breactar in Iarscríbhinn D de Threoirlínte PGAUA na céimeanna atá i gceist maidir le creat an CD a fhorbairt. Na tréithe is tábhachtaí ná an fhoghlaim leanúnach agus an feabhsú thar am, agus tábhacht faoi leith leis an rannpháirtíocht agus leis an gcomhoibriú le páirtithe leasmhara. Tá an cur chuige seo mar eolas don cúig mhórchéim forbartha sa Chrios Dícharbónaithe, mar atá breactha i bhFíor 6.1.

**Fíor 6.1: Cúig Mhór-Chéim Forbartha sa Chrios Dícharbónaithe**

| | |
|---|---|
| **1 Aithint** | • An Crios Dícharbónaithe a shainaithint agus a shainmhíniú<br>• Fís agus Cuspóirí a aithint agus a cheadú |
| **2 Bonnlíne agus Scóipeáil** | • Fairdeal Bonnlíne Astaíochtaí a bhunú<br>• A chinntiú go mbeidh comhréir sa chomhthéacs beartais<br>• Páirtithe leasmhara a aithint agus a mhapáil |
| **3 Clár Deiseanna** | • Punann gníomhaíochtaí, tionscadal, teicneolaíochtaí agus idirghabhálacha a chur i dtoll a chéile |
| **4 Gníomhú** | • Gníomhaíochtaí a leagan amach a bheidh le seachadadh in imeacht an phlean |
| **5 Feidhmiú** | • Straitéis feidhmithe a cheapadh |

Foinse: Treoirlínte PGAUA


# 6.3 An Crios Dícharbónaithe a Roghnú

**Tugadh treoir d'Údaráis Áitiúla Crios Dícharbónaithe a aithint de réir na gcritéar a leagadh amach i gCiorclán LGSM01 – ó RTRAO 10.02.21:**

- **I** Ceantair uirbeacha agus bailte ina bhfuil daonra nach lú ná 5000, nó
- **II** Ceantair tuaithe nach lú a n-achar ná 4km$^2$
- **III** Áiteanna/ceantair eile ar féidir leo dícharbónú a léiriú ar scála inmhacasamhlaithe

Tá Comhairle Contae Laoise tar éis bheith ag cur an tionscadal Baile Ísealcharbóin Phort Laoise ó glacadh le *2040 and Beyond: A Vision for Portlaoise a Strategy for a Better Town Centre* in 2017. Áirítear san fhís sin cuspóirí chun Baile Ísealcharbóin agus Lár Baile Insiúlta a chruthú. I ngeall ar an seasamh réamhghníomhach seo aithníodh Port Laoise mar Thionscadal Léirithe do Chriosanna Dícharbónaithe, mar a imlíníodh i nGníomh 165c den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019. Idir sin agus tréithe áirithe eile de chuid an bhaile roghnaíodh Port Laoise mar Chrios Dícharbónaithe do Chontae Laoise.

**Fíor 6.2: Teorainn Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise**




**Foinse:** Tuarascáil Chéim 1 KPMG um Athrú Teorann

# 6.4 Tréithe ag Port Laoise a fhágann gur oiriúnach é mar Chrios Dícharbónaithe

**Tá roinnt tréithe ag Port Laoise a chuireann deiseanna féideartha ar fáil le haghaidh Crios Dícharbónaithe a chur i bhfeidhm ann, lena n-áirítear daonra atá ag méadú agus próifíl óg aoise ann, tá stoc measartha nua tithe ann agus roinnt mhaith eagraíochtaí earnála poiblí.**

## Fás Daonra agus Aos Óg líonmhar

Tá fás thar an meán i gcónaí ag teacht ar an daonra i bPort Laoise – 38% idir 2006 agus 2011 agus ar 23,494 tá sé ag teacht chun tosaigh mar mhol príomhsheirbhísí do cheantar Lár na Tíre. Mar chionsiocar leis an méadú seo tá déimeagrafach óg, agus meánaois 35.6 bliain, agus breis agus 62.5% den daonra ina mílaoisigh nó mar chuid de Ghlúin Z. I gcás réamh-mheastachán coimeádach féin maidir le méadú daonra san áit, glactar leis go mbeidh fás idir 28,000 agus 30,000 ann faoi 2040.

## Lár Baile Dlúth

Tá Lár Baile dlúth comhtháite ag Port Laoise. Tá cuid de na sócmhainní traidisiúnta a bhaineann le Lár Baile lonnaithe i gcroílár an bhaile lena n-áirítear eaglaisí, áiseanna fóillíochta agus pobail. Tá gráig ghnó agus mhiondíola i Lár an Bhaile, agus tá méadú mór tagtha ar an gcroí tráchtála, taobh ó dheas d'Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair. Scarann Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair an Lár Baile nua-aimseartha ar an taobh ó dheas ón gcroílár gnó thart ar Shráid an Mhargaidh, an Phríomhshráid agus an Chearnóg Íochtair. Tá lár an bhaile anois thart ar Chearnóg an Leastaraigh, ceantar áistritheach tráchtála agus carrchlós a nascann na ceantair Lár Baile idir nua-aimseartha agus stairiúil.

## Stoc tithe cónaí níos nua

Is sa tréimhse thógála 2001-2010 a tógadh móramh na dtithe (44%) i Lár an Bhaile. Mar sin féin, tá tithíocht níos seanda i Lár an Bhaile i gcónaí, lena n-áirítear sa chuoid is mó daonra de lár baile Phort Laoise, agus is dócha gur íseal an éifeachtúlacht fuinnimh ann agus gur mór an t-éileamh fuinneamh agus an tomhaltas, rud a fhágann gur airde na hastaíochtaí carbóin ansin.

Is féidir an stoc tithíochta laistigh de Lár Baile Phort Laoise a rangú de réir aois leis na céatadáin seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Roimh 1980:** | **28%** |
| **1981-1990:** | **8%** |
| **1991-2000:** | **17%** |
| **2001-2010:** | **44%** |
| **2011 nó ina dhiaidh:** | **3%** |




Plás Mhic Mhuiris, Port Laoise

Tá 1,009 aonad tithíochta sóisialta i Lár Baile Phort Laoise agus freagracht ag an údarás áitiúil maidir le hiad a iarfheistiú, chomh maith lena shócmhainní foirgnimh féin, lena n-áirítear Halla an Chontae, oifigí agus iostaí an Cheantair Bhardasaigh agus.




Aire ag oscailt Doirin Alainn, Baile Uí Laigheanáin

**Fíor 6.3: Aois tithe i lár baile Phort Laoise i gcomparáid leis an Stát (CSO2016)**




**Foinse:** Siemens, 2021

## Lár-Ionad don Earnáil Phoiblí

Tá roinnt mhaith eagraíochtaí earnála poiblí i Lár Baile Phort Laoise, lena n-áirítear; FSS san ospidéal agus i gcampas N. Fionntán; 10 scoil; BOOLUF le hionaid breisoideachais agus oiliúna, DAFM, Teagasc, dhá phríosún agus Ionad Oideachais Laoise. Tá deiseanna ann do na heagraíochtaí seo tacú le gníomhaíochtaí sa Chrios Dícharbónaithe a sheachadadh.

**Fíor 6.4: Amlíne go dtí seo do Thionscadal Baile Ísealcharbóin Phort Laoise**

**AIB 2017** – Foilsíodh *2040 and Beyond: A Vision for Portlaoise*.

**DF 2017** – Bunaíodh Foireann Bhaile Phort Laoise faoin gCreat don Athnuachan Lár Bailte.

**FEA 2018** – Baile Phort Laoise aitheanta sa Phlean Tionscadal Éireann 2040 mar thionscnamh náisiúnta léirithe conas athnuachan uirbeach inbhuanaithe á tiomáint ag an bpobal a chur i bhfeidhm.

**MF 2019** – Bunaíodh Grúpa Feidhmithe Ísealcharbóin Phort Laoise.

**BEA 2019** – €3.3m Cistiú URDF do Cheathrú Chultúrtha nua agus an chéad Bhaile Ísealcharbóin in Éirinn.

**BEA 2019** – Chuaigh isteach i gCúnant na Méaraí.

**MEI 2019** – Shainaithin Gníomh 165c den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 Port Laoise mar Thionscadal Léirithe Náisiúnta ar Chriosanna Dícharbónaithe.

**EAN 2020** – €2m de chistiú REDF don Cube mar Scoth-Ionad Ísealcharbóin.

**MEI 2020** – SEC Phort Laoise 2040.

**MÁR 2021** – €9m URDF Glaoch 2: Port Laoise: Tionscadal déanta áite do Lár Baile Ísealcharbóin.

**MÁR 2021** – Staidéar ar Lorg Carbóin Phort Laoise foilsithe.

**SAM 2021** – Déanann Gníomh 80 den Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 forbairt CD a imeascadh leis na treoirlínte reachtúla do phleananna gníomhaithe aeráide na n-údarás áitiúil.

**BEA 2022** – Lógó Baile Ísealcharbóin Phort Laoise.

**FEA 2023** – Treoir PGAUA a réiteach ón Aire.

**MÁR 2023** – Osclaíodh an Cube.

**BEA 2023** – Cruinniú Tionscanta do Mháistir-Phlean Fuinnimh Phort Laoise.

# 6.5 Achoimre ar a bhfuil bainte amach i mBaile Ísealcharbóin Phort Laoise

**Le blianta beaga anuas, bhí Comhairle Contae Laoise ar thús cadhnaíochta maidir le réimse tionscnamh aistritheach, a léirigh tiomantas maidir le inbhuanaitheacht, inchónaitheacht agus stiúir thimpeallachta Phort Laoise a chur chun cinn.**

Tá macalla sa mhéid seo atá bainte amach ar chomhiarracht pobal beoga cónasctha a mhúnlú don ghlúin reatha agus na glúine atá le teacht. Is féidir an méid a baineadh amach go nuige seo a rangú mar seo a leanas: Gréasáin a Thógáil; Athghiniúint Uirbeach; Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe; Glasú na gCeantar Uirbeach agus An Cube: Scoth-Ionad Baile Ísealcharbóin. Tá tuilleadh mionsonraí faoi seo thíos.

## Gréasáin a Thógáil

Bhí na páirtíochtaí láidre le páirtithe leasmhara barrthábhachtach maidir le Tionscadal Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise agus tá dhá ghrúpa chomhoibritheacha bunaithe ag an leibhéal straitéiseach agus áitiúil:

Cuimsíonn ballraíocht *Ghrúpa Feidhmithe Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise* ionadaithe iomráiteacha ó na hearnálacha acadúla, fuinnimh, cúraim shláinte, miondíola agus iompair. Díríonn an grúpa páirtithe leasmhara seo ar dhúshláin feidhmithe agus aibhsíonn na hiarrachtaí inmholta atá déanta ag páirtithe leasmhara de chuid na háite. Sa tionscnamh seo, tá Port Laoise ina mhúnla don athnuachan uirbeach á tiomáint ag an bpobal.

Iarracht níos áitiúla atá i *bhFoireann Bhaile Phort Laoise*, agus í dírithe ar chur chuige chomhtháite chomhoibritheach i dtaca le hathnuachan lár an bhaile i bPort Laoise. Cuimsíonn an fhoireann seo ionadaithe ó earnálacha éagsúla, mar atá an gnó, miondíol, údarás áitiúil, lucht cónaí, fostaithe, oideachasóirí, gníomhú d'aosaigh, oidhreacht agus turasóireacht, Gardaí, eagraíochtaí carthanachta, grúpaí pobail agus polaiteoirí áitiúla.

## Athghiniúint Uirbeach

Tá seo dírithe ar iarfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh reatha chun an carbón neadaithe a laghdú ón nuathógáil agus athbheochan a dhéanamh ar lár an bhaile trí chuspóir nua a aimsiú d'fhoirgnimh. Bronnadh €12 milliún ó Chiste Forbartha na hAthghiniúna Uirbí in 2019, rud a bhí cinniúnach do thionscadal seo Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise, agus rinne cumasú ar na mianta móra a breacadh síos in 2040 and Beyond: A Vision for Portlaoise dul i bhfód. Tá athnuachan na seanfhoirgneamh folamh tar éis bheith mar chatalaíoch don athrú dearfach, i gcomhréir le gealltanais ísealcharbóin an bhaile. Le cúig bliana anuas, rinneadh claochlú i bPort Laoise ar roinnt láithreán tábhachtach folamh gan úsáid, lena n-áirítear:

- Leabharlann nua i lár na Príomh-Shráide, í ina mol cultúrtha.
- Athnuachan beartaithe ar an seanchlochar ar Ascaill na hEaglaise, athchruthaithe ina mbailte compordacha d'aosaigh.
- Aistriú an struchtúir ar Choc an Túir ina mhol nuálach ísealcharbóin, mar atá an Cube.
- Tithe nua tógtha ar Ionad na Braiche, a bhí folamh roimhe.
- Tithe cónaí agus áiseanna comaitéireachta mealltacha a chruthú gar do stáisiún iarnróid Phort Laoise.
- Athshamhlú ar sheandún Protector, le haghaidh oiliúint cheoil a óstáil agus féilte beoga allamuigh.



Seachtain na Rothaíochta

## Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Ba chuid lárnach iad modhanna inbhuanaithe gníomhacha iompair den aistear ag Port Laoise bheith ina bhaile ísealcharbóin. Léiríonn roinnt tionscnamh gealltanas an bhaile maidir le roghanna malartacha taistil nach dochar don timpeallacht iad:

- Crios Foghlama Rothaíochta i bPáirc an Phobail ina mhol don chultúr rothaíochta a chothú
- Bealach na Trióige, mar chonair easbhóthair don taisteal gníomhach trasna an bhaile.
- Bealach Rothaíochta ar Bhóthar Mhainistir Laoise a chuireann leis an idirnascacht do rothaithe.
- Cinntíonn an cosán chuig an Pháirc CLG go mbeidh rochtain níos sábháilte ar áiteanna tábhachtacha fóillíochta.
- Scéim timpeallán an Chuarbhóthair Theas agus a mhacasamhlacha ar Bhóthar na Buiríse.
- Staidéar Taistil Inbhuanaithe Scoile a fuair gur mhaith le scoláirí agus teaghlaigh taisteal go gníomhach ar an scoil i bPort Laoise agus bhéimnigh áiteanna gur féidir a leasú a chabhródh leo sin a dhéanamh níos minice.
- Scéim Taistil Ghníomhaigh R445 Bhóthar Mhaighean Rátha
- Scéim Taistil Ghníomhaigh ar Bhóthar na Buiríse agus uasghráduithe timpeallán ag meánscoileanna.

## Glasú na gCeantar Uirbeach

Tá iarracht chomhtháite déanta feabhsú a dhéanamh ar spásanna uirbeacha leis an dúlra, tar éis bheith mar chomhartha sóirt d'aistriú Phort Laoise ina spás glas beoga.



- Plean Gnímh don Bhithéagsúlacht a choimisiúnú ag Bailte Slachtmhara a aibhsíonn an gealltanas an dúlra áitiúil a chothú.
- Cuireadh 200,000 bleibín earraigh do phailneoirí ar na bóithre isteach sa bhaile, rud is cruthúnas sofheicthe ar ghlasú Phort Laoise.
- Cuireadh 10,000 crann go straitéiseach chun an clúdach glas a fheabhsú agus cuireann chomh maith glasú an cheantair uirbigh agus le gealltanais ísealcharbóin.
- Tá dul chun cinn déanta i dtaca le 9 gcinn de thimpealláin a bheidh fáilteach do phailneoirí mar thearmainn don bhithéagsúlacht.
- Tá úlloird Uirbeacha curtha atá mar spásanna comónta agus mar fhoinse bia áitiúil inbhuanaithe.
- An fhís fhorbraíochta do 'Dúiche Tyrell' ar Bhóthar an tSráidbhaile mar cheantar fóillíochta
- Ceithre cinn de Choillte Beata a chruthú ag bunscoileanna áitiúla
- Forbairt ar Gharraí Léiriúcháin Bithéagsúlachta ag Ionad Oideachais Laoise chun léiriú a dhéanamh ar smaointe inaistrithe is féidir a theagasc dóibh siúd a dhéanann freastal ar an ionad don oiliúint.




- Glasú nuálach ar Pháirc Uí Mhórdha atá tar éis é a aistriú ina staid ghlas, é mar chaighdeán ard d'ionaid spóirt nach dochar iad don timpeallacht.
- Fís an Chumainn Rugbaí maidir lena dtailte a fhorbairt ina n-áiseanna inbhuanaithe, ísealcharbóin spóirt a aibhsíonn gealltanas an phobail i dtaca le todhchaí níos glaise.
- Tá réimsí móra achar féir agus imeall bóithre sa bhaile agus cluain déanta de phlásóga/faichí iontu i ngeall ar athrú ar an gcóras lomtha féir.
- Tá boscaí curtha isteach do ghabhláin ghaoithe ag an leabharlann nua ar an bPríomh-Shráid, i gcomhpháirt le Birdwatch Ireland.
- Tionscadal bithéagsúlachta an Chuarbhóthair Theas inar cuireadh suas 40 chomhartha eolais éagsúla ar na mullaird le taobh an bhóthair agus cuaillí eolais breise in eastáit tithíochta.
- Rinneadh plean bainistíochta don fhéarach ar eiscir Maryborough chun a chinntiú go mbeadh meascán speisialta bithéagsúlachta ar an láthair seo amach anseo.

**Fíor 6.5: Íomhánna de Thionscadail Bhithéagsúlachta i bPort Laoise**



Crainn dúchasacha curtha i gCoill Mhinsí



Cluain faoi bhainistiú ar Bhóthar na Buiríse




Úllord pobail díobh siúd a chuir Bailte Slachtmhara Phort Laoise agus Comhairle Contae Laoise



Brící gabhlán gaoithe a cuireadh isteach sa leabharlann nua a bhuí le cuid oibre BirdWatch Ireland (craobh Laoise) agus Chomhairle Contae Laoise

**Foinse:** Plean Bithéagsúlachta Phort Laoise 2023-2028

## An Cube: Scoth-Ionad don Lár Baile Ísealcharbóin

Dhírigh tionscadal an Cube ar an inbhuanaitheacht a chothú agus mol feabhais ísealcharbóin a bhunú i lár an bhaile. Osclaíodh an t-ionad feabhais ísealcharbóin 10,000 troigh chearnach seo i Márta 2023 agus ionad é atá dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar ghníomhaíocht nua gnó agus gheilleagrach agus tacóidh sé le haistriú go geilleagar ísealcharbóin.

Tá an tsaoráid ísealcharbóin eiseamlárach seo ar an chéad cheann dá leithéid sa réigiún agus tá sé lonnaithe i gCeathrú Chultúir Phort Laoise. Tacóidh agus cothóidh sé forbairt na fiontraíochta agus na fostaíochta i Laois agus i gceantar Lár na Tíre.



An Cube, Port Laoise

# 6.6 Fairdeal Bonnlíne Astaíochtaí don Chrios Dícharbónaithe


## Staidéar Lorg Carbóin Phort Laoise

In 2019 d'fhostaigh comhairleoirí Siemens chun lorg carbóin bonnlíne Phort Laoise a shocrú agus deiseanna a fhiosrú maidir leis an lorg iomlán carbóin a laghdú.

Níor díríodh sa staidéar ach ar astaíochtaí ón tomhaltas díreach fuinnimh agus ní áirítear ann astaíochtaí tánaisteacha ó thomhaltas táirgí. Moladh réitigh áitiúla, agus tomhas ar thionchar na réiteach seo ar na hastaíochtaí féin.



**Fíor 6.6: Físghrafaic ó Staidéar Lorg Carbóin Phort Laoise**




**Foinse:** Siemens 2021




## Fairdeal Bonnlíne Astaíochtaí do CD Phort Laoise

D'fhostaigh Comhairle Contae Laoise KPMG Future Analytics chun Fairdeal Bonnlíne Chéim 3 (BEI) d'astaíochtaí gás ceaptha teasa don bhliain bhonnlíne 2018 do Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise de réir na riachtanas atá in Iarscríbhinn D: Criosanna Dícharbónaithe sna Treoirlínte PGAUA (Fíor 6.7).

Ba é 146,010 $tCO_2eq$ an bhonnlíne astaíochta gás ceaptha teasa do Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise in 2018, agus an Earnáil Iompair ba údar leis an gcéatadán is mó (39%) den astaíocht iomlán. Ar na hearnálacha mórastaíochta eile bhí Tithe Cónaí ar 27% agus an Earnáil Thráchtála agus Phoiblí ar 26% (Fíor 6.7). Tá an tuarascáil iomlán ar fáil in Iarscríbhinn 3E.

**Fíor 6.7: Astaíochtaí Iomlána Carbóin do Chríos Dícharbónaithe Phort Laoise de réir na hEarnála.**





| EARNÁIL | IOMLÁN $tCO_2e$ |
|---|---|
| Earnáil Thráchtála agus Phoiblí | 38,237 |
| Tithe Cónaí | 38,888 |
| Próisis na Tionsclaíochta | 3,053 |
| Talmhaíocht | 5,343 |
| Iompar | 57,941 |
| LULUCF | -521 |
| Dramhaíl | 3,069 |
| Iomlán | 146,010 |

**Foinse:** KPMG BEI DZ

## 6.7 Comhairliúchán le páirtithe leasmhara i dtaca le CD

Ar an 24 Bealtaine reáchtáladh Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí arna héascú ag Turley Consultants in Treo Nua mar chuid de shraith ceardlann pearsanta don PGAUA i gcomhar leis an Straitéis Forbartha Áitiúil agus an Plean Áitiúil Geilleagair agus Pobail mar atá breactha in 4.2. Rinne ealaíontóir taifead grafach ar an seisiún agus ar na mórthéamaí a tháinig ó na rannpháirtithe bhí an glasú, taisteal gníomhach, idirnascacht dhigiteach agus iompar poiblí (Fíor 6.8). Eagraíodh seisiúin bhreise chomhairliúcháin chun eolas agus léargas a bhailiú le haghaidh forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dícharbónaithe. I Meán Fómhair, tionóladh Grúpa Feidhmithe Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise agus, ar an 15 Meán Fómhair, reáchtáileadh seisiún eile réamhchomhairliúcháin, ina raibh gach uile cheann den seachtar fochoistí de chuid Fhoireann Bhaile Phort Laoise páirteach.

**Fíor 6.8: Taifead grafach den chomhairliúchán poiblí a rinne Turley Consultants don Phlean Gníomhaithe Aeráide Údarás Áitiúil, Bealtaine 2023, le hOisín McGann.**



# 6.8 Ráiteas Físe do Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise

**Seo a leanas ár bhfís do Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise:**

***"lóchrann inbhuanaitheachta a dhéanamh de bhaile beoga atá ag fás go tapa, ag feabhsú an tsaoil dá lucht cónaí agus oibrithe."***

Chun an fhís seo a sheachadadh, ní mór cur le héascú agus le inrochtaineacht don taisteal gníomhach, in éineacht leis an aistriú leanúnach ar spásanna uirbeacha tríd an dúlra a imeascadh le tírdhreach an bhaile mhóir. Leanfaidh an Chomhairle don chomhoibriú dlúth le páirtithe leasmhara agus le gnólachtaí chun an t-aistriú seo a thiomáint chun cinn.

Má bhíonn dúshraith láidir inchuimsitheachta, nuálaíocht, agus stiúrach comhshaoil, ní amháin go mbeidh treoir ag forbairt Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise ach leanfar freisin den chomhrá a chothú agus den teagmháil leis an dúshlán seo. Cuirfidh an chomhiarracht seo Port Laoise ar a bhealach chuig todhchaí atá athléimneach, glas agus rachmasach.

**Fíor 6.9: Lógó Baile Ísealcharbóin Phort Laoise**




# 6.9 Clár Deiseanna

**Gné faoi leith den CD is ea punann tionscadal agus gníomhaíochtaí a chur i dtoll a chéile a chabhróidh le seachadadh na spriocanna atá leagtha síos don úsáid fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.**

An 'Clár Deiseanna' a thugtar ar an bpunann seo. Ba chóir an Clár Deiseanna a úsáid chun réimsí tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha a cheapadh ba chóir a thosú nó a sheachadadh in imeacht an PGAUA a bhféadfaí laghdú astaíochtaí mór teacht leo.

Is é Grúpa Stiúrtha Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Laoise a chuir Clár Deiseanna Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise i dtoll a chéile. Tá néal focal an Chláir Deiseanna i bhFíor 6.10 agus léargas ann ar an réimse idirghabhálacha a moladh agus an méid a chuirfeadh siad le maolú na n-astaíochtaí sa Chrios Dícharbónaithe.

**Fíor 6.10: Néal Focal an Chláir Deiseanna**



# 6.10 Plean Gnímh don Chrios Dícharbónaithe

**De réir threoirlínte PGAUA, bhí ról lárnach ag an gClár Deiseanna maidir le sainaithint a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bheadh le cur i gcrích sa Chrios Dícharbónaithe in imeacht an Phlean Gníomhaithe Aeráide.**

Chomh maith leis sin, fuarthas aiseolas ó na réamhchomhairliúcháin a bhí mar bhonn eolais ag an bhforbairt ar na gníomhaíochtaí seo, rud a d'fhág go raibh ceithre réimse tosaíochta don Chrios Dícharbónaithe (CD) mar atá breactha thíos.

1 **Cumarsáid agus Rannpháirtíocht:** Cur leis an bhfeasacht faoi thionscnamh Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise agus an rannpháirtíocht níos leithne pobail a chur chun cinn trí fheidhm a thabhairt do straitéis chomhordaithe cumarsáide agus teagmhála.

2 **Port Laoise a ghlasú:** Baile i nGarraí a dhéanamh de Phort Laoise chun feabhsú a dhéanamh ar an spás poiblí agus caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht.



Imill lomtha agus Gan Lomadh do Phailneoirí

3 **Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe:** Éascaíocht a dhéanamh den aistriú modhach chun an taistil ghníomhaigh (e.g. siúl, rothaíocht) agus soghluaisteacht inbhuanaithe (e.g. iompar poiblí, Páirceáil agus Siúl, comhroinnt carranna) i bPort Laoise.

4 **Conairí Dícharbónaithe agus Geilleagar Ciorclach:** Conairí dícharbónaithe a aithint do Phort Laoise chun spriocanna 2030 a bhaint amach agus geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

Sa ranna a leanas tugtar mionsonraí breise ar na ceithre Réimse Tosaíochta Straitéiseacha do Chrios Dícharbónaithe Phort Laoise.



Timpeallán Chearnóg an Mhargaidh, Port Laoise

# Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a hAon: Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

### Cairt Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise

Sa chaoi gurbh fhusa teacht ar an eolas gréasáin atá ann faoi CD Phort Laoise, an príomh-mhodh chun an fheasacht faoin CD a thógáil ná cairt ar líne Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise. Tógfaidh seo teaghlaigh, gnólachtaí agus grúpaí pobail le chéile atá obair ar thionscadail inbhuanaithe nó a bhfuil rún acu sin a dhéanamh.

Tabharfar cuireadh don uile dhuine síniú a chur le cairt Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise agus bheith in éineacht le dreamanna ar an tuairim chéanna maidir le gealltanas a thabhairt i leith gníomhú dár n-aeráid. Gheobhaidh lucht a sínithe leagan de lógó Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise lena léiriú ina bhfuinneog (lógó arna dhearadh ag duine den phobal tar éis comórtais in 2022).

Seo thíos grúpaí féideartha d'iarrthóirí don chairt nua Baile Ísealcharbóin Phort Laoise.

| Grúpaí Pobail | Teaghlaigh agus Daoine Aonair | Gnólachtaí Móra agus GBManna | Gach scoil agus saoráid oideachais | Gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit |
|---|---|---|---|---|

Déanfar síntiúsóirí na Cairte faoi Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise a thaispeáint le cás-staidéir agus le físeáin ar an suíomh gréasáin. Beidh macasamhail dhigiteach na cairte ar fáil mar léarscáil idirghníomhach de na sínitiúsóirí.

**Fíor 6.11: Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a hAon: Cumarsáid agus Rannpháirtíocht**

### Gníomhaíochtaí CD

- Straitéisí bliantúla cumarsáide a bhunú, mar aon le feachtais agus uirlisí saindírithe, chun an pobal a dhéanamh gafa le gníomhú áitiúil ar son na haeráide.
- Leathanach gréasáin dílis a chruthú do Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise.
- Forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar Chairt PLCT a dhéanann léiriú ar shíntiúsóirí atá tiomanta don inbhuanaitheacht.
- An Tionscnamh 'Glas le Chéile' a sheoladh chun cleachtais inbhuanaithe a chothú le páirtíochtaí comhoibritheacha i measc comhlachtaí earnála poiblí i bPort Laoise.
- Cur chuige nuálaíochta córais a éascú chun an nuálaíocht a thiomáint san inbhuanaitheacht.
- Comharthaí agus Brandáil a chur i bhfeidhm chun ionadaíocht fhisiúil a dhéanamh ar ghealltanas an bhaile i leith na hinbhuanaitheachta.
- Eispéireas Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise a shaibhriú le clár ealaíne, rud a thabharfaidh beocht d'iarrachtaí glasa an bhaile.
- Cláir scoile a bhunú chun oiliúint agus oideachas gníomhach a chur ar fáil do scoláirí maidir leis an ngníomhú aeráide.
- Gníomhú ar son na haeráide a imeascadh i Straitéis 3 bliana Fhoireann Bhaile Phort Laoise le go mbeidh cur chuige comhtháite ann.
- Leanúint den éascaíocht a dhéanamh d'Fhoireann Bhaile Phort Laoise agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghrúpaí atá ag obair ar thionscadail éagsúla inbhuanaitheachta.
- Tionscadail oideachais agus feasachta a chur i bhfeidhm chun scileanna agus eolas a leasú, rud a éascóidh an t-aistriú go todhchaí áitiúil ísealcharbóin.

# Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta DZ a Dó: Port Laoise a Ghlasú

## Plean Gníomhaithe Bithéagsúlachta Phort Laoise 2023-2028

Tá lear mór gnáthóg shaibhir bhithéagsúlachta i mbaile Phort Laoise agus máguaird ar nós seanchlaíocha agus coillte, móinteach, aibhneacha agus a eiscir iomráiteach féin, Droim sin Maryborough. Tá sléibhte Bladhma faoi bhun na spéire ar thaobh thiar thuaidh an bhaile. Is ionaid mhórthábhachtacha oidhreachta nadúrtha iad seo uile idir náisiúnta agus idirnáisiúnta a thacaíonn le réimse leathan bithéagsúlachta sa cheantar.

## Feasacht a Thógáil ar 'Port Laoise – Baile i nGarraí'

Tá píolótú déanta ar 'Port Laoise – Baile i nGarraí' mar chuid de straitéis níos leithne fadtéarmaí cumarsáide don bhaile. An cuspóir ná pobal na háite agus cuairteoirí a chur ar an eolas faoi thionchar dearfach agus luach na spásanna glasa agus a mbainistiú laistigh den bhaile ó thaobh na bithéagsúlachta de, gníomhú aeráide, eolaíocht phobail agus folláine.

Seo a leanas cuid de na treoirphrionsabail atá sa chlár feasachta poiblí:

- luach a chur leis an mbaile seachas 'stuáil' e.g. 'an chuid is lú an chuid is fearr' mar chur chuige
- comhairliúchán le páirtithe leasmhara ar nós Chomhairle MD Phort Laoise, ardbhainistíocht, Cumann Gnó Laoise, Turasóireacht, Bailte Slachtmhara Phort Laoise, srl.
- rannpháirtíocht le gníomhaireacht ghairmiúil margaíochta/fógraíochta chun dearadh comharthaí a dhéanamh
- fógraí a dhéanamh inmhalartaithe chun an scéim a choinneáil úrnua, ábhartha agus eolasach
- ábhair ardcháilíochta a úsáid sa chomharthaíocht
- eolas/grafaicí atá simplí eolasach éifeachtach ag tarraingt aird an phobail agus inléite ag an trácht atá ag imeacht thart.

**Fíor 6.12: Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta DZ a Dó: Port Laoise a Ghlasú**

| Gníomhaíochtaí CD | |
|---|---|
| • An Plean Feidhmithe Bithéagsúlachta a chríochnú mar threoir do na hiarrachtaí caomhnaithe<br>• Straitéisí bainistithe crann a chur i bhfeidhm chun an clúdach crann a uasmhéadú sa cheantar le fócas ar chrainn dúchasacha a chur chun cinn; i bhfianaise na leochaileachtaí comhshaoil ar nós láithreán Eorpach agus bithéagsúlacht<br>• Leanúint den Chlár Timpealláin Fháilteacha do Phailneoirí mar thaca le pailneoirí áitiúla<br>• Garraí Léiriúcháin Bithéagsúlachta a bhunú ag Ionad Oideachais Laoise, mar léiriú ar réimse leathan tionscadal praiticiúil bithéagsúlachta agus pailneoirí, chun múinteoirí a spreagadh. | • Leanúint den bhainistiú ar Choillte Beaga i scoileanna áitiúla mar dheis oideachasúil do scoláirí teagmháil a dhéanamh leis an dúlra<br>• Feasacht a thógáil faoin tionscadal 'Baile i nGarraí' chun rannpháirtíocht a chothú sa phobal.<br>• Clár beochana a thabhairt isteach tríd na healaíona chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn le cruthaitheacht.<br>• Mapáil Páirtithe Leasmhara a dhéanamh chun sainaithint a dhéanamh ar pháirtithe agus comhoibrithe tábhachtacha.<br>• Tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí eile atá ag obair ar chláir feabhsaithe bithéagsúlachta<br>• Feabhsú a dhéanamh ar bhonneagar glas an bhaile mar thaca leis an mbithéagsúlacht. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt ar ghníomhaíochtaí de réir na riachtanas pleanála agus cosanta timpeallachta. |




Bus Rothaíochta Phort Laoise

# Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Trí: Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe

## Staidéar agus Taighde faoin Taisteal Gníomhach

Ó tosaíodh ar thionscadail Baile Ísealcharbóin Phort Laoise agus an Chreasa Dhícharbónaithe rinneadh roinnt staidéar faoin taisteal gníomhach agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Ba chabhair iad torthaí agus moltaí na staidéar seo i dtaca le forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta DZ a Trí: Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Tá eolas thíos ar na léargais is mór a fuarthas ó na staidéir seo.

## Staidéar 1: Taisteal Inbhuanaithe ar Scoil i bPort Laoise

In 2022 thug Comhairle Contae Laoise faoi thionscadal Taisteal Inbhuanaithe ar Scoil i bPort Laoise chun fiosrú a dhéanamh ar an eispéireas reatha maidir le dul ar scoil sa bhaile, agus moltaí a chruinniú ó scoláirí agus a dteaghlaigh maidir le feabhsúcháin a thacódh le turais ghníomhacha inbhuanaithe ar scoil. Léirigh torthaí an staidéir seo gur láidir an mian a bhí ag scoláirí taisteal ar scoil ar bhealaí gníomhacha ar nós siúil agus rothaíochta.

Léirigh an staidéar na constaicí ba mhór ag scoláirí:

- Ganntanas bonneagair shábháilte agus/nó iomchuí siúil agus rothaíochta i bPort Laoise
- Fad ón scoil (fíor nó braite)
- Aimsir
- Níltear muiníneach ar an rothar
- Sciorta a chaitheamh mar chuid den éide scoile


Léirigh na torthaí gur láidir an mian agus an cumas rothaíocht ar scoil. Tá moltaí móra seo thíos ó thuarascáil Taistil Inbhuanaithe Scoile Phort Laoise breactha thíos, agus iad beartaithe, ar siúl nó curtha i gcrích.

- Dearadh na Sráideanna Súgartha – ar siúl
- Ceamaraí rothair a sholáthar do Bhus Rothaíochta Phort Laoise – críochnaithe
- Feachtas Feasachta Meán Sóisialta e.g. aip Love to Cycle – ar siúl
- Comharthaí ama taistil don taisteal gníomhach – beartaithe
- ‘Páirc Rothaíocht a Fhoghlaim’ phoiblí a thógáil – críochnaithe
- Stáisiúin deisithe rothar le cur isteach – críochnaithe
- Oiliúint sa Deisiú Rothair – beartaithe
- Scéim Fruileadh Rothair i bPort Laoise – críochnaithe
- Turas staidéar Ambasáid Rothaíochta na hOllainne maidir le dea-chleachtas an bhonneagair rothaíochta – críochnaithe

## Staidéar 2: Cultúr na Rothaíochta i bPort Laoise

Thacaigh Comhairle Contae Laoise leis an staidéar 'Cultúr Rothaíochta a Chothú i bPort Laoise' a rinne an tIonad Taighde um Iompraíocht Sláintiúil, SETU Port Láirge (2022). Iarradh freagairtí ar shuirbhé pobail maidir le hiompraíocht reatha taistil, constaicí don rothaíocht agus feasacht agus tacaíocht ar thionscnaimh rothaíochta i bPort Laoise. Tá achoimre ar thorthaí suirbhé an phobail sa ghrafaic Fíor 6.13 agus bhí tacaíocht i gceist iontu ón bpobal ar athdháileadh an spáis bóthair don taisteal gníomhach, páirceáil shlán do rothair agus lánaí cosanta rothaíochta.

**Fíor 6.13: Grafaic a léiríonn Torthaí Suirbhé faoi 'Cultúr Rothaíochta a Chothú i bPort Laoise'**




**Foinse:** SETU Phort Láirge (2022)

## Staidéar 3: Crios Súgartha don Taisteal Gníomhach Scoile










I bhFeabhra 2023, thug Comhairle Contae Laoise conradh do 'A Playful City' chun seachadadh a dhéanamh ar chlár nuálach don taisteal gníomhach a chur chun cinn sa phobal. Sa tionscnamh seo bhí sé i gceist síneadh a chur leis an gcéad chuid de 'Bhealach na Trióige' a osclaíodh le gairid ó Pháirc an Phobail a fhad le ceantar Achadh an Chairn (Cuarbhóthar Theas go Céide Achadh an Chairn).

Tá cúig cinn de bhunscoileanna i gceantar Achadh an Chairn, lonnaithe ar dhá champas. Beidh an síneadh leis an gcuid seo ina 'sráid shúgartha' agus míreanna deartha ar chosáin agus ar feadh an bhealaigh chun conair idirghníomhach a chruthú a spreagfaidh an taisteal gníomhach ar scoil sa cheantar agus sa phobal níos leithne. Chun forbairt a dhéanamh ar na hidirghabhálacha, thug 'A Playful City' faoi theagmháil leathan phoiblí mar atá tugtha go hachomair thíos:

- Suirbhé Teaghlaigh agus Pobail ar líne agus Suirbhé don Aos Óg seolta chuig gach scoil den chúigear feadh an bhealaigh (agus breis agus 500 freagairt faighte ó scoláirí).
- Teagmháil trí théacs le seoladh de réir chóras teagmhála téacs scoileanna le tuistí, póstaeir feadh an bhealaigh agus scéilíní meán sóisialta chuig na scoileanna agus chuig Comhairle Contae Laoise.
- Ceardlann Óige le 24 scoláirí ó scoileanna an cheantair agus Ceardlann Tuistí.

Rinne 'A Playful City' tógáil ar na smaointe agus léargais a tháinig óna dteagmháil phobail agus rinne bailchríochnú ar sé cinn d'idirghabhálacha agus cuireadh isteach fréamhshamhail den uile cheann díobh i Meitheamh 2023.

- **Córas Páirceáil agus Siúil** – sraith fógraí spraíúla i gcarrchlóis ar fud Phort Laoise a léiríonn an t-am a thógann sé siúl nó dul ar rothar chuig an dá champas scoile.
- **'Gateway to Play'** – Geataí Spraoi deartha go hildaite ag an dá bhealach isteach sa Pháirc.
- **Bealach Aireach** – sraith fógraí spraíúla a chuireann an teagmháil aireach leis an dúlra chun cinn feadh an bhealaigh.
- **'The Wriggly Way'** – cuid nua den chosán arb iomaí cor atá ann is féidir le daoine óga a leanúint de shiúl na gcos nó ar rothar
- **Fiach Dubh na hImní** – sonóg a iarrann ar dhaoine óga a gcuid imní a fhágáil aige trí bhaint dá eite
- **Fógraí sábháilteachta páistí** – ar feadh codanna den bhealach a léiríonn conas a mhothaíonn rothaithe agus siúlóirí óga agus iad ag dul ar scoil chun tús a chur leis an scéal a athrú maidir leis an taisteal gníomhach, a aibhsíonn freagracht tiománaithe agus a fhágann go mothaíonn rothaithe agus coisithe slán sábháilte.

Cuirfidh Comhairle Contae Laoise isteach dearthaí deiridh de na bhfréamhshamhlacha seo (faoi réir ag an gcistiú bheith ar fáil) in 2024.

## Staidéar 4: Suirbhé faoi Phlean Iompair Áitiúil Phort Laoise

Tá Comhairle Contae Laoise ag réiteach Plean Iompair Áitiúil (LTP) do Phort Laoise. Oibríonn Pleananna Iompair Áitiúil lena léiriú conas is féidir le pleanáil ar an gcáilíocht is fearr, dearadh uirbeach, agus cur i bhfeidhm bailte a athnuachan agus tacú le lár bailte ísealcharbóin trí laghdú a dhéanamh ar thionchar carranna in áiteanna poiblí, laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus feabhsú a dhéanamh ar an meascán úsáide i lár an bhaile. Is amhlaidh chomh maith a chuirfidh Plean Iompair Áitiúil Phort Laoise feabhas ar inchónaitheacht na gceantar béal dorais.




Sa Tuarascáil ar an gCéim Réamhdhréachtach den Suirbhé (2023) i bPlean Iompair Áitiúil Phort Laoise ba iad seo a leanas na pointí ba thábhachtaí a d'aithin freagróirí sa suirbhé:

- Ganntanas seirbhíse bus – an riachtanas le seirbhísí breise bus mar nasc idir bailte agus ganntanas stadanna bus
- Imní faoi thrácht/luas feithiclí.
- Lánaí rothaíochta scartha/dílse agus lánaí rothar a chur isteach ag acomhail
- Cosáin – níltear ann áiteanna agus drochbhail orthu áiteanna eile
- Trasrianta níos Sábháilte
- Áiseanna Páirceáil agus Siúil/Rothar agus rothaíochta leasaithe gar do scoileanna na háite agus páirceáil mhídhleathach ar shráideanna


Tabharfaidh Plean Iompair Áitiúil Phort Laoise aghaidh ar tearcsholáthar bonneagair seo, agus é dlite dul amach chun comhairliúcháin phoiblí mar chuid den Phlean Ceantair Áitiúil faoi dheireadh 2023.



## Bealach na Trióige

Tá Comhairle Contae Laoise ag iarraidh an rothaíocht a chur chun cinn le cur chuige a chuimsíonn idir fheasacht agus fhorbairt bhonneagair i bPort Laoise. Tá gealltanas tugtha aici maidir le síneadh a dhéanamh ar bhealaí rothair bóthair agus easbhóthair, an idirnascacht a fheabhsú idir bealaí rothair agus an éascaíocht a dhéanamh don taisteal gníomhach ar fud an bhaile. Cheana féin tá Bealach na Trióige, Glasbhealach suntasach a théann tríd Pháirc an Phobail, ag dul chun sochair do pháistí atá ag dul ar scoil agus don phobal i gcoitinne. Tá forbairtí breise le cur isteach ar feadh an bhealaigh. Críochnaíodh Céim 1 in 2022 agus déanfar na codanna deireanacha a chríochnú le linn thréimhse an Phlean Gníomhaithe Aeráide seo (Fíor 6.14).

**Fíor 6.14: Léarscáil de Bhealach na Trióige**




**Is ionann an líne bhriste dhearg agus Céim 1 (críochnaithe 2022). Is ionann an líne ghlas agus céimeanna atá le críochnú in imeacht an Phlean Gníomhaíochta Aeráide seo.**

**Fíor 6.15: Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Trí: Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

## Gníomhaíochtaí CD

- Críos Spraíúil Taistil Ghníomhaigh ar Scoil a fhorbairt chun an chomaitéireacht shábháilteach ghníomhach a chur chun cinn.
- Comharthaí faoi Am Taistil a chur isteach chun eolas a chur ar fáil agus mar dhreasú do roghanna taistil ghníomhaigh.
- Oiliúint sa deisiú agus sa chothabháil rothar a chur ar fáil chun rothaithe a chumasú
- Scéim Fruileadh Rothar a thosú i bPort Laoise chun rochtain éasca ar rothair a chur ar fáil.
- Dul ar aghaidh le Céimeanna 2 agus 3 de thionscadal Bhealach na Trióige. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- An Clár Bealaí Sábháilte ar Scoil (SRTS) a chur i bhfeidhm i Maryborough.
- Líonra Taistil Scoile a cheapadh chun an taisteal sábháilte inbhuanaithe ar scoil a fheabhsú.
- Braiteoirí Tráchta agus Cáilíochta Aeir a chur isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí timpeallachta.
- An Plean Iompair Áitiúil a bhailchríochnú agus a chur i bhfeidhm chun an t-iompar a fheabhsú; Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chriosanna luais ar fud Phort Laoise ar mhaithe le sábháilteacht
- Leanúint den tacaíocht le Bus Rothaíochta Phort Laoise chun teaghlaigh a spreagadh dul ar rothair chuig na scoileanna.
- Bealaí nua rothar agus coise a aithint agus a thógáil, lena n-áirítear Tyrells-Br. na Buiríse-Br. Átha Cliath trí thailte FSS ag N. Fionntan, nasctha le Bóthar Block. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Tús áite a thabhairt do nascadh na mbealaí rothar atá ann le go mbeidh líonra cuimsitheach ann.
- Lánaí rothar faoi chosaint a chur ar fáil chun sábháilteacht na rothaithe a chinntiú. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Clár a fhorbairt maidir le huasghrádú na dtimpeallán, a thugann tús áite do choisithe agus do rothaithe seachas d'fheithiclí. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Feabhsú a dhéanamh ar bhonneagar busanna trí chríochfort bus a chruthú gona áiseanna bainteacha; cloífear le riachtanais pleanála agus cosanta comhshaoil, mar is cuí.
- Láithreáin ainmnithe páirceáil agus taisteal/ siúil a chruthú a bheidh nasctha le háiteanna fruilithe rothar. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Pointí luchtaithe EV agus moil soghluaisteachta a chur isteach ag an Stáisiún Traenach chun úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Éascaíocht a fheabhsú sna moil is mó, lena n-áirítear bealaí scoile, ceantair siopadóireachta, agus áiseanna.
- Eascaíocht a dhéanamh den nascacht idir eastáit tithíochta.
- Tacú le forbairt na bpointí luchtaithe EV ar fud an bhaile, leis an aird chuí ar riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil, mar is gnách, agus an toilleadh greille atá ar fáil
- Páirceail Rothar agus Stáisiúin Deisithe Rothar a chur isteach áit ar gá iad chun an rothaíocht a chur chun cinn.
- Críos Spraíúil Taistil Ghníomhaigh ar Scoil a fhorbairt chun an chomaitéireacht shábháilteach ghníomhach a chur chun cinn. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil.
- Comharthaí faoi Am Taistil a chur isteach chun eolas a chur ar fáil agus mar dhreasú do roghanna taistil ghníomhaigh.

# Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Ceathair: Conairí Dícharbónaithe agus Geilleagar Ciorclach

## Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe Phort Laoise 2040 agus Máistir-Phlean Fuinnimh

In 2023 d'fhostaigh Comhairle Contae Laoise KRA Renewables Consultancy chun tabhairt faoi Mháistir-Phlean Fuinnimh Phort Laoise (EMP) do Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Phort Laoise (SEC). Seo thíos achoimre de na mórmhíreanna atá i Máistir-Phlean Fuinnimh Phort Laoise:

- **Bonnlíne Fuinnimh**: forléargas cuimsitheach ar thomhaltas reatha fuinnimh an phobail, lena n-áirítear sonraí ó earnálacha cónaí, tráchtála, tionsclaíochta agus iompair, scartha de réir chineál an fhuinnimh agus na gcatagóirí úsáide.
- Rinneadh **iniúchtaí**, de réir SSEA, ar cheithre fhoirgneamh thábhachtacha pobail, chun béim a leagan ar dheiseanna don optamú fuinnimh: CLG Chluain Fhada, ollmhargadh SuperValu Mulhall, saoráidí Pháirtíocht Laoise agus Ionad Paróiste Phort Laoise.
- Déanfar fiosrú faoi na réitigh inghníomhaithe, agus breithniú ar a dtionchar féideartha ar mhíreanna sóisialta, eacnamúla agus timpeallachta. Bainfear úsáid as **Cárta Scóir Cothromaithe** chun luacháil agus rátáil a dhéanamh ar na réitigh seo, comhlánaithe ag Táscairí Feidhmíochta (KPIanna) le haghaidh tomhas a dhéanamh amach anseo faoin dul chun cinn agus éifeacht na ngníomhaíochtaí.
- **Cárta Scóir Cothromaithe agus Clár Deiseanna**: Bheadh an Cárta Scóir Cothromaithe ina Chlár Deiseanna beo. Déanfar an uirlis nua seo a dearadh go dílis do Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Phort Laoise.
- Beidh Straitéisí Athléimneachta ann mar **threochlár** d'fheidhmiú éifeachtach na réiteach a mholfaí ar fud an Mháistir-Phlean Fuinnimh.
- **Cásanna Inbhuanaitheachta**: Mar dhlúthchuid den treochlár do SEC Phort Laoise, cruthófar cásanna bunaithe ar ionchur ón gClár Deiseanna agus an Cárta Scóir Cothromaithe. Déanann na cásanna seo catagóiriú ar theicneolaíochtaí agus mholtaí, rud a chuireann cur chuige struchtúrtha ar fáil le haghaidh ár spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.
- **Treochlár Inbhuanaithe**: Cabhróidh an treochlár 10 mbliana inbhuanaithe le pobal éifeachtúil fuinnimh a bhaint amach a laghdóidh de shíor a chuid astaíochtaí carbóin. Tá na teicneolaíochtaí agus na coigiltis fuinnimh ar fad curtha ar fáil ina gcumasc bunaithe ar ord feidhmithe.
- **Anailís ar iarfheistiú**: Déanfar samhlú iarfheistithe ar an 4 chineáil tí is iomadúla i bPort Laoise, agus déanfar a ríomh cá fhad a bheidh de dhíth aisíoc a dhéanamh agus cén coigilteas carbóin a bheidh i gceist.
- Déanfar fiosrú faoina indéanta a bheidh an **Téamh Ceantair**.

## An CUBE

Cuireann an CUBE, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Laoise, deiseana oiliúna agus comhairliúcháin ar fáil le cabhrú le gnólachtaí agus grúpaí pobail ar a n-aistear dícharbónaithe, ag cabhrú le deiseanna cistithe agus tacaíochtaí oiliúna a shainaithint. Tá an CUBE ailínithe chomh maith le **Plean Forbartha Fiontraíochta Réigiúnach Lár na Tíre a fhad le 2024**, agus is páirtí leasmhar é i ngníomh barrthábhachtach de chuid an Phlean sin: 'Gníomhú ar son na hAeráide – Aistriú go geilleagar aeráidneodrach'. Laistigh den ghníomh seo, tá an CUBE sainaitheanta mar 'Chomhpháirtí Gníomhaíochta' chun cabhrú le forbairt agus ainmniú na gcriosanna dícharbónaithe agus tabhairt faoi bhearta idir oiriúnaithe agus maolaithe.

Tá an CUBE tógtha thart ar cheithre cholún:

- Cruthú Post
- Pleanáil agus Dearadh Uirbeach Ísealcharbóin
- Comhairliúchán agus Oiliúint Ísealcharbóin
- Goradh agus Taighde Gnólachtaí Nua-Thionscanta dírithe ar an Ísealcharbón

Tá an CUBE sainaitheanta chomh maith mar fhoinse dea-chleachtais agus foghlama do ghnólachtaí bia agus deochanna Lár Tíre.

**Fíor 6.16 Gníomhaíochtaí do Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Ceathair: Conairí Dícharbónaithe agus Geilleagar Ciorclach**

### Gníomhaíochtaí CD

- Máistir-Phlean a chríochnú mar threoir dár n-iarrachtaí dícharbónaithe
- Tacú le forbairt ar an CUBE mar mhol don nuálaíocht inbhuanaithe
- Triail a bhaint as Clinicí Fuinnimh sealadacha le haghaidh treoir a thabhairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh phearsanta
- Imeachtaí poiblí a phleanáil dírithe ar ghníomhú praiticiúil aeráide a chur chun cinn
- Cláir inbhuanaitheachta gnó a chur chun cinn i gcomhpháirt leis an Oifig Fiontraíochta Áitiúil (LEO).
- Comhoibriú a dhéanamh le Cumann Gnó Laoise chun tacaíocht agus abhcóideacht a thabhairt i leith tionscadal dícharbónaithe.
- Staidéar Indéantachta don Téamh Ceantair a dhéanamh, a fhiosróidh réitigh éifeachtúla don téamh, á chinntiú go mbeidh an aird chuí ar rialacha agus ar bhreithnithe pleanála agus cosanta timpeallachta.
- Taispeáint a dhéanamh ar ghnólachtaí agus eagraíochtaí atá freagrach maidir leis an timpeallacht sa phobal, mar eiseamláracha agus foinsí ionspioráide do chách.
- Moil oifige agus spásanna comhoibrithe a fhorbairt i bPort Laoise chun éascaíocht a dhéanamh den chianobair agus leis an gcomaitéireacht a laghdú.
- Uasghrádú le teicneolaíocht éifeachtúil fuinnimh LED a dhéanamh ar gach soilsiú poiblí.
- Cláir oiliúna a chur ar fáil do ghnólachtaí maidir le straitéisí dícharbónaithe.
- Leanúint den tacaíocht le Margadh na bhFeirmeoirí agus le táirgeoirí bia áitiúla a chinntíonn a bhfás inbhuanaithe agus a dtíolaice maidir lenár gcuspóirí comhshaoil.
- Uasmhéadú a dhéanamh ar an líon boscaí bruscair donna a chuirtear amach le dramhaíl orgánach tríd an rialú agus an bhfeasacht, rud a laghdóidh an dramhaíl orgánach sa líonadh talún agus astaíochta bainteacha GCT dá réir.
- Tacú le tionscnaimh Athúsáide agus Deisithe, rud a íoslaghdóidh an dramhaíl iomarcach agus a chuirfidh le caomhnú acmhainní.
- Feabhsú a dhéanamh ar inrochtaineacht na saoráidí athchúrsála ag Líonadh Talún Choillte Laoise.
- Fiosrú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh boscaí bruscair a chur isteach a bheadh dírithe ar an athchúrsáil, rud a d'fhágfadh go mbeadh an athchúrsáil níos áisiúla.




# 6.11 An Crios Dícharbónaithe a chur i bhFeidhm

**Is le tiomantas agus le hiarrachtaí réimsí páirtithe leasmhara amháin a thiocfaidh an Crios Dícharbónaithe faoi bhláth.**

Díreoidh Comhairle Contae Laoise ar ról ceannais a imirt maidir le héascaíocht a dhéanamh d'fheidhmiú na ngníomhaíochtaí agus comhordú a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha chun uaillmhian chomónta a chruthú agus comhaontú a thógáil maidir le deiseanna agus tosaíochtaí dícharbónaithe.

Ní mór bainistiú a dhéanamh ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí don Chrios Dícharbónaithe trí Chomhairle Contae Laoise leanúint dá cuid oibre leis an rannpháirtíocht leathan ag páirtithe leasmhara agus comhoibriú ilréimse ilghníomhaireachta. Cuimsíonn breithnithe na n-údarás áitiúil na réimsí a leanas agus iad i mbun creat a bhunú don fheidhmiú:




An Cube, Port Laoise

1 **Rialachas:** a chinntiú go mbunófar agus go héascófar na socruithe cuí maoirseachta agus rialachais, le béim ar an gcomhoibriú straitéiseach. Go nuige seo bhí Baile Ísealcharbóin Phort Laoise (PLCT) mar eiseamláir den chomhoibriú traseagraíochtúil, agus rannóga éagsúla de chuid Chomhairle Contae Laoise gafa leis.

2 **Comhoibriú Straitéiseach:** páirtíochtaí a chothú a thógann daoine le chéile ó earnálacha éagsúla, idir phoiblí, phríobháideach agus chathartha, chun dul i mbun comhoibrithe leis an údarás áitiúil, mar shampla Foireann Bhaile Phort Laoise agus Grúpa Feidhmithe Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise.

Is í an roinn cheannais, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, a chuirfidh gníomhaíochtaí an Chreasa Dhícharbónaithe i bhfeidhm.

**Fíor 6.17: Liosta Iomlán Gníomhaíochtaí CD**

## Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a hAon: Straitéis Cumarsáide agus Rannpháirtíochta

**Cuspóir: Cur leis an bhfeasacht faoi thionscnamh Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise agus an rannpháirtíocht níos leithne pobail a chur chun cinn.**

**Cuspóir bainteach le gníomhaíochtaí ón bpríomh-Phlean Gníomhaithe Aeráide: A2, A11, A15, A78, A79, A82, A83, A84, A85**

| Uimh. | Gníomhaíochtaí CD | M/A | KPI | Roinn Cheannais | Páirtithe | Am |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.1** | Straitéisí bliantúla cumarsáide a bhunú, mar aon le feachtais agus uirlisí saindírithe, chun an pobal a dhéanamh gafa le gníomhú áitiúil ar son na haeráide. | M | Plean críochnaithe | Gníomhú Aeráide | BSU | 2024-2029 |
| **1.2** | Leathanach gréasáin dílis a chruthú do Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise | M | Críochnaithe | Gníomhú Aeráide | IT | 2024 |
| **1.3** | Forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar Chairt PLCT a dhéanann léiriú ar shíntiúsóirí atá tiomanta don inbhuanaitheacht. | | | | | |
| **1.4** | An Tionscnamh 'Glas le Chéile' a sheoladh chun cleachtais inbhuanaithe a chothú le páirtíochtaí comhoibritheacha i measc comhlachtaí earnála poiblí i bPort Laoise. | M | Líon e-litreacha/ dáileadh | Gníomhú Aeráide | IT | 2024 |
| **1.5** | Cur chuige nuálaíochta córais a éascú chun an nuálaíocht a thiomáint san inbhuanaitheacht | M | Líon rannpháirtithe | Gníomhú Aeráide | | 2024 |
| **1.6** | Comharthaí agus Brandáil a chur i bhfeidhm chun ionadaíocht fhisiúil a dhéanamh ar ghealltanas an bhaile i leith na hinbhuanaitheachta. | M | Líon tionscnamh | BSU | Gníomhú Aeráide | 2024 |
| **1.7** | Eispéireas Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise a shaibhriú le clár ealaíne, rud a thabharfaidh beocht d'iarrachtaí glasa an bhaile. | M | Líon Ceardlann | Ealaíona/ Leabharlanna Laoise | | 2024-2029 |
| **1.8** | Cláir scoile a bhunú chun oiliúint agus oideachas gníomhach a chur ar fáil do scoláirí maidir leis an ngníomhú aeráide. | M | Líon mac léinn | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **1.9** | Gníomhú ar son na haeráide a imeascadh i Straitéis 3 bliana Fhoireann Bhaile Phort Laoise le go mbeidh cur chuige comhtháite ann. | M | Líon tionscnamh | Bóithre | Gníomhú Aeráide, LEO/ BSU, MD, Tionscnaimh, Taisteal Gníomhach | 2024-2026 |
| **1.10** | Leanúint den éascaíocht a dhéanamh d'Fhoireann Bhaile Phort Laoise agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghrúpaí atá ag obair ar thionscadail éagsúla inbhuanaitheachta. | M | Líon cruinnithe | Bóithre | Gníomhú Aeráide, LEO/ BSU, MD, Tionscnaimh, Taisteal Gníomhach | 2024-2026 |
| **1.11** | Tionscadail oideachais agus feasachta a chur i bhfeidhm chun scileanna agus eolas a leasú, rud a éascóidh an t-aistriú go todhchaí áitiúil ísealcharbóin. | M | Líon tionscnamh | Gníomhú Aeráide | LEO/ Cube | 2024-2029 |

## Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Dó: Port Laoise a Ghlasú

**Cuspóir: Baile i nGarraí a dhéanamh de Phort Laoise chun feabhsú a dhéanamh ar an spás poiblí agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabshú.**

**Cuspóir bainteach le gníomhaíochtaí ón bpríomh-Phlean Gníomhaithe Aeráide: A69, A71, A72, A73, A74, A75**

| Uimh. | Gníomhaíochtaí CD | M/A | KPI | Roinn Cheannais | Páirtithe | Am |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.1** | .An Plean Feidhmithe Bithéagsúlachta a chríochnú mar threoir do na hiarrachtaí caomhnaithe. | M+A | Plean críochnaithe | MD | Green Pine PTT | 2024 |
| **2.2** | Straitéisí bainistithe crann a chur i bhfeidhm chun an clúdach crann a uasmhéadú sa cheantar le fócas ar chrainn dúchasacha a chur chun cinn; i bhfianaise na leochaileachtaí comhshaoil ar nós láithreán Eorpach agus bithéagsúlacht | A | % de Chlúdach Crann | MD | | 2024-2029 |
| **2.3** | Leanúint den Chlár Timpeallláin Fháilteacha do Phailneoirí mar thaca le pailneoirí áitiúla | M | 9 dtimpeallán críochnaithe | MD | | 2024-2025 |
| **2.4** | Garraí Léiriúcháin Bithéagsúlachta a bhunú ag Ionad Oideachais Laoise, mar léiriú ar réimse leathan tionscadal praiticiúil bithéagsúlachta agus pailneoirí, chun múinteoirí a spreagadh. | M | Tionscnamh críochnaithe/ Líon cúrsaí/ Líon cód rochtana QR agus acmhainní | Gníomhú Aeráide | MD | 2024 |
| **2.5** | Leanúint den bhainistiú ar Choillte Beaga i scoileanna áitiúla mar dheis oideachasúil do scoláirí teagmháil a dhéanamh leis an dúlra | M | Líon Ceardlann | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **2.6** | Feasacht a thógáil faoin tionscadal 'Baile i nGarraí' chun rannpháirtíocht a chothú sa phobal. | M | Líon gníomhaíochtaí bolscaireachta | Gníomhú Aeráide | PTT, BSU, PTownT | 2024-2029 |
| **2.7** | Clár beochana a thabhairt isteach tríd na healaíona chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn le cruthaitheacht. | M | Líon tionscnamh | Ealaíona/ Leabharlanna Laoise | | 2024-2029 |
| **2.8** | Mapáil Páirtithe Leasmhara a dhéanamh chun sainaithint a dhéanamh ar pháirtithe agus comhoibrithe tábhachtacha. | M | Mapáil críochnaithe | Pobal | | 2024 |
| **2.9** | Tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí eile atá ag obair ar chláir feabhsaithe bithéagsúlachta | M | Líon tionscnamh | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **2.10** | Feabhsú a dhéanamh ar bhonneagar glas an bhaile mar thaca leis an mbithéagsúlacht. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt ar ghníomhaíochtaí de réir na riachtanas pleanála agus cosanta timpeallachta. | | Líon tionscnamh | Bóithre | MD | 2024-2029 |

| Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Trí: Taisteal Gníomhach agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir: Éascaíocht a dhéanamh don athrú chuig an taisteal gníomhach agus soghluaisteacht inbhuanaithe** | | | | | | |
| **Cuspóir bainteach le gníomhaíochtaí ón bpríomh-Phlean Gníomhaithe Aeráide: A30, A31, A32, A33, A41, A42, A43, A51, A55, A57, A58, A59, A60, A61, A80, A97, A100, A110** | | | | | | |
| **Uimh.** | **Gníomhaíochtaí CD** | **M/A** | **KPI** | **Roinn Cheannais** | **Páirtithe** | **Am** |
| **3.1** | Crios Spraíúil Taistil Ghníomhaigh ar Scoil a fhorbairt chun an chomaitéireacht shábháilteach ghníomhach a chur chun cinn. Déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Tionscnamh críochnaithe/ Líon beartas | Bóithre & Gníomhú Aeráide | | 2024 |
| **3.2** | Comharthaí faoi Am Taistil a chur isteach chun eolas a chur ar fáil agus mar dhreasú do roghanna taistil ghníomhaigh. | M | Líon comharthaí | Bóithre | | 2022-2025 |
| **3.3** | Oiliúint sa deisiú agus sa chothabháil rothar a chur ar fáil chun rothaithe a chumasú | M | Líon imeachtaí | Bóithre | | 2024-2029 |
| **3.4** | Scéim Fruileadh Rothar a thosú i bPort Laoise chun rochtain éasca ar rothair a chur ar fáil. | M | Tionscnamh críochnaithe / uaireanta úsáide | Oifig Tionscadal | | 2024 |
| **3.5** | Dul ar aghaidh le Céimeanna 2 agus 3 de thionscadal Bhealach na Trióige. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Céimeanna críochnaithe/ méadair chríochnaithe de bhealach na Trióige | Oifig Tionscadal | | 2024-2026 |
| **3.6** | An Clár Bealaí Sábháilte ar Scoil (SRTS) a chur i bhfeidhm i Maryborough. | M | Tionscnamh críochnaithe | Bóithre | | 2024 |
| **3.7** | Líonra Taistil Scoile a cheapadh chun an taisteal sábháilte inbhuanaithe ar scoil a fheabhsú. | M | Athrú modhanna na mac léinn | Bóithre | Gníomhú Aeráide | 2024-2026 |
| **3.8** | Braiteoirí Tráchta agus Cáilíochta Aeir a chur isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí timpeallachta. | M | Cur isteach déanta | Bóithre | Gníomhú Aeráide | 2024 |
| **3.9** | An Plean Iompair Áitiúil a bhailchríochnú agus a chur i bhfeidhm chun an t-iompar a fheabhsú; Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Bearta sa phlean curtha i bhfeidhm | Bóithre | | 2024 |
| **3.10** | Athbhreithniú a dhéanamh ar chriosanna luais ar fud Phort Laoise ar mhaithe le sábháilteacht | M | Líon Criosanna Luais 30km | Bóithre | | 2024 |
| **3.11** | Leanúint den tacaíocht le Bus Rothaíochta Phort Laoise chun teaghlaigh a spreagadh dul ar rothair chuig na scoileanna. | M | Líon rannpháirtithe | Gníomhú Aeráide | Bóithre | 2024 |
| **3.12** | Bealaí nua rothar agus coise a aithint agus a thógáil, lena n-áirítear Tyrells-Br. na Buiríse-Br. Átha Cliath trí thailte FSS ag N. Fionntan, nasctha le Bóthar Block. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Críochnaithe | Bóithre | | 2024-2029 |
| **3.13** | Tús áite a thabhairt do nascadh na mbealaí rothar atá ann le go mbeidh líonra cuimsitheach ann. | M | Líon tionscnamh críochnaithe | Bóithre | | 2024-2029 |

Ar leanúint >

| Uimh. | Gníomhaíochtaí CD | M/A | KPI | Roinn Cheannais | Páirtithe | Am |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.14** | Lánaí rothar faoi chosaint a chur ar fáil chun sábháilteacht na rothaithe a chinntiú. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Líon tionscnamh críochnaithe | Bóithre | | 2024-2029 |
| **3.15** | Clár a fhorbairt maidir le huasghrádú na dtimpeallán, a thugann tús áite do choisithe agus do rothaithe seachas d'fheithiclí. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Éascaíocht idir eastáit tithíochta | Bóithre | | 2024-2029 |
| **3.16** | Feabhsú a dhéanamh ar bhonneagar busanna trí chríochfort bus a chruthú gona áiseanna bainteacha; cloífear le riachtanais pleanála agus cosanta comhshaoil, mar is cuí. | M | Líon bealaí/ stadanna bus | Oifig Tionscadal | Bóithre | 2024-2029 |
| **3.17** | Láithreáin ainmnithe páirceáil agus taisteal/siúil a chruthú a bheidh nasctha le háiteanna fruilithe rothar. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Líon Páirceáil agus Siúil | Bóithre | | 2024-2029 |
| **3.18** | Pointí luchtaithe EV agus moil soghluaisteachta a chur isteach ag an Stáisiún Traenach chun úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn. Mar is gnách, déanfar aon fhorbairt i dtaca leis an ngníomh seo de réir na riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil. | M | Líon EV/ Tionscadal críochnaithe | Oifig Tionscadal | | 2024 |
| **3.19** | Éascaíocht a fheabhsú sna moil is mó, lena n-áirítear bealaí scoile, ceantair siopadóireachta, agus áiseanna. | M | Líon tionscnamh críochnaithe | Bóithre | | 2024-2029 |
| **3.20** | Eascaíocht a dhéanamh den nascacht idir eastáit tithíochta. | M | Éascaíocht idir eastáit tithíochta | Bóithre | | |
| **3.21** | Tacú le forbairt na bpointí luchtaithe EV ar fud an bhaile, leis an aird chuí ar riachtanas pleanála agus cosanta comhshaoil, mar is gnách, agus an toilleadh greille atá ar fáil | M | Pointí Luchtaithe EV | Oifig Tionscadal | | 2024-2029 |
| **3.22** | Páirceail Rothar agus Stáisiúin Deisithe Rothar a chur isteach áit ar gá iad chun an rothaíocht a chur chun cinn. | M | Líon Aonad | Oifig Tionscadal | | 2024 |

| Réimse Straitéiseach Tosaíochta CD a Ceathair: Conair Dhícharbónaithe agus Geilleagar Ciorclach | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir: Conairí dícharbónaithe a aithint do Phort Laoise chun spriocanna 2030 a bhaint amach agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn.** | | | | | | |
| **Cuspóir bainteach le gníomhaíochtaí ón bpríomh-Phlean Gníomhaithe Aeráide: A46, A 47, A 48, A49, A62, A 63, A 64, A65, A68, A81, A87, A88, A89, A90, A91, A92, A93, A94, A96, A99, A101, A102, A103, A104, A105, A106, A107, A108, A111** | | | | | | |
| **Uimh.** | **Gníomhaíochtaí CD** | **M/A** | **KPI** | **Roinn Cheannais** | **Páirtithe** | **Am** |
| **4.1** | Máistir-Phlean a chríochnú mar threoir dár n-iarrachtaí dícharbónaithe | M | Plean críochnaithe | Gníomhú Aeráide | | 2024 |
| **4.2** | Tacú le forbairt ar an CUBE mar mhol don nuálaíocht inbhuanaithe | M | Líon cúrsaí/ tionscnamh | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **4.3** | Triail a bhaint as Clinicí Fuinnimh sealadacha le haghaidh treoir a thabhairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh phearsanta | M | Líon daoine ag freastal | The Cube | | 2024 |
| **4.4** | Imeachtaí poiblí a phleanáil dírithe ar ghníomhú praiticiúil aeráide a chur chun cinn | M | Líon imeachtaí | Gníomhú Aeráide | Cube | 2024-2029 |
| **4.5** | Cláir inbhuanaitheachta gnó a chur chun cinn i gcomhpháirt leis an Oifig Fiontraíochta Áitiúil (LEO). | M | Líon gnólachtaí | LEO | | 2024-2029 |
| **4.6** | Comhoibriú a dhéanamh le Cumann Gnó Laoise chun tacaíocht agus abhcóideacht a thabhairt i leith tionscadal dícharbónaithe. | M | Líon imeachtaí | Gníomhú Aeráide | Cube, Cumann Gnó Laoise LEO | 2024-2029 |
| **4.7** | Staidéar Indéantachta don Téamh Ceantair a dhéanamh, a fhiosróidh réitigh éifeachtúla don téamh, á chinntiú go mbeidh an aird chuí ar rialacha agus ar bhreithnithe pleanála agus cosanta timpeallachta. | M | Líon staidéar | Gníomhú Aeráide | IPS, HSE, SEAI | 2024 |
| **4.8** | Taispeáint a dhéanamh ar ghnólachtaí agus eagraíochtaí atá freagrach maidir leis an timpeallacht sa phobal, mar eiseamláracha agus foinsí ionspioráide do chách. | M | Líon cás-staidéar/físeán | Gníomhú Aeráide | Cube | 2024-2029 |
| **4.9** | Moil oifige agus spásanna comhoibrithe a fhorbairt i bPort Laoise chun éascaíocht a dhéanamh den chianobair agus leis an gcomaitéireacht a laghdú. | M | Líon mol/ úsáideoirí | Moil Lár na Tíre | | 2024-2029 |
| **4.10** | Uasghrádú le teicneolaíocht éifeachtúil fuinnimh LED a dhéanamh ar gach soilsiú poiblí. | M | % d'uasghrádú | Bóithre | | 2024 |
| **4.11** | Cláir oiliúna a chur ar fáil do ghnólachtaí maidir le straitéisí dícharbónaithe. | M | Líon tionscnamh | Cube | LEO | 2024-2029 |
| **4.12** | Leanúint den tacaíocht le Margadh na bhFeirmeoirí agus le táirgeoirí bia áitiúla a chinntíonn a bhfás inbhuanaithe agus a dtíolaice maidir lenár gcuspóirí comhshaoil. | M | Líon trádálaithe | BSU | | 2024-2029 |
| **4.13** | Uasmhéadú a dhéanamh ar an líon boscaí bruscair donna a chuirtear amach le dramhaíl orgánach tríd an rialú agus an bhfeasacht, rud a laghdóidh an dramhaíl orgánach sa líonadh talún agus astaíochta bainteacha GCT dá réir. | M | Líon cigireachtaí/ ráta cur amach boscaí bruscair | Comhshaol | | 2024-2029 |
| **4.14** | Tacú le tionscnaimh Athúsáide agus Deisithe, rud a íoslaghdóidh an dramhaíl iomarcach agus a chuirfidh le caomhnú acmhainní. | M | Líon tionscnamh | Gníomhú Aeráide | | 2024-2029 |
| **4.15** | Feabhsú a dhéanamh ar inrochtaineacht na saoráidí athchúrsála ag Líonadh Talún Choillte Laoise. | M | Críochnaithe | Comhshaol | | 2024-2029 |
| **4.16** | Fiosrú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh boscaí bruscair a chur isteach a bheadh dírithe ar an athchúrsáil, rud a d'fhágfadh go mbeadh an athchúrsáil níos áisiúla. | M | Líon boscaí bruscair | MD | | 2024-2029 |

Tá earnáil na n-údarás áitiúil tar éis 'Gníomhú Aeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030' (DECA) a fhoilsiú cheana mar straitéis earnála chun seachadadh a dhéanamh i leith na Cairte Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta. Léirítear i bhFíor 6.18 cad é an t-ailíniú atá idir Gníomhaíochtaí an CD i bPlean Gníomhaithe Aeráide Chontae Laoise agus DECA.

**Fíor 6.18: Ailíniú idir Gníomhaíochtaí an CD i bPlean Gníomhaithe Aeráide Chontae Laoise le Cuspóirí Straitéiseacha Gníomhú Aeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030**

| Cuspóir DECA 1 | Cuspóir DECA 2 | Cuspóir DECA 3 |
|---|---|---|
| "Rialachas, ceannaireacht agus comhpháirtíocht a chothú don ghníomhú aeráide" | "Spriocanna astaíochta carbóin agus éifeachtúlachta fuinnimh do UA a bhaint amach do 2030 agus 2050" | "Seachadadh a dhéanamh maidir le hoiriúnú agus athléimneacht aeráide" |
| **Uimhir Ghníomhaíocht CD:-** | **Uimhir Ghníomhaíocht CD:-** | **Uimhir Ghníomhaíocht CD:-** |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 1:** 1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 1.9, 1.10. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 1:** 1.11. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 1:** 1.10. |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 2:** 2.4, 2.9. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 2:** 2.22. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 2:** 2.1, 2.2, 2.3, 2.4, 2.5 2.6, 2.10. |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 3:** na. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 3:** 3.1, 3.2, 3.5, 3.6, 3.7, 3.9, 3.10, 3.12, 3.13, 3.14, 3.15, 3.16, 3.17, 3.18, 3.19, 3.20, 3.21, 3.22. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 3:** na. |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 4:** 4.16. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 4:** 4.1, 4.2, 4.10. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 4:** na. |

| Cuspóir DECA 4 | Cuspóir DECA 5 | Cuspóir DECA 6 |
|---|---|---|
| "Gníomhú aeráide a ghríosú i bpobail áitiúla" | "Gníomhú aeráide a ghríosú san fhiontraíocht agus tacú le haistriú go geilleagar inchuimsitheach, glan-nialasach agus ciorclach" | " 'Aistriú cóir' a bhaint amach, go háirithe do phobail a d'fhéadfadh bheith buailte ag tionscadail dícharbónaithe" |
| **Uimhir Ghníomhaíocht CD:-** | **Uimhir Ghníomhaíocht CD:-** | **Uimhir Ghníomhaíocht CD:-** |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 1:** 1.1, 1.2, 1.4, 1.5, 1.6, 1.7, 1.8, 1.9, 1.10, 1.11. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 1:** 1.3, 1.9, 1.11. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 1:** na. |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 2:** 2.1, 2.5, 2.7. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 2:** 2.6, 2.8, 2.9, 2.10. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 2:** na. |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 3:** 3.15, 3.16, 3.17, 3.20. 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6, 3.7, 3.8, 3.11, 3.12, 3.13. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 3:** | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 3:** 3.12, 3.13, 3.14, 3.16, 3.17, 3.19, 3.22. |
| **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 4:** 4.1, 4.2, 4.3, 4.4, 4.7, 4.9, 4.13, 4.14, 4.15, 4.16. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 4:** 4.1, 4.2, 4.4, 4.5, 4.6, 4.8, 4.11, 4.12, 4.14. | **Réimse Straitéiseach Tosaíochta 4:** 4.3, 4.9, 4.15. |

# Pleanáil don Fheidhmiú 7




Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise

# 7 Pleanáil don Fheidhmiú

**Comhairle Contae Laoise a chuirfidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide i bhfeidhm. Cé go n-éilíonn an Plean go mbeadh cur chuige uile-Chomhairle ann, is í Rannóg na hAeráide agus an Phobail is úinéir don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.**

Bunófar Foireann Ghníomhaithe Aeráide laistigh de Chomhairle Contae Laoise. Ar an bhfoireann seo beidh Comhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide, Oifigeach Gníomhaithe Aeráide, Oifigeach Feasachta Timpeallachta, Oifigeach Bithéagsúlacht agus Oifigeach Gníomhaithe Aeráide Pobail. Is é ról na foirne seo an gníomhú aeráide a phríomhshruthú i gcuid gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Laoise, maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú ghníomhartha an Phlean Gníomhaithe Aeráide agus comhordú a dhéanamh ar thuairisciú agus ar luacháil an Phlean, tar éis do na Baill Thofa é a fhaomhadh.



Tá tacaíocht ag an Rannóg Ghníomhaithe Aeráide ón nGrúpa Stiúrtha Gníomhaithe Aeráide níos leithne; foireann thrasrannóige, ilréimse ar a bhfuil ionadaíocht ó na rannóga a leanas: Tithíocht, Pleanáil, Leabharlanna Laoise, Seirbhísí Dóiteáin, Comhshaol, Bóithre, Taisteal Gníomhach, Oifig na dTionscadal, Corparáideach, Pobal, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Uisce na Tuaithe, Ealaíona agus Oifig Fiontraíochta Áitiúil. Beidh an Rannóg Ghníomhaithe Aeráide mar phointe teagmhála ag an bpobal maidir le heolas a fháil i leith an ghníomhaithe aeráide sa Chontae.

Oibreoidh Comhairle Contae Laoise go comhoibritheach agus i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara mar thaca le soláthar an Phlean seo. Ar na páirtithe leasmhara seo tá na húdaráis áitiúla chomharsanachta, Tiobraid Árann, Cill Dara, Ceatharlach, Uíbh Fhailí, Cill Chainnigh, Oifig Réigiúnach Ghníomhaithe Aeráide an Oirthir agus Lár Tíre na hIarmhí, Gníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre, Grúpa Oiliúna Náisiúnta Seirbhísí Údarás Áitiúil, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, Gníomhaireacht Bhainistithe an Rialtais Áitiúil, Gníomhaireacht Bhainistithe Cathrach agus Contae, Gréasán Rannpháirtíochta an Phobail agus Comhairle na nÓg. As na páirtíochtaí seo tiocfaidh deiseanna comhoibrithe ar thionscadail, foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus dícheall a bhaint as deiseanna maoinithe chun gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaithe Aeráide a chur i bhfeidhm. Ní bhacann an t-athrú aeráide ag aon teorainn pholaitiúil ná thíreolaíochta – dúshlán trasteorann é. Mar sin, tá cur chuige réigiúnach comhaontaithe ag na húdaráis áitiúla i lár na tíre, faoina rachaidh siad i mbun comhoibrithe go dlúth maidir lena bPleananna Gníomhaithe Aeráide faoi seach a chur i bhfeidhm.

Tar éis Plean Gníomhaithe Aeráide Chomhairle Contae Laoise a fhaomhadh, déanfar Plean Feidhmithe a fhorbairt i leith na ngníomhaíochtaí, a leagfaidh amach na mionsonraí maidir le conas a dhéanfar na gníomhaíochtaí a sheachadadh, agus déanfar tagairt don roinn fhreagrach agus d'amscálaí. Déanfaidh Comhairle Contae Laoise ailíniú idir an tuairisciú inmheánach faoin bhfeidhmiú agus na riachtanais ar earnálacha maidir le tuairisciú faoi dhul chun cinn.

## 7.1 Cistiú agus Comhpháirtíochtaí

**Sa chaoi go mbeifear mar eiseamláir agus í ag tiomáint an athraithe chuig sochaí aeráidneodrach, beidh gá ag Comhairle Contae Laoise le cistiú leordhóthanach do na tionscadail ghníomhaithe aeráide chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach.**

Is féidir le húdaráis áitiúla teacht ar chineálacha éagsúla cistithe ar nós deontas rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus comhchistiú pobail. Aithnítear cé go mb'fhéidir go mbeadh glaonna saindírithe ar ghníomhú aeráide amach anseo, is amhlaidh go bhfuil na forais bhunaithe chistithe ag tabhairt isteach sruthanna cistithe do chatagóirí gníomhaithe aeráide, agus iad ceaptha sin a mhéadú. Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den lorg gníomhach ar dheiseanna nua agus reatha cistithe ó chomhlachtaí idir Eorpacha agus Náisiúnta atá ailínithe lena cuspóirí gníomhaithe aeráide.

Croíchuid iad chomh maith na comhpháirtíochtaí más fúinn ar gcuspóirí ísealcharbóin a bhaint amach. Spreagfaidh Comhairle Contae Laoise an comhoibriú agus déanfaidh éascaíocht dó leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil Tríú Leibhéil nuair is féidir. Má bhíonn an earnáil phríobháideach ag obair chomh maith ar na Spriocanna Aeráide Náisiúnta, ciallaíonn sin gur féidir le comhoibriú idir an rialtas áitiúil agus leasanna príobháideacha cur le cumas an dá earnáil maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teas agus cur leis an athléimneacht aeráide.

Tá buntáistí don dá dhream chomh maith sa chomhpháirtíocht idir an rialtas áitiúil agus an earnáil Tríú Leibhéil. Is féidir leis an earnáil Tríú Leibhéil saineolas taigdhe agus forbartha a chur ar fáil a chabhróidh le húdaráis áitiúla forbairt, tástáil agus feidhmiú a dhéanamh ar réitigh nuálacha a laghdóidh astaíochtaí gás ceaptha teasa, oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht a fheabhsú. Is féidir leis na páirtíochtaí seo chomh maith cabhrú le húdaráis áitiúla teacht ar dheiseanna cistithe do thionscadail gníomhaithe ar son na haeráide.

## 7.2 Dul chun cinn a rianú le Táscairí Feidhmíochta

**Leanfar den rianú ar fheidhmíocht Chomhairle Contae Laoise maidir le seachadadh na laghduithe astaíochtaí agus na héifeachtúlachta fuinnimh i dtaca le sócmhainní agus bonneagar na Comhairle, mar atá sainordaithe ag oibleagáidí náisiúnta aeráide, leis an gcóras bunaithe Monatóireacht agus Tuairiscithe (M&R) atá faoi bhainistiú Údaras Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI).**

Maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh de seo, tá Táscairí Feidhmíochtaí Earnála (KPIanna) ar na slite atá ag Comhairle Contae Laoise chun cumarsáid a dhéanamh i leith an dul chun cinn ar na gníomhaíochtaí a sheachadadh. Bíonn seo mar bhonn eolais d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú aeráide.

Ó neartaíodh an beartas gníomhaithe aeráide ag an leibhéal náisiúnta bhí freagairt agus gealltanas daingean ó earnáil an rialtais áitiúil. Tá an gealltanas seo leagtha amach i Straitéis an Chumainn Bhainistithe Contae agus Cathrach (CCMA) ar son an rialtais áitiúil, ar a dtugtar '**Gníomhú Aeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030**'.

Breithniú tábhachtach don earnáil rialtais áitiúil maidir lena ról neartaithe sa ghníomhú aeráide is ea an fhreagracht, agus go háirithe a cumas rianú, tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gníomhú aeráide éifeachtach a sheachadadh. Ón taobh seo de, beidh ról tábhachtach i gcónaí ag KPIanna.

Is amhlaidh a bhailíonn na hOifigí Réigiúnacha Gníomhaithe Aeráide (CARO) in éineacht leis an nGníomhaireacht Bhainistithe Rialtais Áitiúil (LGMA) sonraí ar bhonn bliantúil maidir le réimse téamaí:

- Acmhainní gníomhaithe aeráide
- Oiliúint sa Ghníomhú Aeráide d'fhoireann údarás áitiúil agus baill thofa
- Gníomhaíochtaí a seachadadh
- Tacaíocht fiontraíochta i réimse an ghníomhaithe aeráide
- Éifeachtúlacht fuinnimh
- Laghduithe astaíochtaí
- Bearta taistil ghníomhaigh
- Freagairt don adhaimsir

Cuirfear KPIanna leis an líon sin de réir mar is gá leis an earnáil agus cuirfidh Comhairle Contae Laoise faisnéis ábhartha ar fáil mar is riachtanach, chun cabhrú le haibhsiú a dhéanamh ar dhul chun cinn na hearnála rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú aeráide.

# 7.3 Riachtanais agus Socruithe don Tuairisciú

## Tuairisciú Inmheánach

Lena chinntiú go mbeidh seachadadh tráthúil ann, déanfar monatóireacht ar an bPlean Gníomhaithe Aeráide le córas rianaithe laistigh. Déanfaidh an t-údarás áitiúil éascaíocht chomh maith den tuairisciú do bhaill tofa leis na tuairiscí bainistíochta ag cruinnithe Comhairle agus uasdátuithe ráithiúla don Choiste Beartais Straitéisigh Gníomhaithe Aeráide agus Pobail. (SPC).

## Córas Maoirseachta agus Tuairiscithe (M&R)

Leanfaidh Comhairle Contae Laoise den tuairisciú faoina spriocanna feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí ar bhonn bliantúil leis an SEAI leis an gcóras bunaithe Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R).

## Feidhmíocht Earnála

Déanfaidh Comhairle Contae Laoise tuairisciú bliantúil ar a feidhmíocht i dtaca le gníomhú aeráide le KPIanna (mar a breacadh i Roinn 7.2) mar eolas d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú aeráide, mar chuid de Straitéis DECA 2030 an rialtais áitiúil.

## Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Náisiúnta

I gcomhréir le cuid 3(w) de Chairt Ghníomhaithe Aeráide an Rialtais Aitiúil, déanfaidh Comhairle Contae Laoise tuairisciú ráithiúil don Roinn Chumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le dul chun cinn na ngníomhaíochtaí aeráide ag an leibhéal áitiúil. Déanfar tuairisciú i leith na ngníomhaíochtaí ar fad le huirlis tuairiscithe a dhéanfaidh na Oifigí Réigiúnacha Gníomhaithe Aeráide (CARO) a fhorbairt.

## Cúnant na Méaraí

Síntiúsóir í Comhairle Contae Laoise le Cúnant na Méaraí don Aeráid agus Fuinneamh. Tar éis an Plean Gníomhaithe Aeráide seo a fhaomhadh, tá Comhairle Contae Laoise geallta lena chur i gcrích, agus le monatóireacht a dhéanamh ar Phlean Fuinnimh Inbhuanaithe agus Gníomhaithe Aeráide (PGAUA) de réir riachtanas Chúnant na Méaraí.

## Liosta Aguisíní

Tá na cáipéisí a leanas, mar thacaíocht le Plean Gníomhaithe Aeráide Chontae Laoise 2024-2029 ar fáil ag https://laois.ie

| | |
|---|---|
| Aguisín A: | Beartas agus Comhthéacs |
| Aguisín B: | Réamh-Chomhairliúchán |
| Aguisín C: | Tuarascáil Réamhchomhairliúcháin PGAUA Turley |
| Aguisín D: | Taifid Ghrafacha ar Cheardlanna Réamh-Chomhairliúcháin |
| Aguisín E: | Bonn Fianaise |
| Aguisín F: | Tuarascáil Chontae BEI do Chontae Laoise |
| Aguisín G: | Sonraí LOS faoi Úsáid Breosla Chomhairle Contae Laoise |
| Aguisín Ha: | Measúnú Riosca an Athraithe Aeráide do Chontae Laoise |
| Aguisín Hb: | Tuarascáil Anailíse ar Fhairdeal Bonnlíne Astaíochtaí Chrios Dícharbónaithe Laoise |
| Aguisín Hc: | Staidéar Lorg Carbóin Phort Laoise Siemens |
| Aguisín I: | Tuarascáil Pathfinder do Chomhairle Contae Laoise |
| Aguisín J: | Sleachta Gníomhaithe Aeráide ón bPlean Forbartha Contae |
| Aguisín K: | Sleachta Gníomhaithe Aeráide ón Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta |

## Grianghrafadóirí

- Alf Harvey
- Denis Byrne
- Con Murphy
- Emer O'Brien
- L & L Photography
- Michael Scully
- Nathan Booth
- Pat Guilfoyle
- Terry Smeaton
- Nathan Booth
- Vincent Booth

**Buíochas as na grianghraif:**

- Bailte Slachtmhara Phort Laoise
- Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise
- Bailte Slachtmhara Mhaighean Rátha
- Bailte Slachtmhara Chamrois



Cúil a' tSúdaire

Gníomhú Aeráide
COMHAIRLE CONTAE LAOISE

I bpáirt leis an bpobal

Comhairle Contae Laoise
Áras an Chontae,
JFL Ave.,
Portlaoise,
Co. Laois
R32 EHP9

Teil: (057) 86 64000

www.laois.ie